## Grúpa Comhairleach ar
### Fhorbairt Straitéiseach

# An Iar-Bhunscolaíocht trí Mheán na Gaeilge



**CLÁR**


| Rannán | Ábhar | Lch |
|---|---|---|
| | **Réamhrá an Chathaoirligh** | **5** |
| **1** | **An Tasc** | **7** |
| **2** | **Modheolaíocht** | **10** |
| **3** | **An Comhthéacs** | **11** |
| 4 | **Achoimre ar Mholtaí** | **13** |
| **5** | **Teangacha Ceilteacha Eile agus an tOideachas** | **22** |
| **6** | **An Ghaeilge i dTuaisceart Éireann** | **26** |
| | **Déimeagrafaíocht** | |
| | **Reachtaíocht** | |
| **7** | **An Ghaelscolaíocht i dTuaisceart Éireann** | **29** |
| | **Intreoir** | **29** |
| | **Reachtaíocht** | **29** |
| | **Polasaí RO** | **30** |
| | ***Creat Teidlíochta*** | |
| | **Soláthar Reatha san Earnáil GS** | **30** |
| | ***Staitisticí*** | |
| | **Soláthar Reatha san Earnáil GS ag Leibhéal na hIar-Bhunscolaíochta** | **31** |
| | ***Cónascadh*** | |
| | ***Tumoideachas*** | |
| | ***Rialachas agus maoiniú*** | |
| | **Comparáid le PÉ** | **32** |
| | **Soláthar Féideartha Amach Anseo san Earnáil GS ag Leibhéal na hIar-Bhunscolaíochta** | **33** |
| | ***Suíomh agus Inrochtaineacht*** | |
| | ***An Dún Thoir – Ceantar 1*** | |
| | ***Aontroim Thuaidh – Ceantar 2*** | |
| | ***Doire Thiar Thuaidh/ Tír Eoghain Thiar – Ceantar 3*** | |
| | ***Doire Theas/Lár Uladh – Ceantar 4*** | |
| | ***Ard Mhacha/An Dún Theas – Ceantar 5*** | |
| | ***Tír Eoghain Thoir – Ceantar 6*** | |
| | ***Fear Manach/ Tír Eoghain Theas – Ceantar 7*** | |
| | ***Béal Feirste/ Aontroim Theas - Ceantar 8*** | |
| | **Maoiniú** | **42** |
| | ***Staid Ghinearálta Airgeadais*** | |
| | ***Socruithe reatha*** | |

8 Fianaise ó pháirtithe leasmhara 43
Tuismitheoirí 43
Múinteoirí 43
Fócas-Ghrúpaí 44
Ceisteanna Thuaidh/Theas 45

9 An Ghaelscolaíocht i dTuaisceart Éireann – An Bealach chun Cinn agus Moltaí 47
Intreoir 47
Pleanáil Straitéiseach 47
Léiriú Intinne RO ar an Ghaelscolaíocht 49
Moltaí agus Prótacail Forbartha 50
Treochtaí réamh-mheasta rollúcháin agus ceisteanna inbhuanaitheachta 53
Cineálacha comhoibrithe amach anseo le comhghleacaithe Ceilteacha 53
Samhlacha agus Tumoideachas 54
*Téarmaíocht agus ceisteanna sainmhíniúcháin*
*Ceisteanna rialachais agus maoiniúcháin*
Conair Soláthar GS: Impleachtaí 57
*Samhlacha: Aonaid de réir Maoiniúcháin/Leibhéil*
*Tumoideachais/Rialachais*
*Achoimre*
*Buiséad Claochlaithe*
*Féidearthachtaí réamh-thumtha le líon iontrála a mhéadú* 60
Cineálacha Féideartha eile Soláthair
*Bogadh ó GS go Soláthar Béarla*
*Aonad Béarla*
*Soláthar Iargúlta*
*Scoileanna Cónaithe*
*Cúrsaí Trasteorann* 61
Iompar 61
Ceantair shainiúla
*Cathair Dhoire*
*Doire Theas*
*Fear Manach* 63
Tosca a chuireann srian ar fhorbairt
*Soláthar múinteoirí*
*Leibhéil tumoideachais agus soláthar múinteoirí*
*Cur chun cinn na Gaeilge in earnáil an Bhéarla mar*
*chúnamh do GS Acmhainní*
*TFC*
Comhthéacs Maoiniúcháin do GS feasta 69
*Impleachtaí Thuarascáil Salisbury*
*Pointí intreorach*
Réasúnaíocht
Roghanna
Breithmheas Eacnamaíochta (BE)

10 Fís don Ghaelscolaíocht sna Blianta atá Romhainn 74

| | | | |
|---|---|---|---|
| **11** | **Liosta Giorrúchán** | | **75** |
| **12** | **Aguisíní** | | |
| | **Aguisín 1** | **Croípháirtithe Leasmhara** | **79** |
| | **Aguisín 2** | **Ceistneoirí Tuismitheoirí** | **81** |
| | **Aguisín 3** | **Teangacha Ceilteacha** | **91** |
| | **Aguisín 4** | **LGDanna** | **96** |
| | **Aguisín 5** | **Comhthéacs Dlí na Gaeilge in TÉ** | **97** |
| | **Aguisín 6** | **PÉ–Socruithe Nua pátrúnachta in iar-bhunscoileanna nua** | **104** |
| | **Aguisín 7** | **Ceisteanna ó idirghníomhú Fócas-Ghrúpa agus aighneachtaí scríofa** | **107** |
| | **Aguisín 8** | **Rátaí féideartha aistrithe bunaithe ar líon iontrála** | **109** |

## Réamhrá an Chathaoirligh

Bhunaigh an tAire Oideachais, John O'Dowd, CTR, an **Grúpa Comhairleach ar Fhorbairt Straitéiseach na hIar-Bhunscolaíochta trí Mheán na Gaeilge** i Lúnasa 2013 agus d'fhreastail ar an chéad chruinniú ar an 3ú Meán Fómhair 2013.

Agus é ag dul i mbun an taisc a tugadh dó, leag an Grúpa amach a fhís fhoriomlán d'earnáil na Gaelscolaíochta agus ceapadh roinnt prionsabal leis an phlé a threorú i dtreo moltaí. Bhíothas den tuairim fosta gurbh úsáideach an uirlis í sainmhíniúcháin shoiléire aontaithe ar roinnt buntéarmaí.

Ghlac gach ball páirt ghníomhach in obair an Ghrúpa agus i réiteach na tuarascála. Fuair an Grúpa cuidiú mór chomh maith ó oifigigh de chuid na Roinne Oideachais, idir an rúnaíocht éifeachtach, chuidiúil a cuireadh ar fáil agus na seisiúin faisnéise a eagraíodh le brainsí éagsúla polasaí. Sa chomhthéacs seo, tá buíochas le gabháil le baill den chéad rúnaíocht (Margaret Ann Corbett agus Pamela McCormick) agus le David Cully níos moille; le Lorraine Finlay, Ceann Foirne Polasaí Pleanáil Cheantair a thug treoir an-úsáideach i gcónaí agus le Andrena Murray nach féidir a luach a chur ar a cuid scileanna sintéise agus cruinnis de réir mar a chuaigh an obair chun cinn. Bhí d'ádh ar an Ghrúpa go raibh ionchur suirbhéanna a rinneadh cheana ar aghaidh láimhe acu, go háirithe Tuarascáil an Athbhreithnithe ar an Ghaelscolaíocht 2009.

Bhí baill an ghrúpa an-fheasach i rith ama faoi fhréamhacha na Gaelscolaíochta maidir le mianta phobal na Gaeilge agus go háirithe mianta tuismitheoirí ar mian leo go mbeadh oideachas trí mheán na Gaeilge ag a gcuid páistí. Bhí an-mheas acu fosta ar rath na n-iarrachtaí deonacha seo mar a léirítear iad trí fhás earnáil na Gaelscolaíochta le blianta anuas agus tacaíocht polasaí oifigiúil aici.

Chuaigh leibhéal an tiomantais phaiseanta agus an tuairimíocht anailíseach, a raibh bonn eolais fúithi, a léirigh gach duine a bhí páirteach sa bheart bailithe fianaise i gcion go mór ar an Ghrúpa. Thug go leor acu páipéir faisnéise nó litreacha míniúcháin ina dhiaidh sin.

Mar chóras tumoideachais, is gné uathúil den oideachas i dTuaisceart Éireann í an GS, gné a roinneann sí le teangacha Ceilteacha eile agus a bhfuil a macasamhail le fáil sa chomhthéacs idirnáisiúnta.

Is ceist í atá le breithniú i bhfiontar ar bith a bhfuil borradh faoi ná an t-idiroibriú idir an comhdhlúthú agus an fhorbairt. Tá an dá chuid de dhíth i réimse an oideachais agus d'fhéadfaí gurbh fhearr a chuirfí in iúl iad trí leanúnachas taobh istigh agus síos trí leibhéil éagsúla an chórais oideachais. Feictear leanúnachas taobh istigh de leibhéil i bhforbairt chiallmhar institiúidí Gaelscolaíochta le cois dáileadh geografach an tsoláthair chuí. Feictear leanúnachas síos trí na leibhéil san fhéidearthacht go mbeadh rochtain gan stad ag tuismitheoirí agus daltaí ó réamhscolaíocht go bunscolaíocht go hiar-bhunscolaíocht.

Faoi láthair, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an soláthar Gaelscolaíochta ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta tearcfhorbartha, go háirithe i bhfianaise na forbartha ag na leibhéil roimhe.

D’fhéadfaí a mhaíomh fosta gur ar na mallaibh a thosaigh an fhorbairt i ndiaidh leibhéal na bunscolaíochta agus í, dáiríre, píosa maith ar a cúl.
Mar sin féin, caithfear a shonrú go bhfuil ag éirí leis an soláthar reatha agus go bhfuil sé ag forbairt go sásúil d’ainneoin deacrachtaí. Táimid uile i lár tréimhse chlaochlaitheach i mórearnáil an oideachais, bíodh sé i dtreochtaí déimeagrafaíochta agus na struchtúir a eascróidh astu nó i gclaochluithe oideachais ar mó baint acu le cúrsaí curaclaim. Is léir, má tá rath i ndán do leibhéal na hiar-bhunscolaíochta mar chuid bheoga den mhórearnáil GS, go mbeidh cineálacha éagsúla, cuimsitheacha, leanúnacha tacaíochta de dhíth uirthi san am atá le teacht. Is í an Ghaelscolaíocht, inti féin, an earnáil is gasta fás faoi láthair agus nuair a chuirtear an fíoras sin leis na tosca comhthéacsúla eile seo, is cosúil gur deis ar leith é an t-am i láthair faoi choinne ceannasaíochta agus forbartha ar dhóigh straitéiseach chomhleanúnach. Tá súil againne mar Ghrúpa Comhairleach, go gcuirfidh ár moltaí leis an fhorbairt sin. Ba mhór an phribhléid é gur iarradh orainn bheith páirteach i dtionscadal chomh fiúntach seo. Ritheann focail fhile mór Dhoire, Séamus Heaney, liom:

> *“Not to learn Irish is to miss the opportunity of understanding what life in this country has meant and could mean in a better future.  It is to cut oneself off from ways of being at home.  If we regard self-understanding, mutual understanding, imaginative enhancement, cultural diversity and a tolerant political atmosphere as desirable attainments, we should remember that a knowledge of the Irish language is an essential element in their realisation.”*

Helen Ó Murchú
Cathaoirleach
Grúpa Comhairleach ar Fhorbairt Straitéiseach na hIar-Bhunscolaíochta trí Mheán na Gaeilge
Márta 2014

## (1) An Tasc

D’aithin an tAire go raibh bearna ann faoi láthair i bhforbairt straitéiseach an tsoláthair iar-bhunscolaíochta i dtuaisceart na hÉireann. Mar iarracht leis an bhearna sin a iamh bhunaigh sé an Grúpa Comhairleach agus choimisiúnaigh an obair seo.

Ba é tasc an Ghrúpa Chomhairligh an leibhéal éilimh ar sholáthar Gaeloideachas iar-bhunscolaíochta a bhreathnú agus a machnamh a dhéanamh ar an dóigh is fearr le riar air. Chuige seo, d’iarr an tAire ar an Ghrúpa Chomhairleach a mheas fosta mar is féidir Gaeloideachas iar-bhunscolaíochta inmharthana, inbhuanaithe, ardchaighdeáin a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí agus a bhfuil muinín ag tuismitheoirí as.

## Téarmaí Tagartha

Leag an tAire amach na paraiméadair do thasc an Ghrúpa Chomhairligh sna Téarmaí Tagartha. D’aontaigh an Grúpa go hiomlán leo. Ba iad seo a leanas na Téarmaí Tagartha:

**Tús Áite do Dhaltaí : Ár dTodhchaí a Mhúnlú**

**Iar-bhunscolaíocht Inbhuanaithe trí Mheán na Gaeilge a Fhorbairt**

**Comhthéacs**

Tá earnálacha na réamhscolaíochta agus na bunscolaíochta Gaeilge ag fás le blianta beaga anuas agus tá anois 3,055 dalta ag freastal ar bhunscoileanna GS (Bliain 1-7). Éileamh ar áiteanna iar-bhunscolaíochta amach anseo an toradh a bheas air seo.

San am i láthair tá iar-bhunscoil neamhspleách amháin ann, Coláiste Feirste, atá suite i mBéal Feirste agus a raibh 541 daltaí air in 2012/13. Lena chois sin, tá 2 Aonad Gaelscolaíochta atá ceangailte d’óstscoileanna Béarla, Coláiste Chaitríona Ard Mhacha a bhfuil 169 san Aonad GS aige agus Coláiste Iósaf, an Domhnach Mór, a bhfuil 56 san Aonad GS aige. Faomhadh aonad eile do Choláiste Mhaolmhaodhóg, Caisleán Uidhlín.

Mar gheall ar an fhócas le déanaí ar “Tús Áite do Dhaltaí” agus an bhéim ar ardú caighdeán do gach páiste trí sholáthar oideachas ardchaighdeáin i ngach scoil, is den ríthábhacht fosta go mbeidh aon soláthar nua Iar-bhunscolaíochta GS inmharthana ó thaobh an oideachais agus an airgeadais de san am atá le teacht. Caithfear forbairtí san earnáil GS a thabhairt chun cinn taobh istigh den chomhthéacs pleanáil cheantair, an Polasaí Scoileanna Inbhuanaithe agus dualgas na Roinne Oideachais an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn agus a éascú.

Leagtar amach go mion sa Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht (Caibidil 12) mianta tuismitheoirí agus na saincheisteanna a bhaineann le forbairt Earnáil na hIar-bhunscolaíochta GS sa chomhthéacs reatha polasaí. Baineann na dúshláin le:-

- soláthar éifeachtach, éifeachtúil an Churaclaim Athbhreithnithe agus an Chreata Teidlíochta
- soláthar sainmhúinteoirí agus seirbhísí tacaíochta; agus

- an suíomh is fearr tíreolaíochta don soláthar iar-bhunscolaíochta le freastal ar scoilcheantar is leithne na mbunscoileanna.

**Tasc**

D'fhonn riachtanais shainiúla na hearnála GS a aithint chomh maith leis na dúshláin a gcaithfidh sí tabhairt fúthu, tá an tAire ag coimisiúnú píosa sainiúil oibre lena mheas go mion cad é mar is féidir iar-bhunscolaíocht GS inmharthana, inbhuanaithe, ardchaighdeáin a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí agus a bhfuil muinín ag tuismitheoirí aisti.

Grúpa comhairleach ar a mbeidh speisialtóirí oideachais, GS agus teanga a thabharfaidh faoin tasc. Is iad baill an ghrúpa:-

Helen Ó Murchú –Cathaoirleach neamhspleách
Paul McAlister –An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
Paul O'Doherty –Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
Micheál Ó Duibh – Comhairle na Gaelscolaíochta
Breandán Ó Dufaigh – Príomhoide, Coláiste Oiriall (l.é.ó 4/11/2013)[1]

**Scóip**

Ba chóir d'obair an Ghrúpa díriú ar fhorbairt réitigh phraiticiúla agus inseachadta le rochtain ar an iar-bhunscolaíocht GS a mhéadú. Ba chóir na dúshláin atá roimh fhorbairt soláthar inbhuanaithe sa todhchaí a mheas agus, chuige sin, ba chóir na nithe seo a leanas a bhreithniú:-

- Taithí agus samhlacha dea-chleachtais **sna dlínsí áitiúla eile, mar atá, PÉ, Albain agus an Bhreatain Bheag**;
- Leibhéal reatha agus réamh-mheasta éilimh ar an iar-bhunscolaíocht GS i gcomhthéacs na pleanála ceantair;
- Samhlacha féideartha soláthair sa ghearr- agus sa mheántéarma bunaithe ar reachtaíocht reatha agus srianta reatha airgeadais san áireamh;
- Samhlacha fadtéarmacha soláthair a bhféadfaí go mbeadh reachtaíocht nua de dhíth ina leith;
- An suíomh tíreolaíochta is fearr do sholáthar den sórt, dáileadh soláthar réamhscolaíocht agus bunscolaíocht GS san áireamh; agus
- Impleachtaí na moltaí i dTuarascáil Salisbury ar an Scéim Chómhaoinithe.

Ba chóir go mbeadh d'aidhm ag an Ghrúpa Chomhairleach comhairle agus treoir a thabhairt a bheas mar dhúshraith plean straitéiseach na hiar-bhunscolaíochta GS. Ba chóir an chomhairle agus treoir a thabhairt chun cinn ar dhóigh a riarfaidh ar ionchais tuismitheoirí agus daltaí.

[1] Ar iarratas ón Chathaoirleach, thoiligh an tAire ballraíocht an Ghrúpa Chomhairligh a mhéadú agus ceapadh Breandán Ó Dufaigh, Príomhoide Choláiste Oiriall. Mar gheall ar chúinsí nach raibh súil leo, áfach, ní raibh Breandán in ann freastal ar na cruinnithe grúpa réamhbheartaithe.

**Fráma Ama**

Táthar ag súil go gcuirfear obair an Ghrúpa i gcrích taobh istigh de shé mhí i ndiaidh tús a chur léi.

## Bunphrionsabail

Le cuspóirí na dTéarmaí Tagartha a sheachadadh, shocraigh an Grúpa roinnt prionsabal chun go dtreorófaí a gcuid oibre.

Is é a dhéanfaidh an Grúpa Comhairleach:

(a) feidhm a bhaint as taighde cuí le moltaí a chur i dtoll a chéile;

(b) labhairt le réimse de dhaoine agus de ghrúpaí cuí a bhfuil suim acu sa Ghaelscolaíocht;

(c) Pobail Foghlama Cheantair agus Pleanáil Cheantair don GS a rinneadh cheana a thabhairt san áireamh ina gcuid moltaí ar an soláthar iar-bhunscolaíocht GS maidir le hionaid shainiúla tíreolaíochta ;

(d) na moltaí atá in Athbhreithniú RO ar an Ghaelscolaíocht a thabhairt san áireamh;

(e) na srianta reatha airgeadais a thabhairt dá n-aire agus iad ag leagan amach a gcuid moltaí;

(f) soláthar GS a dhearadh a dhéanfaidh na nithe seo:

  i. Oideachas ardchaighdeáin a sholáthar do gach páiste ar mian leo freastal ar iar-bhunscolaíocht GS ;
  ii. bheith cost-éifeachtúil, éifeachtach, inbhuanaithe;
  iii. feidhm éifeachtach a bhaint as TFC le tacú le teagasc agus foghlaim agus iad a fheabhsú;
  iv. bheith solúbtha le freastal ar an éileamh, atá ag athrú, ar iar-bhunscolaíocht GS ar fud TÉ;
  v. prionsabail na cuimsitheachta a chomhlíonadh;
  vi. muinín a bheith ag tuismitheoirí as;
  vii. rogha níos leithne a thabhairt do thuismitheoirí maidir le hiar-bhunscolaíocht a rochtain; agus, mar chuid de sin, a chinntiú go mbíonn fáil ag páistí ar réimse de roghanna taobh istigh d'ionaid iar-bhunscolaíocht GS trínar féidir tumoideachas iomlán a chur ar fáil nó ar féidir forbairt ina threo sin; agus
  viii. páirtíocht a chur chun cinn

## 2 Modheolaíocht

Ba chroí-aidhm de chuid an Ghrúpa Chomhairligh teagmháil ghníomhach a dhéanamh le réimse leathan de chroípháirtithe leasmhara agus le páirtithe eile. Ionas gur féidir an comhthéacs polasaí agus an timpeallacht reatha ina bhfuil scoileanna ag feidhmiú a thuiscint go hiomlán, tugadh faisnéis mhion don Ghrúpa ó réimse de lucht déanta polasaí atá ag croí RO ar pholasaithe reatha. Lena chois sin, fuarthas eolas luachmhar cúlra a bhain leis an bheart ó shonraí staitistiúla ó Ghníomhaireacht Staitisticí agus Taighde Thuaisceart Éireann (NISRA).

Tháinig an Grúpa i gceann a chéile 16 uair agus lena linn sin bhí seisiúin fhada bailithe fianaise acu le bonn eolais a chur faoin phlé a bhí ar siúl acu. Bhuail siad le croípháirtithe leasmhara agus le páirtithe bainteacha eile ar a n-áirítear ionadaithe oideachasúla de chuid teangacha Ceilteacha eile agus bhunaigh dhá fhócasghrúpa (liosta in **Aguisín 1**).

Chun eolas a chur ar dhearcadh tuismitheoirí, rinneadh 2 shuirbhé trí cheistneoir a chur chuig tuismitheoirí páistí bunscoileanna GS agus chuig tuismitheoirí páistí naíscoileanna GS (**Aguisín 2**).

Ag croí an phróisis seo, bhí an gá le réitigh phraiticiúla inseachadta le freastal ar riachtanais daltaí á thiomáint. Thug na 6 chritéar do **Scoileanna Inbhuanaithe** an comhthéacs foriomlán treorach don phlé ar fad a bhí ar siúl ag an Ghrúpa Chomhairleach:

- eispéiris oideachais na bpáistí
- treochtaí líon rolla
- staid airgeadais
- ceannasaíocht agus bainistíocht scoile
- inrochtaineacht
- láidreacht na nasc leis an phobal

# 3 An Comhthéacs

Nuair a bhítear ag breithniú saincheisteanna na hearnála GS sa Tuaisceart, is úsáideach tarraingt as taithí ar bhonn domhanda.

D'ainneoin gur feiniméin dhomhanda iad agus, lena chois, feiniméin atá níos forleitheadaí sa chomhthéacs dhomhanda ná aonteangachas, féadann sé, i gcomhthéacs an oideachais agus na sochaí – maidir leis an chomhthuiscint – gur *tumoideachas* agus *dátheangachas* an dá théarma is éagoitianta. Maítear i dtuarascáil Mheitheamh 2011 de chuid HM Inspectorate (Alba):

> *Tá easpa comhthuisceana fós ann faoi théarmaíocht agus tá nasc idir seo agus neamhréireanna sa chleachtas.*

Ag an leibhéal is simplí sainmhíniúcháin, glactar leis go gciallaíonn *tumoideachas* oideachas trí theanga *nach gá* gurb í teanga bhaile an dalta í. D'fhéadfadh daltaí freastal ar scoil tumoideachais, áfach, arb ionann teanga na scoile agus teanga an bhaile. Is é an cás a chuirfeadh roinnt saineolaithe (Skuttnab-Kangas) chun cinn, dá dtabharfaí an dara teanga isteach ag aois an-óg (3/4 bliana), go bhféadfaí an dara teanga a mheas dáiríre mar an dara chéad teanga sa bhaile nó mar mháthairtheanga.

Foilsíodh an tuarascáil *Teangacha don Todhchaí: Straitéis Teangacha Thuaisceart Éireann* in 2012. Go ginearálta, moltar inti ról na dteangacha sa chóras oideachais a leathnú agus tagraítear do shamplaí de rath chóras na Gaelscolaíochta leis an dátheangachas a chur chun cinn agus a chruthú.

Éiríonn *méid* an tumoideachais aníos ón churaclam, a d'fhéadfaí a thairiscint go hiomlán nó cuid de tríd an dara teanga. Cé go bhfuil na saineolaithe, i dtéarmaí éifeachtúlacht torthaí, i bhfabhar le tús a chur le tumoideachas iomlán ag aois luath nuair a bhíonn páistí ag sealbhú teanga fós, is tréith de roinnt córais oideachais é an tumoideachas mall fosta (cé gur minice a bhaineann sé seo le tabhairt isteach mórtheanga). Maidir leis seo, is gá a lán saincheisteanna a bhaineann le srianta a bhreithniú i dtaca le forbairt straitéiseach GS ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta in TÉ de.

I dtéarmaí na dteangacha Ceilteacha uile de, áfach, agus teangacha neamhfhorleathana go háirithe, tá an dlúthbhaint idir oideachas agus *pobal*. Is é an dearcadh ar an tumoideachas nach é amháin go gcuireann sé le forbairt fhoriomlán an duine aonair ach, chomh maith leis sin, lena bhféiniúlacht uathúil chultúrtha. Ar an *chontanam chultúrtha*, d'fhéadfaí go gciallódh sé seo, ar bhealach amháin, bheith ar do shuaimhneas maidir le do thimpeallacht fhisiceach a thuiscint nó, ar bhealach eile, bheith i do bhall nó i do bhall féideartha de phobal teanga.

Is den ríthábhacht, mar sin de, do pháistí san earnáil GS agus d'fhorbairt earnáil na Gaelscolaíochta amach anseo, soláthar iar-bhunscolaíocht GS san am atá le teacht. Tá roinnt cúiseanna leis seo:

- Tá cruthaithe sa taighde idirnáisiúnta, dá fhad a fhanann páistí sa tumoideachas is amhlaidh is fearr a shealbhaíonn siad an teanga agus gur dóichí go n-úsáidfidh siad an sprioctheanga;

- I bhfianaise na gcosaintí a thairgtear i gComhaontú Aoine an Chéasta agus sa Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, tá de cheart ag páistí agus ag tuismitheoirí bheith ag dúil le soláthar GS ardchaighdeáin mar a bhfuil éileamh leordhóthaineach. De réir taithí agus taighde níl torthaí teanga an tumoideachais chomh fabhrach céanna nuair nach mbíonn fáil ar sholáthar tumoideachais ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta;

- Tá ról tábhachtach ag an iar-bhunscolaíocht i stádas teanga agus i bpeirspictíochtaí a bhaineann leis an teanga. Dar le páistí agus leis an phobal i gcoitinne go bhfuil stádas ar leith ag an iar-bhunscolaíocht sa tsochaí mar réamhriachtanas dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta. Murab ann do sholáthar inmharthana, ardchaighdeáin iar-bhunscolaíochta sa teanga mhionlaigh, is é is dócha go gcruthófar peirspictíochtaí diúltacha i measc páistí agus an phobail i gcoitinne faoin ról atá ag an teanga mhionlaigh sa tsochaí; agus

- Braitheann forbairt agus cothabháil sochaí agus pobal beoga, muiníneach ar pháistí agus daoine óga a chumhachtú le bheith ina rannpháirtithe gníomhacha ina sochaithe. Is cuid de phobail Ghaeilge éiritheacha iad páistí i mbunscoileanna GS. Tá rochtain ar na deiseanna foghlama a sholáthraítear san iar-bhunscolaíocht GS de dhíth orthu lena chur ar a gcumas bheith ina rannpháirtithe gníomhacha táirgiúla sna pobail sin labhartha Gaeilge.

# 4 Achoimre ar Mholtaí

Tá trí chomhábhar fhoriomlána sa tsraith moltaí seo atá á gcur chun tosaigh ag an Ghrúpa Chomhairleach:

- na gnéithe riachtanacha de chur chuige straitéiseach i leith pleanáil le haghaidh GS ag na húdaráis;
- conair forbartha ag leibhéal IBS; agus
- sraith moltaí ar cuidiú iad le tosca srianta a chuireann bac ar fhorbairt leanúnach GS ag leibhéal IBS a chealú.

## 4.1 <u>Eilimintí de Chur Chuige Straitéiseach</u>

**MOLANN** an Grúpa

**4.1.1** go gcuirfidh an Roinn d'iallach ar an údarás cuí pleanála meicníocht a fhorbairt leis an líon páistí ar mian leo dul isteach sa GS ag gach leibhéal a shainaithint ionas gur féidir freastal ar an éileamh agus go mbeadh an phleanáil ar bhonn fadtéarmach. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh i gcomhpháirt le CnaG;

**4.1.2** go gcuirfear **d'iallach ar na húdaráis phleanála aird ar leith a thabhairt ar GS** in aon phleanáil agus athchumruithe reatha agus san am atá le teacht;

**4.1.3** go ndéanfaidh an tAire **Léiriú Intinne**;

**4.1.4 gur chóir struchtúir chuí forfheidhmiúcháin a bhunú** ag an leibhéal oifigiúil (barr anuas) agus earnála (bun aníos) araon;

**4.1.5 profú tosaigh teanga** ar na himpleachtaí ata le *gach* moladh polasaí oideachais; agus **monatóireacht leanúnach ar pholasaí sainiúil** mar a fheidhmítear san earnáil GS lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus le mionathruithe ar bith atá de dhíth a éascú;

**4.1.6** go mbunófar comhghuaillíocht dheonach ar leith de sholáthraithe iar-bhunscolaíocht GS, amhail na pobail foghlama ceantair reatha, le **spás ar leithligh** a chur ar fáil ina dtig le scoileanna agus pearsanra GS bheith ag obair i gcomhpháirt ar na dúshláin atá rompu;

**4.1.7** go gcuirfear ar chumas gach cineál soláthar reatha straitéisí cumarsáide a cheapadh le **coinneáil** mhéadaithe a chinntiú ;

**4.1.8** go n-áirítear le **croí-eilimintí Moladh Forbartha cineálacha éagsúla IBS GS**:

- éileamh sainaitheanta ón phobal
- bheith laistigh de riachtanais pleanáil cheantair (ionad tíreolaíochta agus maidir le cineálacha eile soláthair sa cheantar )
- líon rolla tosaigh do scoil IBS GS dar suim 35 i mbliain 8 ag ardú go 65/80 faoin chúigiú bliain le hinbhuanaitheacht a chinntiú
- Fianaise d'iarrachtaí leanúnacha le líon rolla a mhéadú

- Struchtúir rialachais agus bainistíochta in áit
- Foireann teagaisc ar fáil (an príomhoide san áireamh)
- Socruithe déanta faoi shuíomh fisiceach
- Socruithe iompair déanta
- Fianaise ar léiriú éitis
- Tumoideachas (níos mó ná 50%)
- Próiseas comhaontaithe monatóireachta ag RO
- I gcás Aonaid, post comhordaitheora (le hionadaíocht) ar fhochoiste/SMT
- Tiomantas do dhul chun cinn ar chonair
- ba chóir prótacail d'aonaid bheith scrúdaithe agus glactha ag RO

**4.1.9** gur chóir critéir **prótacail/comhaontú leibhéal seirbhíse** a leagan amach go soiléir agus a chomhaontú roimh ré agus na nithe seo a leanas a chumhdach:

- Rialachas agus socruithe maoiniúcháin
- Leibhéal agus leanúnachas tumoideachais
- Ceisteanna dul chun cinn i dtéarmaí Eochairchéimeanna nó cineál samhla
- Soiléire ar cheisteanna féiniúlacht GS agus imeascadh le hóstscoil
- Polasaí rollúcháin
- Tosca áitiúla

**4.1.10** D'fhonn comhoibriú tairbheach a chinntiú san am atá le teacht agus go mbeidh struchtúr ar fáil le smaointe agus dea-chleachtas a scaipeadh gur **RO a thionscnóidh**:


(1) bunú grúpa neamhfhoirmiúil le comhghleacaithe Ceilteacha a d'fhéadfadh teacht le chéile dhá uair sa bhliain le tuairimí agus eolas a mhalartú ar ghné áirithe den tumoideachas sna teangacha Ceilteacha uile;

(2) óstáil fhoirmiúil faoi choimirce Chomhairle na Breataine-na hÉireann ar an tumoideachas.

## 4.2 Conair Forbartha ag leibhéal IBS

**MOLANN** an Grúpa

**4.2.1** maidir le h**ionad agus inrochtaineacht** soláthair amach anseo gurb é an t-ionad is fearr do sholáthar IBS an áit ar féidir freastal ar an líon is mó bunscoileanna GS sa scoilcheantar máguaird agus, ar an bhonn sin, gur féidir glacadh leis na 8 gceantar pleanála agus ionaid IBS atá sainaitheanta ag CnaG sa léarscáil a ghabhann leis seo ar phrionsabal;



N
E
S
W
1st PP Choice
2nd PP Choice
1
2
3
4
5
6
7
8
Gaelscoil an Chaistil
Gaelscoil Cois Feabhail
Gaelscoil Léim an Mhadaidh
Gaelscoil Neachtain
Bunscoil Naomh Bríd
Coláiste Phádraig
Gaelscoil na Speiríní
Gaelscoil an tSeanchaí
Gaelscoil Eoghain
Gaelscoil Uí Néill
Bunscoil Naomh Colmcille
Coláiste Naomh Iosaef
Gaelscoil Aodha Rua
Coláiste Chaitríona
Coláiste Oirialla
Gaelscoil Phádraig Naofa
Bunscoil an Traonaigh
Gaelscoil na gCrann
Gaelscoil na Deirge
Coláiste Ailigh
Gaelscoil Uí Dhochartaigh
Gaelscoil Éadain Mhóir
Gaelscoil na Daróige
Gaelscoil Ghleann Darach
Gaelscoil Éanna
Bunscoil Bheann Mhadagáin
Gaelscoil an Lonnáin
Gaelscoil na bhFál
Gaelscoil an Droichid
Coláiste Feirste
Bunscoil Phobal Feirste
Gaelscoil na Móna
Bunscoil Naomh Proinsias
Scoil Mhuire & Phádraig
Ardscoil Mhaolmhaodhóg
Bunscoil Bheanna Boirche
Gaelscoil na mBeann
Bunscoil an Iúir
Proposed Narrow Water Bridge
Coláiste Lú
Bunscoil na mB C, Ard Mhacha
Owenbeg GAA facility
Maghera High School Old Site
Magherafelt Former Controlled Primary
36 Magherafelt Road Site
ANTRIM
ARMAGH
DERRY
MONAGHAN
IRISH SEA
NORTH CHANNEL

**4.2.2** maidir le **samhlacha**, conair a shainmhínítear go soiléir mar seo **Aonad Leibhéal 0 eatramhach →Aonad Leibhéal 1→scoil ;**

**4.2.3** gur chóir gurbh é **tumoideachas neamhspleach** den chineál atá ar fáil (á thairiscint) i ndlínsí eile sprioc cibé soláthar atá indéanta de réir tosca reatha, faoi réir mianta tuismitheoirí; is é an aidhm go mbeadh **lán-tumoideachas** ar fáil agus nuair nach mbíonn sé seo indéanta de réir na gcritéar riachtanach, is é an cúl taca aonad ina soláthraítear céatadán ard den churaclam trí mheán na Gaeilge;

**4.2.4 go mbeidh an tsamhail ag brath fosta ar an leibhéal tumoideachais atá le tairiscint;**

**4.2.5** go gcuirfear forbairt chun cinn trí dhreasachtaí aníos ar chonair ó **Aonad Leibhéal 0 eatramhach →Aonad Leibhéal 1→scoil;** beidh gá le **hathrú sa reachtaíocht lena chinntiú gur féidir dreasachtaí faoi choinne forbartha a sholáthar ar bhonn reachtúil.**

Tá an Chonair atáthar a mholadh léirithe thíos.

**Aonad go Scoil**

| **Leibhéal** | **Tumoideachas** | **Eochairchéim** | **Dreasacht** (Áirítear eilimint AWPU agus eilimint riaracháin ) |
|---|---|---|---|
| Leibhéal 0<br><br>(eatramhach) | 25-50% thar 3 bliana | 3 | √ |
| Leibhéal 1 | 50+-70% | 3<br><br>4* | √ |
| Scoil | 50+% go curaclam iomlán | Iad uile | √ |

* Ag EC 4, ba chóir don óstscoil líon leordhóthaineach ábhar trí mheán na Gaeilge a thairiscint lena chur ar chumas daltaí staidéar a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ar 50% dá n-ábhair ar a laghad. Ceadaítear leis seo rogha dalta aonair agus an scoil an Creat Teidlíochta a chomhlíonadh.

Má éiríonn sé ríshoiléir faoi dheireadh an tréimhse trialla 3 bliana nach dtig leis an scoil critéir/ coinníollacha an chéad mholta a chomhlíonadh, tiocfaidh deireadh leis an mhaoiniú speisialta. I gcúinsí eisceachtúla, má léirítear go leor dul chun cinn, féadfaidh an Roinn maoiniú speisialta a athnuachan ar feadh 1 bhliain bhreise.

**4.2.6 Go socróidh RO ráta níos ísle líon iontrála** don chéad bhliain agus na cúig bliana ina dhiaidh sin maidir le haon chineál soláthar nua; **líon iontrála tosaigh do scoil IBS GS dar suim 35 i mbliain 8 ag ardú go 65/80 faoin chúigiú bliain** le hinbhuanaitheacht a chinntiú; d'fhéadfadh an tAire tosca tuaithe a chur san áireamh.

**4.2.7** maidir le **ceantair shainiúla, MOLANN an Grúpa** :

**4.2.7.1** ***Cathair Dhoire***: má fhaightear amach nach dtig leis an rogha óstála is fearr leis an phobal an fhreagracht a ghlacadh faoi láthair, thathantódh an Grúpa ar an Roinn freagrúlacht a lorg ó gach scoil sa scoilcheantar maidir le GS a sholáthar lena fháil amach cé chomh fóirsteanach, dar leo, atá an soláthar atáthar a thairiscint agus mar a fhreastalaíonn sé ar riachtanais na dtuismitheoirí.

**4.2.7.2** I ndiaidh an fhasaigh seo, i gcás pobail ar mian leo aonad a bhunú i**n** óstscoil**, tionscnóidh RO go foirmiúil próiseas comhairliúcháin le gach iar-bhunscoil sa cheantar** lena gcuid tuairimí a lorg ar cé acu atá nó nach bhfuil siad toilteanach soláthar GS a óstáil agus le hiarraidh orthu a gcás chun é seo a dhéanamh a leagan amach de réir critéir aontaithe. Iarrfar ar CnaG é seo a shocrú.

**4.2.7.3 Doire Theas**: Ón staidéar a rinneadh ar fhigiúirí líon iontrála reatha, is cosúil nach bhfuil Doire Theas san áit a dtig leo scoil inbhuanaithe neamhspleách (.i. 65+ dalta sa bhliain) a bheith acu faoi láthair; ó na figiúirí atá ar fáil, ní bhainfí inbhuanaitheacht amach (.i. 65+ dalta sa bhliain) le haghaidh scoil IBS GS go dtí ag tarraingt ar 2020. Nuair a chuirtear an obair ullmhúcháin san áireamh, d'fhéadfadh soláthar de shórt éigin agus méid áirithe neamhspleáchais aige a bheith ag an phobal; d'fhéadfaí gur réiteach eatramhach indéanta é aonad a bheith acu. De réir figiúirí líon iontrála fosta, is cosúil gur réiteach eatramhach indéanta é an t-aonad. Bhí an Grúpa den bharúil gur chóir réiteach éigin a lorg le buntáiste a bhreith ar dhíograis an phobail sula dtéann sí i léig de dheasca na díomá. Is cosúil, áfach, nach bhfuil aonad neamhspleách cónasctha indéanta.

Sainaithníodh Machaire Rátha mar shuíomh féideartha i moltaí a rinneadh cheana i nDoire Theas. Maidir le suíomh, bheadh impleachtaí do cheantar Chathair Dhoire, ar gá iad a fhiosrú, ag Dún Geimhin mar shuíomh atá buailte leis. Bheadh impleachtaí ann fosta ó thaobh freastal ar riachtanais páistí as an Chorr Chríochach maidir leis an Ghaelscolaíocht.

**4.2.7.4** Gur chóir do RO breathnú, ar bhonn práinneach ar an ghá atá le **soláthar trasteorann IBS do pháistí bunscoile GS i gCo. Fhear Manach.**

**4.2.7.5**
I gcás **Thír Eoghain Theas** agus le rochtain ar sholáthar iar-bhunscolaíochta GS a éascú nuair is amhlaidh gur constaic é an fad taistil chuig soláthar reatha nó molta i nDoire nó ar an Domhnach Mór, ba chóir breithniú ar soláthar iar-bhunscolaíochta GS ar an Ómaigh. Sa chomhthéacs seo, ba chóir breithniú mar is cuí ar champas Lisanelly mar shuíomh fóirsteanach.

**4.3** **Na srianta a chuireann bac ar fhorbairt leanúnach GS ag leibhéal IBS a chealú**

**MOLANN** an Grúpa

**4.3.1** ar cheist **soláthar múinteoirí***, don ghearrthéarma láithreach*

(i) go mbaileofar eolas ó na *taifid ionadaithe* faoi mhúinteoirí a dúirt go dteagascann siad Gaeilge – má thig leo teagasc a fhad le hArd-Leibhéal agus cén t-ábhar eile a thig leo a theagasc;

(ii) go mbaileofar i gcás gach múinteora an t-eolas a úsáidtear faoi láthair le múinteoir ionaid a chlárú ;

(iii) go dtairgfear sparántachtaí, i ndiaidh gairm oscailte do mhúinteoirí ar scor nó múinteoirí eile, dóibh siúd atá sásta cúrsaí *aistrithe/ tiontaithe* a dhéanamh le go n-áireofar iad ar phainéal faoi choinne ionadaíocht phráinneach i scoileanna.

Lena chois sin, **MOLANN** an Grúpa

(iv) go ndéanfar poiblíocht faoi agus go soláthrófar sparántachtaí do mhúinteoirí reatha ar fud earnáil an Bhéarla:

(a) a bhfuil Gaeilge agus ábhair STEM acu atá sásta cúrsaí *aistrithe/ tiontaithe* a dhéanamh;

(b) atá sásta cúrsaí *aistrithe/ tiontaithe* a dhéanamh faoi choinne réimsí sainiúla foghlama;

(v) go dtabharfar dreasachtaí do gach scoil a spreagann an Ghaeilge a ghlacadh ag TGMO agus ag Ard-Leibhéal (d'fhéadfadh sé seo bheith i bhfoirm sparántachta don dalta is airde gnóthachtáil nó ciste scoile le caitheamh ar scoláireachtaí Gaeltachta);

(vi) go dtabharfar dreasachtaí do Choláistí BO le roinnt cúrsaí a thairiscint trí Ghaeilge.

**4.3.1.2** sa *mheán- go fadtéarma,* **MOLANN** an Grúpa dreasú iontrálaithe ar chúrsaí san oideachas, mic léinn ag gabháil do chúrsaí san oideachas agus soláthraithe cúrsaí san oideachas trí:

(i) sparántachtaí do mhúinteoirí reatha in IBS GS – dírithe ar réimsí sainiúla foghlama/ scileanna oideolaíocha agus an 'éifeacht cascáideach' (faighteoirí ag roinnt saineolas breise le daoine eile) mar chuid dhílis de;

(ii) sparántachtaí d'institiúidí 3ú leibhéal dírithe ar thaighde sainiúil agus soláthar cúrsaí GS-dírithe i ndiaidh anailíse ar riachtanais; (ní thig leis na hinstitiúidí seo sparántachtaí a thairiscint murab ann d'éileamh sainaitheanta dar méid shuntasach);

(iii) sparántachtaí do mhic léinn a bhfuil Gaeilge agus réimse ábhair STEM acu ar iontráil tríú leibhéal/oideachas múinteoirí dóibh chun iad a spreagadh le comhchúrsa onóra a dhéanamh.

**4.3.1.3** Maidir le cúrsaí **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach** (FGL), **MOLANN** an Grúpa, ar bhonn rialta ó thús go deireadh na scoilbhliana cúrsaí deireadh seachtaine agus fad seachtaine:

An cur chuige atá i bhfeidhm faoi láthair ag COGG in PÉ, ina ndírítear ar mhúinteoirí GS agus earnáil an Bhéarla a uasoiliúint le bheith ag teagasc san earnáil GS, bíodh sí trí oiliúint sa teanga seomra ranga atá de dhíth sna réimsí sainiúla curaclaim nó trí chúrsaí trasdula/tiontaithe.

**4.3.1.4** Maidir le **comhoibriú Thuaidh/Theas, MOLANN** an Grúpa

(i) comhchur chuige idir-rannach, thuaidh agus theas, i leith soláthar agus maoiniú oideachas cuí múinteoirí don GS ag leibhéal IBS, idir oideachas tosaigh, chúrsaí tiontaithe nó FGL, lena n-áirítear oiliúint mar mheasúnóirí scrúduithe;
(ii) bunú foras ionadaíochta taobh istigh de shé mhí leis an chur chuige cost-éifeachtúil seo a phleanáil, a fheidhmiú agus taighde a dhéanamh faoi. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí struchtúr reatha an CATT.

**4.3.1.5** Maidir le **cur chun cinn na Gaeilge in earnáil an Bhéarla mar chúnamh don GS MOLANN** an Grúpa gur chóir do RO agus do RCEF an Ghaeilge a chur chun cinn trí dhreasacht(aí) don Ghaeilge mar ábhar, go háirithe ag :

(i) TGMO agus Ard-Leibhéal agus

(ii) Ard-Leibhéal i gcomhar le riachtanais ábhair thosaíochta do GS le pearsanra teagaisc/riaracháin/bainistíochta a chinntiú do GS .i. teagasc na Gaeilge ag an leibhéal is airde agus na hábhair thosaíochta, STEM go háirithe, a theagasc trí Ghaeilge a chur chun cinn trí dhreasacht.

**4.3.2** Maidir le **h**áiseanna, **MOLANN** an Grúpa:

(i) buiséad réadúil do scoileanna agus aonaid GS, bunaithe ar phlean soiléir scoile;

(ii) go ndéanfaidh RO píosa oibre a choimisiúnú le breac-chuntas a mhapáil de chur chuige, faoi threoir straitéise, ar sholáthar áiseanna don earnáil GS i gcomhthéacs atá, go ginearálta, comhoibríoch;

(iii) comhchur chuige idir-rannach, thuaidh agus theas, trí bhunú foras ionadaíochta taobh istigh de shé mhí leis an chur chuige costéifeachtúil seo a phleanáil, a fheidhmiú agus taighde a dhéanamh faoi. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí struchtúr reatha an CATT.
(amharc **4.3.1.4**).

**4.3.3** Ar cheist an **TFC**, **MOLANN** an Grúpa:

(i) Sa *ghearrthéarma*, pleanáil i dtreo soláthar sainspás ar líne don phobal GS taobh istigh de shé mhí trí C2k agus Comhairle na Gaelscolaíochta, modhnóirí ar múinteoirí iad á n-oiliúint ag C2k.

(ii) Sa *mheán- go fadtéarma*, bunú cláir phíolótacha seachadta curaclaim sna réimsí tosaíochta trí chomhghrúpa pleanála de na forais bhainteacha tríú leibhéal agus eile. Chuige seo, bheadh gá le taighde ar anailís riachtanas agus ar infreastruchtúr teicniúil scoileanna. Gach seans go dtarraingeodh comhfhiontar le páirtithe in PÉ agus i gceantair na dteangacha Ceilteacha eile maoiniú AE nó ó fhoinse eile. Is den ríthábhacht cláir phíolótacha den chineál seo maidir le pleanáil amach anseo. Gan tástáil den chineál seo, beidh réimse an TFC don iar-bhunscolaíocht GS fós gan tástáil agus, mar sin de, dearcfar uirthi mar ábhar dothástála.

**4.3.4** Maidir le **comhthéacs maoinithe GS amach anseo mar earnáil atá ag forbairt** agus é timpeallaithe ag cuid mhór tosca a chuireann srian uirthi, **MOLANN** an Grúpa idir **shraith dreasachtaí sonracha nua** agus **roinnt athruithe ar an chur chuige reatha maoiniúcháin.** Nuair a rinne an Grúpa na moltaí seo, bhí tionchar ag na cúiseanna seo a leanas orthu:

- gá le forbairt GS a chur chun cinn ar dhóigh onnghníomhach ag eascairt as breithiúnas Treacy;
- tá an earnáil tearcfhorbartha agus tearcmhaoinithe (rud a admhaíodh i dTuarascáil *Salisbury*);
- is gá don earnáil fás agus, mar sin de, tá dreasú de dhíth uirthi;
- is tábhachtach scoileanna a dhreasú agus constaicí a bhaint.

**4.3.4.1** Tá na **dreasachtaí sainiúla** arb aidhm dóibh dul i ngleic leis na tosca sriantacha liostaithe faoi sholáthar múinteoirí agus acmhainní agus d'fhéadfaí iad a thabhairt isteach ar bhonn céimneach, i gcomhpháirt, b'fhéidir le ranna eile, an foras ionadaíochta earnála nó institiúidí eile oideachais.

**4.3.4.2** Maidir le bunú agus cur chun cinn gníomhach **conair** atá rianaithe go soiléir **taobh istigh de shamhlacha soláthar IBS GS**, **MOLANN** an Grúpa mar **dhreasachtaí**:

(i) le rath agus fás méadaitheach a chinntiú, Príomhoide a cheapadh suas le bliain roimh oscailt aon soláthar nuamhaoinithe iar-bhunscolaíochta GS lena chinntiú go bhfuil gach polasaí ábhartha agus socrú foirne in áit chun go soláthrófar oideachas ardchaighdeáin (bunaithe ar an tsamhail a úsáidtear i gcónascthaí scoileanna a mholtar);

(ii) le tionscnamh nó bogadh chun cinn a spreagadh:

(i) dreasacht *tosaigh* le tús a chur leis an soláthar atáthar a mholadh (lena n-áirítear soláthar Bainisteoir Tionscadail roimh ré) ;

(ii) dreasacht *chlaochlaithe* le bogadh a spreagadh, go háirithe

(a) taobh istigh de scoileanna i dtreo tús a chur le GS ag Aonad Leibhéal eatramhach 0 agus

(b) bogadh suas go hAonad Leibhéal 1 go dtí scaradh ó óstscoil i dtreo neamhspleáchais mar scoil;

(iii) an tacaíocht chuí airgeadais don óstscoil, le linn agus i ndiaidh phróiseas an scartha, ar scála aistritheach ar feadh suas le cúig bliana i ndiaidh scaradh Aonaid le héirí neamhspleách

**4.3.4.3** Ag éirí as an scrúdú a rinneadh i dTuarascáil *Salisbury* ar earnáil atá ag forbairt agus as an ghá atá le tuileadh tumoideachais a spreagadh i g*Conair* na samhlacha atá molta, is é a **MHOLANN** an Grúpa**:**

- AWPU a ardú;
- cur chuige foirmleach bunaithe ar an líon daltaí agus ábhar ag gach eochairchéim agus gá fosta le breisíocht agus a aithint gur mó an iarracht a bhaineann le teagasc ag leibheal níos airde;
- gur chóir maoiniú riaracháin a fheidhmiú ar bhonn cothrom maidir le haonaid agus soláthar scoile IBS GS.

Léirítear sa tábla an tríú rogha a bhfuil an Grúpa i bhfách leis.

**Cás 3**

| Daltaí | Maoiniú Salisbury per dalta breise 0.155 AWPU | Maoiniú trí chéatadán tumoideachas Gaeilge (*chun críocha léiriúcháin*) | Eochairchéim | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| 300 | £299.00 | 100% | 3 | £89,700.00 |
| 200 | £299.00 | 100% | 4 | £59,800.00 |
| 100 | £299.00 | 100% | 5 | £29,900.00 |
| Iomlán | | | | £179,400.00 |

**4.3.4.4** Mar chuid den chomhthéacs fhoriomlán maoiniúcháin, **MOLANN** an Grúpa go gcaithfear breathnú arís ar cheist an **Bhreithmheasa Eacnamaíochta** (BE), má ghlactar leis na pointí a bhaineann le (i) comhthéacs dlí agus constaicí a bhaint; (ii) Gaeilge mar theanga mhionlaigh; (iii) mianta tuismitheoirí agus pobail; (iv) inmhianaitheacht (faoi dheireadh) scoil neamhspleách lán-tumoideachais.

Más é an ghné eacnamaíochta seachas an ghné theanga/chultúrtha is mó a phléitear, is beag ar fad an seans go mbeidh aon samhail, taobh amuigh d'aonad ceangailte, inghlactha sa mheán- go fadtéarma. Is léir gur saoire aonaid cheangailte a chur chun cinn seachas scoileanna neamhspleácha, go háirithe i dtéarmaí cóiríocht fhisiceach agus maoiniú caipitil. Mura mbíonn cur chuige pragmatach forchéimnithe i gceist, é bainteach le critéir a chinntíonn an t-oideachas is fearr do dhaltaí GS, ní thiocfaidh macasamhail Choláiste Feirste chun cinn sna blianta beaga romhainn.

Is i dtéarmaí caiteachas airgeadais amháin a fheidhmítear cur chuige costais. Ní gá go measfaí, le cur chuige costais-is-tairbhe na buntáistí nach bhfuil chomh hintomhaiste nó atá doláimhsithe. I straitéis níos solúbtha don GS ag leibhéal IBS, d'fhéadfadh na buntáistí seo a leanas a bheith san áireamh:

- I gcúrsaí oideachais, an reachtaíocht reatha ar fad agus gnéithe de Straitéis Ghaeilge RCEF a chomhlíonadh.
- Constaicí ar dhul chun cinn a bhaint.
- Neamart roimhe seo a admháil chomh maith le nádúr reatha tearcfhorbartha na hearnála IBS GS a aithint
- Normalú GS ag leibhéal IBS trí infheictheacht bhreise ar toradh di níos mó muiníne ag tuismitheoirí.
- Mianta tuismitheoirí agus pobail a aithint.
- Tábhacht oideachas GS do phobal GS, don oideachas in TÉ agus don tumoideachas sa chomhthéacs idirnáisiúnta a aithint.

## (5) Teangacha Ceilteacha Eile agus an tOideachas

Bhí d’ádh ar an Ghrúpa ionchur a bheith acu ó ranna oideachais Phoblacht na hÉireann, na Breataine Bige agus na hAlban agus ó ionadaithe ó Bhord na Gàidhlig, Comhairle Cathrach Glaschú agus ó *Gaelscoileanna*, maidir leis an Oideachas trí Mheán na dTeangacha ina ndlínsí faoi seach. (Feic fosta **Aguisín 3)**. Ar chuid mhór dóigheanna, maidir le forbairt iar-bhunscolaíochta, is é cás na Gàidhlig, i gceantair uirbeacha, is cóngaraí don Ghaeilge in TÉ sa mhéid gur beag forbairt atá déanta ar oideachas Gàidhlig ag an dara leibhéal in Albain agus níl an Treoir Náisiúnta sa réimse seo de sholáthar oideachais ach ina tús.

Tá le sonrú gur de dhúchas dá gcríocha na trí theanga Cheilteacha atá á bplé, agus go bhfuil réigiúin ina bhfuil an teanga á labhairt go fóill mar theanga phobail le fáil in Albain, sa Bhreatain Bheag agus in PÉ. I gcás TÉ, is furasta ceantair Ghaeltachta Thír Chonaill a bhaint amach.

Is é an ghé is suntasaí faoi seo na naisc dhlútha idir coincheapa an *oideachais* agus an *phobail* do gach teanga Cheilteach agus do theangacha neamhfhorleathana go háirithe. Dearctar ar an tumoideachas, ní hé amháin go gcuireann sé le forbairt iomlán an duine aonair ach le leanúnachas agus beogacht an phobail chomh maith.

**1. Roinnt Teangacha Ceilteacha: Breac-Chuntas ar Sholáthar Oideachas Teanga mar Chonatanam**

<table>
<tr><th>PÉ</th><th>An Bhreatain Bheag</th><th>Albain</th><th>TÉ</th></tr>
<tr><td>GS</td><td>WM</td><td>GM</td><td>GS</td></tr>
<tr><td>Aonad – ceangailte d’óstscoil ach ag tairiscint curaclam iomlán tríd an Ghaeilge.</td><td>Dátheangach</td><td></td><td rowspan="2">Aonad – ceangailte d’óstscoil ach ag tairiscint roinnt ábhar tríd an Ghàidhlig.</td></tr>
<tr><td>Sruth (2) – Scoil Bhéarla ag tairiscint roinnt ábhar tríd an Ghaeilge. Nó gach ábhar tríd an Ghaeilge do ghrúpaí sonrach ranganna.</td><td>Béarla Breatnais</td><td>Béarla + 1 nó 2 d’ábhair trí Ghàidhlig</td></tr>
<tr><td>Béarla + Gaeilge</td><td>Béarla + Breatnais</td><td>Béarla+ Gàidhlig</td><td>Béarla + Gaeilge</td></tr>
</table>

Cé go dtugann an dara tábla léiriú ar an tacaíocht reachtúil atá ag na trí theanga, ní léirítear méid na tacaíochta sin nó déine a fheidhmithe dáiríre.

**2. Roinnt Teangacha Ceilteacha: Tacaíocht Reachtúil**

| Teanga Dlínse/Tacaíocht | Acht Teanga(cha) | Cairt Eorpach | Straitéis/ Plean Teanga | Forálacha Reachtúla don Teanga i gCúrsaí Oideachais |
|---|---|---|---|---|
| **An Ghàidhlig in Albain** | *Tá (2005) | Tá | Tá | Tá |
| **An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag** | * Tá (1993) | Tá | Tá | Tá |
| **An Ghaeilge in PÉ** | ** Tá (2003) | Níl | Tá | Tá |
| **An Ghaeilge in TÉ** | Níl | Tá | Tá réitithe ach níl sí os comhair an Tionóil fós | Tá |

*** Caithfidh údaráis áitiúla scéimeanna a tháirgeadh don teanga i gcúrsaí oideachais**
**** Agus Airteagal 8 den Bhunreacht**

Forais sna dlínsí éagsúla a thug eolas don tríú tábla. Mar sin féin, ní léir i gcónaí méid agus déine eispéireas an tumoideachais do dhaltaí ó liostú na n-institiúidí oideachais. Sa chás go mbíonn siad ar fáil, tugtar líon na ndaltaí idir lúibíní.

**3. Roinnt Teangacha Ceilteacha: Staitisticí Oideachais trí Mheán na dTeangacha**

| Teanga/Dlínse | Lán-Tumoideachas<br><br>Bunscoil | Páirt-Tumoideachas<br><br>Bunscoil | Lán-Tumoideachas<br><br>Iar-bhunscoil | Páirt-Tumoideachas<br><br>Iar-bhunscoil |
|---|---|---|---|---|
| **An Ghàidhlig in Albain** | 3<br><br>865 dalta san iomlán<br><br>(3 eile le hoscailt idir seo agus 2016) | 56<br><br>Rang/roinn sruth<br><br>1787 dalta san iomlán<br><br>2013/14 | 1<br><br>216 dalta san iomlán<br><br>10 n-ábhar á dteagasc tríd an Ghàidhlig | 33<br><br>*Ábhar amháin ar a laghad* á theagasc tríd an *Ghàidhlig do 965 dalta san iomlán 2013/14*<br><br>*Iomlán don mheánscolaíocht – scoil Gh*àidhlig **+** sruthanna/ ranna *= 1181* |
| **An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag** | 408 (54,723)<br><br>Trí Mheán na Breatnaise | 43 (9,049)<br>Dé-Shruth<br><br>Dátheangach | 31 (20,982)<br>*2012/13* | 24 (18,610)<br>*2012/13* |
| **An Ghaeilge in PÉ** | 144 (32,549) | | 36 (8,890)<br><br>Go dtí Leibhéal na hArd-Teiste | 2 ainmnithe mar 'shruthanna' |
| **An Ghaeilge in TÉ** | 36 | Aonad<br><br>Sruthanna | 1 (545)<br><br>Go leibhéal Iar-16 | 3<br><br>KS3/4 |

In Albain, taobh amuigh de na 3 bhunscoil lán-tumoideachais (a bhfuil roinnt soláthar meánscolaíochta ag scoil amháin acu), tuairiscítear in *Plan for Gaelic 2009-2012* de chuid *Learning & Teaching Scotland* (LTS) go soláthraítear *primary GME* i bhfoirm ranganna, 'ranna' nó 'sruthanna' taobh istigh de scoileanna agus go bhfuil LTS i bhfách le bogadh ón téarma 'Gaelic Unit' go téarma níos uileghabhálaí. Cé go dtairgtear an Ghàidhlig i ngach meánscoil in Albain, ní thairgeann ach líon beag scoileanna roinnt ábhar trí mheán na Gàidhlig. Tá scoil nua GM dara leibhéal á beartú faoi láthair le freastal ar na bunscoileanna GM i nGlaschú.

I dtéarmaí soláthair agus pleanála, is mó na cosúlachtaí idir TÉ agus Albain faoi láthair

Tá dhá théarma Béarla in úsáid sa Bhreatain Bheag ar *primary WME: Welsh Medium* nó *dual stream*. Níl i gceist leis an dara téarma ach líon nach mó ná 3.4% den iomlán. Sna scoileanna *WM*, úsáidtear an Bhreatnais sa teagasc, sa chumarsáid le daltaí agus i gcúrsaí riaracháin ach go bhfuil cumarsáid le tuismitheoirí sa dá theanga. Úsáidtear an téarma 'transitional' (trasdul) fosta le cur síos ar na scoileanna sin ina bhfuil iarrachtaí á ndéanamh éiteas iomlán Breatnaise a chruthú chomh maith leis an Bhreatnais mar mheán teagaisc. Ós rud é go dteagasctar an Bhreatnais mar ábhar i ngach bunscoil a mhaoinítear go poiblí, tá dhá théarma eile in úsáid le cur síos ar scoileanna Béarla:

- Ciallaíonn *EW*, trí mheán an Bhéarla ach úsáid shuntasach na Breatnaise;
- Ciallaíonn *EM* Béarla den chuid is mó ach roinnt Breatnaise in úsáid sa chumarsáid le daltaí.

Tá an téarmaíocht níos difreáilte arís ag an dara leibhéal sa Bhreatain Bheag. Le cois *WM* agus an dá chatagóir *EW* agus *EM*, tá ceithre fhochatagóir ann – *bunaithe go príomha ar an chéatadán den churaclam a theagasctar tríd an Bhreatnais* – idirdhealaithe do *scoileanna dátheangacha*:

- AB - 80% de na hábhair á dteagasc tríd an Bhreatnais amháin agus ábhar nó dhó á dteagasc do dhaltaí i mBéarla nó i mBéarla agus i mBreatnais beirt.
- BB – 80% de na hábhair á dteagasc tríd an Bhreatnais ach tríd an Bhéarla fosta
- CB – 50-79% de na hábhair á dteagasc tríd an Bhreatnais ach tríd an Bhéarla fosta
- Ch – gach ábhar á dteagasc do gach dalta trí úsáid an dá theanga

I ngach cás de na scoileanna seo atá ainmnithe mar 'dátheangach', níl na teangacha féin – Breatnais agus Béarla – san áireamh sna sainmhíniúcháin.

I gcomparáid le TÉ, is sonrach go bhfuil an córas *WM* dara leibhéal seanbhunaithe agus tacaíocht na n-údarás aige. Cuireadh in iúl don Ghrúpa gur trian den chóras iomlán é an earnáil *WM*. In PÉ, tairgtear IBS GS i dtuairim ar 5% den chóras dara leibhéal.

## (6) An Ghaeilge i dTuaisceart Éireann

### Déimeagrafaíocht

D'eisigh NISRA Céim a hAon de staitisticí Dhaonra 2011 TÉ Dé Luain 16 Iúil 2012. Pléitear sna figiúirí seo leis an daonra iomlán i dtéarmaí aoise agus inscne chomh maith le méid teaghlaigh. Tháinig na fíorais seo a leanas chun cinn:

- Daonra iomlán: 1,810,900. Seo an figiúr is airde riamh in TÉ agus méadú 7% ar Dhaonáireamh 2001.
- Níos mó baineannach (923,500) ná fireannach (887,300) san iomlán.
- Níos mó fireannach ná baineannach sna cohóirt aoise a leanas:

| Aoisghrúpa | Fireann | Baineann |
|---|---|---|
| 0-4 | 63,500 | 60,900 |
| 5-9 | 57,100 | 54,200 |
| 10-14 | 61,000 | 58,000 |
| 15-19 | 64,600 | 61,600 |
| 20-24 | 63,900 | 62,100 |
| Iomlán | 310,100 | 296,800 |

Ainneoin go bhfuiltear ag dúil le laghdú sa líon daltaí scoile suas go dtí 2025, tugadh faoi deara, go raibh ardú 10% i gcohórt aoise 0-3 ainneoin laghdú 9% i nDaonáireamh 2011 ar chohóirt aoise 4-15. Beidh iarmhairt chomhfhreagrach aige seo ar phleanáil soláthair sa todhchaí. Níos suntasaí arís, is í earnáil na Gaelscolaíochta an earnáil oideachais is mó fás.

Cuireadh torthaí Chéim a Dó de Dhaonáireamh 2011 ar fáil ar an 11 Nollaig 2012. Áiríodh leo liostuithe aicmiú sain-daonáirimh, *teanga*, ina measc. Baineann na torthaí ar theanga le gach gnáthchónaitheoir darb aois 3+ bliana. Cumhdaítear sna táblaí mionsonracha réimsí éagsúla cumais, ó scil na tuisceana amháin suas a fhad le cumas sna ceithre scil – labhairt, léamh, scríobh agus tuiscint. [Ar chúis éigin tá caveat san áireamh (don Ghaeilge agus don Ultais araon)] mar nóta a ghabhann leis na táblaí ar theanga sa tuarascáil a d'eisigh NISRA, *Census 2011: Key Statistics for Northern Ireland, December 2012* ina maítear:

> Ní thugtar le tuiscint trí chumas Gaeilge (nó Ultais) a labhairt, a léamh nó a scríobh Gaeilge a thuiscint mura ndeirtear a mhalairt. D'fhéadfadh daoine sa chatagóir seo an cumas a bheith acu nó gan an cumas a bheith acu Gaeilge a thuiscint.

D'fhéadfadh sé nach n-aontódh teangeolaithe feidhmeacha leis an ráiteas seo má tá ciall eile le cumas labhartha, léitheoireachta nó scríbhneoireachta seachas aithris gan tuiscint.] Eachtarshuíodh na figiúirí thíos ó tháblaí NISRA.

**Daonáireamh TÉ 2011: Eolas ar an Ghaeilge de réir % den daonra d'aois 3+**

| Bliain | Daoine a bhFuil na Ceithre Scil acu | % | Daoine a bhFuil Cumas Éigin acu | % |
|---|---|---|---|---|
| 2011 | 64,847 | 3.74 | 184,898 | *10.65 |
| 2001 | 75,125 | 4.6 | 167,490 | 10.4 |

*Le fírinne, is é 11% a bhí sa doiciméad cóip chrua oifigiúil faisnéise don phreas ach maíodh san eisiúint ghinearálta don phreas:

> I measc gnáthchónaitheoirí d'aois 3 bliana agus níos sine, bhí cumas éigin sa Ghaeilge ag 11 faoin chéad in 2011 (i gcomparáid le 10 faoin chéad in 2001), agus tá cumas éigin san Ultais ag 8.1% den daonra.

Is é 17,408 an méadú fíor ar an líon daoine a bhfuil eolas éigin ar an Ghaeilge acu. Mar sin féin, tá laghdú 10,728 i líon na ndaoine a mhaíonn go bhfuil cumas acu sna ceithre scil uile. D'fhéadfaí gurbh é is cúis leis seo an laghdú ar an líon scoileanna a thairgeann an Ghaeilge i measc na Nua-Theangacha agus laghdú dá réir orthu siúd a shuíonn scrúdú poiblí Gaeilge. Tá tuilleadh tráchta ar an Ghaeilge i scrúduithe sa rannán thíos ar Oideachas. Níor tugadh eolas ar bith maidir le líon (más ann dó) na bhfoirmeacha a líonadh i nGaeilge amháin nó ar cuireadh san áireamh iad. Is é *Gaeilge* an teideal ar tháblaí thorthaí Dhaonáireamh 2001. Is *Cumas sa Ghaeilge* agus *Cumas san Ultais* an teideal ar chuid 2011 óir bhí an Ultais san áireamh den chéad uair mar atá sonraithe thuas.

Mhothaigh an Grúpa gurbh úsáideach mionanailís a fháil ar dháileadh cainteoirí Gaeilge ó réamh-mheastacháin daonra ag leibhéal Rialtas Áitiúil, ós rud é gur gá teannas féideartha áitiúil agus treochtaí déimeagrafaíochta a mheas *in éineacht lena chéile.* Tá siad seo le fáil in **Aguisín 4.**

**Reachtaíocht**

Is ó Orduithe Oideachais, Comhaontú Aoine an Chéasta (Béal Feirste) 1998 agus ón mhéid a gealladh ina chomharba, Comhaontú Chill Rimhinn 2006 a thagann cosaint reatha dhleathach don Ghaeilge in TÉ. Déantar monatóireacht ar thiomantais don Ghaeilge fosta faoi Chuid 11 agus Cuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh Chomhairle na hEorpa. Shínigh agus dhaingnigh an RA an ionstraim idirnáisiúnta seo in 2001. Is ábhartha fosta an Creat-Choinbhinsiún um Chosaint Mionlaigh Náisiúnta (Comhairle na hEorpa). Lena gcois sin, is saincheist í Bille Chearta TÉ atáthar a mholadh.

Tá dhá rud geallta ag Rialtas na Breataine i gComhaontú Chill Rimhinn:

> Acht Gaeilge a thabhairt isteach ina léirítear eispéireas na Breataine Bige agus na hÉireann agus bheith ag obair i bpáirt leis an Fheidhmeannas nua le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.

Tathantaíodh i dtuarascálacha monatóireachta ar fhorfheidhmiú na Cairte Eorpaí tabhairt isteach Acht Gaeilge fosta.

Níl aon trácht ar an Ghaeilge, áfach, sna leasuithe dleathacha ar Acht Thuaisceart Éireann 1998, i ndiaidh Chomhaontú 2006. Is do ghlacadh Straitéisí ag an Fheidhmeannas (don Ghaeilge agus don Ultais beirt) amháin atá na tagairtí, na Straitéisí seo a choinneáil faoi athbhreithniú, a athmheas nó straitéisí nua a chur ina n-áit.

Áiríodh fosta le Comhaontú Chaisleán Chromghlinne Feabhra 2010, inar cinntíodh cineachadh na póilíneachta agus an cheartais do Thionól TÉ, tiomantas do dhul chun cinn ar shaincheisteanna nár réitíodh i gComhaontú Chill Rimhinn 2006. Áiríodh leis na saincheisteanna seo dul chun cinn ar an Ghaeilge, ceist ar thrácht an Taoiseach agus an tAire Gnóthaí Eachtracha beirt uirthi sa Dáil ar 9 Feabhra 2010.

Foilsíodh an tuarascáil *Teangacha don Todhchaí: Straitéis Teangacha Thuaisceart Éireann,* in 2012. Go ginearálta, moltar inti teangacha a fhorbairt i ngach cuid den chóras oideachais. Tagraítear do rath chóras na Gaelscolaíochta mar shamplaí den dátheangachas á spreagadh agus á tháirgeadh. Maidir leis an Ghaeilge, maítear an méid seo a leanas faoin fho-cheannteideal, *Teangacha i gComhair na Tuisceana*

> *Go gcuirfear forálacha na Cairte Eorpaí do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, faoi mar atá daingnithe ag rialtas na Ríochta Aontaithe, i bhfeidhm go hiomlán agus, mar theanga dhúchais ar aon dul leis an Ghàidhlig agus leis an Bhreatnais, gur chóir an stádas agus na pribhléidí iomlána a bhaineann le seasamh den chineál seo a thabhairt don Ghaeilge.*

Is fiú a shonrú gurb í an Chairt a aithníonn go hiomlán na trí theanga Cheilteacha ar bhonn comhionann. Is Coiste Saineolaithe de chuid Chomhairle na hEorpa a cheapann tuairiscí ar ghnéithe monatóireachta d'fheidhmiú na Cairte. Tríd is tríd tá an comhlíonadh in TÉ cáinte acu.

I mí Iúil 2012, d'fhoilsigh RCEF *Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Chosaint agus a Fheabhsú* le haghaidh comhairliúchán poiblí. Níor cuireadh an Straitéis i bhfeidhm go fóill. I measc na bhfeidhmeanna agus na gcuspóirí bhí:

> *Is é feidhm na Straitéise seo an Ghaeilge a bheith inrochtana ag níos mó daoine. (Réamhrá an Aire)*
> *An líon daoine a bhfuil fáil acu ar an Ghaelscolaíocht a mhéadú. (Achoimre Fheidhmeach)*

Tá baint lárnach ag an oideachas leis na Réimsí Gnímh molta. Chuir an Grúpa Comhairleach suim sna forálacha a moladh faoi choinne *GS dara leibhéal*:

> 4.4.8 Ba chóir bearta a dhéanamh le tabhairt faoin chastacht a bhaineann le hiar-bhunscoileanna GS nua a bhunú.
>
> 4.4.9 Ba chóir áiteanna breise oiliúint múinteoirí d'ábhair múinteoirí GS a chur ar fáil.
>
> 4.4.10 Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta le hiar-bhunscoileanna GS a bhunú.

Tá sleachta ábhartha ar an chomhthéacs ghinearálta agus an comhthéacs níos sainreachtúla in **Aguisín 5.**

## (7) An Ghaelscolaíocht i dTuaisceart Éireann

### Intreoir

Bhí aird i dtólamh ag an Ghrúpa ar an tasc ar leith a thug an tAire sna Téarmaí Tagartha ina mionsonraítear:

- ba chóir d’obair an Ghrúpa díriú ar fhorbairt réitigh phraiticiúla, inseachadta le rochtain ar an iar-bhunscolaíocht GS a mhéadú. Ba chóir na dúshláin atá roimh fhorbairt an tsoláthair inbhuanaithe amach anseo a mheas agus chuige sin, ba chóir na nithe seo a leanas a bhreithniú:-

- samhlacha féideartha soláthair sa ghearr- agus sa mheántéarma bunaithe ar an reachtaíocht reatha agus srianta reatha airgeadais san áireamh;

- Samhlacha soláthair fadtéarmacha a bhféadfaí gur ghá *reachtaíocht nua* ina leith.

Bhí an Grúpa meabhrach fosta faoin dualgas reachtúil ar an Roinn Oideachais, faoi Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1999 an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn agus a éascú.

Lena chois sin, bhreithnigh an Grúpa tionchar féideartha polasaí ginearálta RO ar an earnáil GS.

Bhí an Grúpa eolach ar mhéid an GS in TÉ; faoi láthair is í an earnáil is gasta fás sa chóras oideachais í. Ansin, bhreithnigh an Grúpa réimse tosca a bhfuil impleachtaí acu don GS.

### Reachtaíocht

Ar mhaithe lena bplé ar fhorbairt straitéiseach GS ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta, ghlac an Grúpa mar thúsphointe an mhír sin in Ordú Oideachais 2006 ina leagtar amach, i dtéarmaí reachtúla, cad is Gaelscoil ann:

> (2) Ar mhaithe leis an Chuid seo, is scoil Ghaeilge í scoil má theagasctar níos mó ná leath de —
>
> (a) oideachas reiligiúnach; agus
>
> (b) Déantar íosmhéid inneachar na réimsí foghlama seachas iad siúd ar a dtugtar Teanga agus litearthacht (go hiomlán nó cuid de) i nGaeilge agus áirítear cuid de scoil mar “scoil”

Tá impleachtaí ag breithiúnas Treacy mhí na Samhna 2011 fosta mar a léirítear sa sliocht seo a leanas:

> “Dá réir sin d’fhéadfadh [an Roinn] an earnáil iar-bhunscolaíochta Ghaeilge a éascú agus a spreagadh ar dhóigheanna nach gá di a dhéanamh d’earnálacha eile trí bhearta dearfacha a dhéanamh nó trí chonstaicí a chuireann bac ar an chuspóir reachtúil a bhaint. Is cosúil nach bhfuil sé seo tuigthe ina iomlán ag [an Roinn].”

**Polasaí RO**

***Creat Teidlíochta***

Tá athruithe suntasacha déanta ar shocruithe curaclaim ag an dara leibhéal chomh maith le béim ar scileanna sainiúla. Faoin Chreat Teidlíochta tá ar a laghad 24 cúrsa le cur ar fáil suas go dtí Eochairchéim 4 agus iar-16 ach tá na mílte cúrsa ann óna roghnaítear iad, idir Ghinearálta agus Acadúil. Is féidir modúil a roghnú faoi chúrsaí. Cuireadh an dearcadh chun tosaigh gur mór an dúshlán a bhain leis na hathruithe seo a sholáthar, a oiread céanna sa GS le hearnálacha eile. Is é is aidhm d’forbairt Pobail Foghlama Ceantair, mar a dtig le scoileanna cuidiú lena chéile trí chineálacha difriúla comhoibrithe agus páirtíochta, a chinntiú go bhfuil fáil ag gach dalta ar theidlíocht iomlán.

*Leagtar amach sa t*ábla thíos an tairiscint reatha Churaclaim *(2013-2014) san earnáil IBS GS*[2]

| **Scoil** | **Réimsí Ábhar** | **Leibhéal** |
|---|---|---|
| Coláiste Feirste (Béal Feirste) | 19 | EC3 |
| | 23 | EC 4 |
| | 19 | Leibh**éa**l 3, Iar-16 |
| | 7 | Leibh**éa**l 2, Iar-16 |
| Coláiste Chaitríona (Aonad) (Ard Mhacha) | 9 | EC 3 |
| | 4 | EC 4 |
| | - | Iar-16 |
| Coláiste N. Iósaef (Aonad) (An Domhnach Mór) | (50% tuairiscithe ag údarás scoile) | EC 3 |
| | An chéad bhliain forbartha | EC 4 |
| Ardscoil N. Maolmhaodhóg (Aonad) (Caisleán Uidhlín) | 7 | EC 3 |

Ar mhaithe lena dTasc, shocraigh an Grúpa díriú ar *an chohórt 11-16 le soláthar ag an leibhéal áitiúil* agus ar an *chohórt 16-19 le soláthar ar leibhéal réigiúnach* i gcásanna nach bhfuil oideachas in ábhar ar leith ar fáil sa soláthar áitiúil.

**Soláthar Reatha ar fud na hEarnála GS**

***Staitisticí***

Tacaíonn gach leibhéal leis an leibhéal dar gcionn. Ón pheirspictíocht straitéiseach, is gá ina dhiaidh sin bheith meabhrach ar an earnáil a fhorbhreathnú.

[2] An Roinn Oideachais a thug na figiúirí a tuairiscíodh do Choláiste Feirste agus na soláthraithe a thug figiúirí do na hAonaid ó bhéal ag seisiún fianaise nó i bhfoirm scríofa ina dhiaidh sin.

Thug an Fhoireann Staitisticí agus Taighde sa Roinn Oideachais na staitisticí seo a leanas a bhaineann le daltaí Gaelscolaíochta do scoilbhliain 2013/14

| **Soláthar/Cineál** | **Réamhscolaíocht** | **Bunscolaíocht** | **Iar-Bhunscolaíocht** |
|---|---|---|---|
| Deonach agus Príobháideach (áiteanna maoinithe) | 467 | | |
| Scoileanna GS | 312 | 2570 | 564 |
| Aonaid GS | 26 | 686 | 267 |
| **IOMLÁN** | **805** | **3256** | **831** |

*Níl figiúirí do dhaltaí atá ag freastal ar naíscoileanna ach nach bhfuil d'aois réamhscoile ná daltaí ag freastal ar Ghaelscoileanna neamh-mhaoinithe san áireamh sa tábla seo.*

**Soláthar Reatha san earnáil GS ag an Leibhéal Iar-Bhunscolaíochta**

Is *neamhspleách* an gnáthchur síos ar shamhlacha reatha *scoileanna* iar-bhunscolaíochta GS i dTuaisceart Éireann. Ciallaíonn sé seo scoil a bunaíodh mar scoil dheontaschúnta a bhfuil a Bord Gobharnóirí féin aici atá cuntasach don Roinn. Níl ach scoil IBS GS amháin den sórt i dTuaisceart Éireann, mar atá, Coláiste Feirste, Béal Feirste. Tá trí ionad eile ann a gcuirtear síos orthu mar *aonaid* GS agus iad ceangailte d'óstscoileanna Béarla, in Ard Mhacha, ar an Domhnach Mór agus i gCaisleán Uidhlín. Bunaíodh iad seo uile tríd an phróiseas Moladh Forbartha (MF) agus faomhadh an Aire acu. Níor chomhlíon Caisleán Uidhlín na critéir líon rolla go fóill, áfach, le go mbeadh sé deontaschúnta. Tairgeann Coláiste Feirste lán-tumoideachas agus glactar leis go gciallaíonn sé sin go dteagasctar an curaclam iomlán trí mheán na Gaeilge. Tá tuilleadh plé ar chás na n-aonad thíos.

Is é an sainmhíniú ar *aonad* sa *Tuarascáil ar Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht 2009* mar 'ionad atá ceangailte de scoil Bhéarla ina soláthraítear an curaclam trí mheán na Gaeilge'. Is é seo an chiall agus an réadúlacht a bhaineann leis an téarma maidir le samhlacha GS sa Phoblacht. Tá sainmhíniú eile sa *Tuarascáil ar Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht 2009* ar *shruth* mar 'ionad atá ceangailte de scoil Bhéarla ina soláthraítear cuid den churaclam trí mheán na Gaeilge agus cuid de trí mheán an Bhéarla.' Tagann dhá cheist aníos as na sainmhíniúcháin seo.

(i) I dtosach báire, tá débhrí ag baint leis an fhrásaíocht a úsáidtear le cur síos ar shruth i dtéarmaí 'cuid den churaclam trí mheán na Gaeilge agus cuid de trí mheán an Bhéarla.' D'fhéadfaí an chiall a bhaint as go n-úsáidtear dhá theanga, Gaeilge agus Béarla sa chás seo, le gach réimse sainiúil den churaclam a theagasc. Is é an cur chuige atá amhlaidh, dáiríre, go soláthraítear roinnt réimsí den churaclam trí mheán na Gaeilge agus roinnt eile trí mheán an Bhéarla. D'fhéadfaí an mhíthuiscint chéanna a bheith i gceist le húsáid an téarma *détheanga* nó *cur chuige dátheangach.*

(ii) Lena chois sin, is *sruthanna* iad, dáiríre, na *haonaid* faoi mar a chuirtear síos orthu in TÉ.

***Cónascadh***

I measc na moltaí sa Tuarascáil ar Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht 2009 bhí coincheap nuálach, *cónascadh,* nó scoil chónasctha, ag leibhéal bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta GS araon. Is é an sainmhíniú air seo 'scoil aonair de réir dlí, ina bhfuil príomhoide amháin agus Bord Gobharnóirí amháin, ach ag feidhmiú ar dhá láithreán nó níos mó.' Cé gur tugadh aird ar an rialachas, níl an fad idir suíomhanna sainithe ná níl soiléire ann ar bhuiséad ná ar chúrsaí foirne ná ar shuíomh na foirne teagaisc, ceist atá níos práinní, b'fhéidir, ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta.

***Tumoideachas***

Maidir le téarmaíocht, is cosúil go n-úsáidtear an Ghaelscolaíocht (IME/GS), amhail WME agus GME mar théarma ar leithligh le cur síos ar chéimeanna éagsúla de thumadh curaclaim a bhféadfadh nó nach bhféadfadh úsáid institiúideach nó riaracháin na tumtheanga bheith ag gabháil léi.

Tairgtear leibhéil dhifriúla tumoideachais le cineálacha reatha soláthair. Tá an ceanglas reachtúil le bheith ainmnithe mar scoil GS leagtha amach i dtéarmaí curaclaim agus ábhar in Ordú Oideachais 2006. Is féidir, áfach, trí churaclam athbreithnithe TÉ, *modúil* a dhéanamh i nGaeilge nó i Béarla laistigh de na réimsí difriúla foghlama ag EC 3 agus 4. Tuairiscítear go raibh deacrachtaí ag baint leis an chur chuige seo maidir lena fheidhmiú agus a mhodhnú, go háirithe sa GS. Is féidir tumoideachas a thomhas fosta i dtéarmaí úsáid na teanga i bpobal na scoile agus na ranganna. Nuair a ghlac an Grúpa leis an ainmniú reachtúil mar threoir dá moltaí, phléigh siad fosta coincheap an 'am teagmhála' leis an Ghaeilge (am teagaisc san áireamh) mar thomhas tumoideachais, agus na hathruithe curaclaim agus cleachtais reatha seo i scoileanna san áireamh, ar tharla siad uile ó Ordú Oideachais 2006. Dá thairbhe seo, bhí an Grúpa sásta go raibh modh sásúil acu le ham teagmhála a thomhas.

Lena chois sin, aithníodh go bhféadfadh impleachtaí dlí a bheith le haon mholadh de chuid an Ghrúpa a bhain le samhlacha difriúla ag tairiscint leibhéil níos ísle tumoideachais .i. níos lú ná 50%+.

***Rialachas agus maoiniú***

Tá dlúthbhaint idir rialachas agus maoiniú. Maidir le rialachas agus maoiniú, is scoil iomlán neamhspleách í an scoil IBS GS ach is é a mhalairt é i dtaca leis an aonad de atá ag brath go hiomlán ar an dream a reáchtálann é. Is i gcás shamhlacha na n-aonad, nach bhfuil neamhspleách go hiondúil, atá sainmhíniú agus foclaíocht níos cruinne de dhíth maidir le haon phrótacal léirbhunaithe.

**Comparáid leis an Deisceart (PÉ)**

Is úsáideach comparáid a dhéanamh leis an deisceart, ós rud é go bhfuil teagmhálacha trasteorann go forleathan agus gurb ionann teanga an tumoideachais. Ó thaobh cúrsaí ginearálta oideachais de, feictear sna comparáidí na nithe seo a leanas:

(i) Earnáil GS ag leibhéal IBS dea-fhorbartha (cé nach mbíonn rátaí 100% aistrithe/ coinneála aici) a bhfuil an-mheas uirthi ar 5% den chóras dara leibhéal í.

(ii) Polasaí oifigiúil ag athrú maidir le pleanáil (**Aguisín 6**).

(iii) Dea-chóras tacaíochta, idir reachtúil agus neamhreachtúil.

Maidir le gnéithe níos sainiúla de shamhlacha, cuireadh in iúl don Ghrúpa gur scoil GS neamhspleách GS an rogha samhla, nach ann ach do dhá shruth sa chóras ar fad, go nglactar le haonaid nuair nach leor an t-éileamh ar scoil neamhspleách. Maidir le haonaid, is amhlaidh gur fearr le tuismitheoirí deighilt fhisiceach leis an óstscoil; go nglactar roinnt ábhar i scoil Bhéarla ó am go chéile, go háirithe sa tSraith Shinsearach, le roghanna daltaí a chinntiú; go gcothaítear idir fhéiniúlacht agus éiteas GS go comhuaineach le leibhéal áirithe imeasctha leis an óstscoil.

Tá dhá scoil chónaithe sa Deisceart, bunscoil amháin (Coláiste na Rinne, Contae Phort Láirge) agus iar-bhunscoil (Coláiste Íde, Contae Chiarraí), iad beirt suite sa Ghaeltacht. Tá an coláiste cónaithe GS do dhaltaí bunscoile sa bhliain deiridh ann le 100 bliain.

**Soláthar Féideartha san Earnáil GS ag Leibhéal na hIar-Bhunscolaíochta Amach Anseo**


***Suíomh agus inrochtaineacht***

D'aontaigh an grúpa gurb é an suíomh is fearr do sholáthar IBS an áit ar féidir freastal ar an líon is mó bunscoileanna GS sa scoilcheantar máguaird. Ar an bhonn seo, bhreithnigh an Grúpa ceantair ina bhfuil líon ard réamhscoileanna GS agus bunscoileanna inmharthana agus ina bhfuil rátaí aistrithe go leibhéal IBS go hard nó a d'fheadfadh bheith ní b'airde. Thosaigh an Grúpa le sraith léarscáileanna (a bhuí le CnaG) ar a léirítear ionad soláthar reatha GS ag leibhéal bunscolaíochta agus réamhscolaíochta agus iad laistigh de 8 gceantar pleanála GS (cuid acu ag forluí ar a chéile) agus treoir ar an fhad chuig an iar-bhunscoil fhéideartha is cóngaraí. I ndiaidh tamall plé, d'aontaigh an Grúpa leis na suíomhanna a bhí sainaitheanta ag CnaG.

***An Dún Thoir – Ceantar 1***


Phléigh an Grúpa Aonad Naomh Maolmhaodhóg, Caisleán Uidhlín. Tá ceithre bhunscoil ina scoilcheantar ach go bhfuil scoil acu ar theorainn an Dúin/Ard Mhacha.

D'aithin an Grúpa go bhfuil deacrachtaí ann óir níl an t-aonad maoinithe as siocair nár chomhlíon sé ar dtús na critéir a bhaineann le líon iontrála de 12 ar a laghad. Ba cheist í fosta infhaighteacht agus costas córas cuí iompair. Mar sin féin, is é an suíomh is fearr é don cheantar pleanála GS atá i gceist.




***Aontroim Thuaidh – Ceantar 2***

Ní bheadh taisteal chuig an soláthar iar-bhunscolaíochta GS is cóngaraí atá ar fáil indéanta do dhaltaí Aontroma Thuaidh.



***Doire Thiar Thuaidh/Tír Eoghain Thiar – Ceantar 3***


Chuir ionadaithe na bpobal i nDoire Thiar Thuaidh agus i dTír Eoghain Thiar in iúl gur Cathair Dhoire a rogha mar shuíomh inmhianaithe do sholáthar iar-bhunscolaíochta GS. Ghlac an Grúpa leis seo mar an rogha is fearr faoi láthair i bhfianaise mhianta reatha an phobail.



***Doire Theas/Lár Uladh – Area 4***


Machaire Rátha an chéad rogha do shuíomh soláthar iar-bhunscolaíochta GS i gceantar Dhoire Theas/Lár Uladh agus Machaire Fíolta an dara rogha. Tuairiscíodh go raibh suíomh i gceantar Dhoire Theas/Lár Uladh, taobh amuigh de Dhún Geimhin sainaitheanta ag an choiste áitiúil.

Bhí soláthar neamhspleách iarrtha ag an phobal i nDoire Theas agus bhreithnigh an Grúpa samhail a dtiocfadh léi oibriú i dtreo lán-tumoideachais. Aontaíodh gurbh fhéidir nach bhfuil an rogha atá curtha in iúl ag Doire Theas indéanta faoi láthair.



***Ard Mhacha/An Dún Theas - Ceantar 5***

Aontaíodh go raibh ag éirí go hiontach leis an aonad ag Coláiste Chaitríona, Ard Mhacha agus ina fhianaise seo go bhféadfadh sé bogadh i dtreo an neamhspleáchais, dá n-aontódh an óstscoil agus na tuismitheoirí a leithéid de bheart.[3]





---

[3] Ba mhian le roinnt tuismitheoirí as an Lorgán (a bhfuil rogha acu idir soláthar GS i mBéal Feirste agus in Ard Mhacha) go mbreithneofaí ar GS mar chuid den athchumraíocht reatha áitiúil. Tugadh faoi deara fosta gur iarr roinnt tuismitheoirí soláthar aonaid i Scoil Buachaillí in Ard Mhacha.

***Tír Eoghain Thoir – Ceantar 6***


Aontaíodh gurb é an tAonad Reatha GS i gColáiste Naomh Iósaef an suíomh is fearr cé go mbeidh gá le breithniú ar cheist na teidlíochta TGMO in aon phlé ar shamhlacha a bheas ann amach anseo.

Faigheann an tAonad seo, nó d'fhéadfadh go bhfaigheadh amach anseo, iontrálacha ó 4 bhunscoil áitiúla timpeall theorainn Dhoire Theas/Thír Eoghain chomh maith leis an Ómaigh atá 23 míle ar shiúl. Tá sé ag fás go seasmhach ó bunaíodh é.



***Fear Manach/Tír Eoghain Theas – Ceantar 7***

Níl ach beagán bunscoileanna agus líonta beaga daltaí sna ceantair seo agus shocraigh an Grúpa breithniú na gceantar seo a fhágáil i leataobh go ceann tamaill. Moladh go scrúdódh an Roinn an fhéidearthacht a bhaineann le soláthar iar-bhunscolaíochta GS do cheantar Fhear Manach trí shocruithe trasteorann agus do cheantar Thír Eoghain Theas trí sholáthar iar-bhunscolaíochta GS ar an Ómaigh mar ar chóir breithniú ar ionad ar shuíomh Lisanelly. Lena chois sin, d’iarr tuismitheoirí Fhear Manach go bhfreastalódh iar-bhunscoileanna Béarla ar dhóigh níos oiriúnaí ar dhalta a bhíonn ag aistriú ó bhunscoil GS.




***Béal Feirste/ Aontroim Theas – Ceantar 8***

Bhreithnigh an Grúpa an cheist ar leor scoil neamhspleách lán-tumoideachais IBS amháin, i gceantar uirbeach atá ag forbairt, faoi choinne riachtanais reatha agus an ama atá le teacht trí Choláiste Feirste.

Le linn phlé an Ghrúpa, Béal Feirste a tháinig chun cinn mar an rogha is láidre, mar a dtiocfadh le Coláiste Feirste, agus é méadaithe agus feabhsaithe, bheith in ann riachtanais an Chreata Theidlíochta a chomhlíonadh. Tá Coláiste Feirste faoi láthair á riar ag 11 bhunscoil GS.

D'fhéadfadh éileamh pobail agus forbairt soláthar bunscolaíochta feasta, agus rátaí coinneála méadaithe mar gheall orthu, tionchar a bheith acu ar Bhéal Feirste Thuaidh mar a bhféadfaí roghanna eile a mheas amach anseo.



**Maoiniú**

***Staid ghinearálta airgeadais***

Is furasta staid ghinearálta airgeadais soláthar reatha IBS a chur in iúl. Tá an soláthar ag brath go huile is go hiomlán ar mhaoiniú stáit atá, ar a laghad ar bith, ag brath ar chritéir shainiúla a chomhlíonadh. Mar gheall ar mhéid agus nádúr scaipthe an phobail GS, chomh maith le hoideachas GS ag cur soláthar úr ar fáil, ón fhíorthús, ní bhíonn líon ard daltaí i gceist sna luathbhlianta. Bíonn tionchar aige seo, dá réir, ar an mhaoiniú a bhíonn ar fáil. Tá fadhbanna maoiniúcháin tuairiscithe ag na hAonaid go háirithe, ina gcuid iarrachtaí a oiread tumoideachais agus is féidir a chur ar fáil.

***Socruithe reatha*** *(go dtí Márta luath 2014)*

<u>Scéim Creat Chomónta agus Foirmle Iarmhartach (CFF)</u>

Tá sraith comhphrionsabal mar bhonn agus taca ag an scéim agus foirmle seo.
Faoin Scéim Creat Chomónta agus Foirmle iarmhartach reatha seo, tá an staid mhaoiniúcháin mar atá sonraithe thíos.

<u>Faigheann gach scoil maoiniú ar nós:</u>

- Croí-AWPU (per dalta)
- Limistéar áitreabh agus per dalta
- TSN le riachtanais shainaitheanta a léiriú
- Tacaíocht do Scoileanna Beaga nuair is infheidhme
- Tacaíocht chúitimh do thuarastail múinteoirí os cionn an mheáin nuair is infheidhme

<u>Do dhaltaí GS, is é an méid a chuirtear leis an AWPU</u>

- 0.055 ag leibhéal na bunscolaíochta (iomlán £110.33 an dalta; £337,050 san iomlán 2013/14)
- 0.014 ag leibhéal IBS (£28.08 an dalta; £21,596 san iomlán 2013/14)

Mar aitheantas ar a sainchúinsí teanga, do thacaíocht churaclaim ag éirí as soláthar an Bhéarla ag EC 2 MÓIDE ábhair churaclaim ag an dá leibhéal do GS.

<u>Lena chois, faigheann AONAID GS (mar aonaid scoite laistigh d'óstscoil) maoiniú breise</u>

- faoi choinne freagrachtaí breise riaracháin agus bainistíochta (cosúil le Fachtóir Tacaíochta Scoileanna Beaga) atá ag brath ar mhéid agus próifíl an Aonaid
- <u>Aonad Bunscolaíochta GS</u>: £21,090 (suas go 50 dalta) go huasmhéid £42,180 (suas go 100 dalta) go nialas (300+ dalta)
- <u>Aonad IBS</u>: £55,600 (suas go 100 dalta); £111,201 (200 dalta) – cothrom le 2.9 x tuarastal ábhartha M6; nialas (550 nó níos mó)

Ba é £205,166 an leithdháileadh iomlán in 2013/14 d'aonaid dara leibhéal agus ba é £797,065 do 3,055 dalta sa chóras an caiteachas iomlán ar gach gné de bhreisíocht GS.

Is ionann sin agus £260 an dalta, a bhféadfaí breathnú air mar an costas ar na deiseanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí éirí dátheangach trína soláthar oideachais.

## (8) Fianaise ó pháirtithe leasmhara

Bhuail an Grúpa le croípháirtithe leasmhara lena n-áirítear:

- Tuismitheoirí agus ionadaithe scoile ó cheantar Dhoire/Dhoire Theas;
- Ionadaithe ó Roinn Oideachais Rialtas na Breataine Bige ;
- Ionadaithe ó Roinn Oideachais Rialtas na hAlban ;
- Ionadaithe ó Phoblacht na hÉireann;
- Cleachtóirí ó scoileanna agus aonaid reatha GS; agus
- Oideachasóirí, acadóirí, seirbhísí tacaíochta (ESA, ITT, CCEA & C2k; Áisaonad) agus speisialtóirí Gaelscolaíochta, cultúrtha agus teanga.

Aontaíodh gurb iad na daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí na croípháirtithe leasmhara. Mheas an Grúpa gur den tábhacht a fháil amach cén dearcadh atá acu agus ansin a shocrú cén dóigh is fearr lena chinntiú go gcuirtear a gcuid tuairimí san áireamh nuair a bhíonn soláthar á fhorbairt.

**Tuismitheoirí**

Mar iarracht dearcadh tuismitheoirí a fháil amach, rinne an Grúpa dhá shuirbhé inar eisíodh ceistneoirí do thuismitheoirí páistí Bunscoileanna Gaeilge agus do thuismitheoirí páistí Naíscoileanna Gaeilge. Chomhoibrigh bunús na scoileanna, ach ní gach scoil, leis an Ghrúpa chun é seo a éascú. Fuarthas freagraí ó 23 de na 36 bunscoil agus 7 bhfreagra ó naíscoileanna. Fuarthas dhá fhreagra ó bhunscoileanna a cháin an cineál suirbhé a bhí ann ar an ábhar, dar leo, go rabhthas ar lorg na comhthuisceana is ísle i dtéarmaí roghanna. Tá anailís iomlán ar na freagraí in **Aguisín 2**.

Ó na suirbhéanna agus ó na seisiúin a tionóladh, d'éirigh sé soiléir gur cúrsaí oideachais nó teanga nó an dá chuid a spreagann tuismitheoirí le GS a roghnú dá gcuid páistí. Ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta, ba cheist thábhachtach í oideachas san am atá le teacht agus deiseanna fostaíochta agus b'amhlaidh an cás maidir le seasamh na scoile, bíodh iar-bhunscoil GS nó iar-bhunscoil Bhéarla ina bhfuil aonad iar-bhunscolaíochta GS i gceist. D'fhéadfaí glacadh leis go dtiocfadh athrú ar na dearcthaí seo thar am de réir mar a leathfadh agus go normalófaí soláthar GS ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta agus go mbeadh a thionchar níos soiléire.

**Múinteoirí**

***Dearcadh ag múinteoirí Bunscoileanna (Príomhoidí) ar sholáthar GS ag IBS (Cathair Dhoire agus Doire Theas)***

Ó na seisiúin a tionóladh le Príomhoidí, ba ríshoiléir go raibh soláthar IBS de dhíth ar gach Príomhoide dá gcuid daltaí, go raibh an easpa leanúnachas soláthair seo mar dhídhreasú ag tuismitheoirí GS a roghnú agus gurbh í ab údar don pháiste aonair líofacht teanga a chailleadh, rud nach raibh gá leis agus nach raibh le leas na bpáistí ná le leas phobal na Gaeilge. Chuir cuid mhór tuismitheoirí in iúl go raibh siad sásta roghanna éagsúla agus faid dhifriúla taistil a bhreithniú leis an soláthar a chinntiú.

Ba chóir a rá fosta go raibh an *infheistíocht* atá déanta ag tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí agus RO sa soláthar bunscolaíochta thíos leis fosta mar gheall ar an easpa dul chun cinn seo. Rinneadh dhá phointe eile le linn an phróiseas bailithe fianaise seo; go bhféadfaí nach bhfaigheadh an dalta bunscoile GS nach bhfuil fáil aige/aici ar GS de shórt éigin ag an dara leibhéal scolaíocht chuí, ó thaobh teanga de, i meánscoil Bhéarla; d'ainneoin an iomad acmhainní atáthar a chur ar fáil do GS, go bhféadfaí nach bhfaigheadh foghlaimeoirí Gaeilge i scoileanna Béarla, ag teacht ó bhunscoileanna GS, an aird chuí cé gurb iad an móramh iad taobh istigh den chohórt atá ag fágáil an chóras bunscolaíochta GS, nuair a chuirtear an easpa GS ag leibhéal IBS san áireamh.

**Fócas-Ghrúpaí**

Rinneadh an pointe ag seisiúin F**ócas-Gh**r**ú**paí go mbeadh tuilleadh comhoibrithe agus tacaíochta le leas na hearnála GS agus gur chóir níos mó comhtháthaithe a chur chun cinn. Chinnteodh comhtháthú den sórt seo comhairle agus scáth tacaíochta do mhúinteoirí, bíodh siad ag teagasc Gaeilge nó trí mheán na Gaeilge. D'fhéadfaí comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal a shamhlú. Tá na ceisteanna a ardaíodh mionsonraithe in **Aguisín 7**.

Maidir le TFC agus *soláthar áiseanna curaclaim*, bhí tráchtanna na bpáirtithe leasmhara agus na bhfócasghrúpaí go dearfach.

- Tá cuid mhór áiseanna ar fáil mar r-leabhair

Tá na sleachta seo a leanas ón phlé le linn cruinnithe páirtithe leasmhara agus fócasghrúpaí ábhartha.

- Tá féidearthachtaí praiticiúla agus buntáistí ag baint le scoileanna a cheangal trí úsáid TFC agus/nó foghlaim ar líne a úsáid le haghaidh teagasc tosaigh.
- D'ainneoin go mbeadh fadhbanna le teagasc ar líne, m.sh. fadhbanna amchláir, tá féidearthachtaí ollmhóra ag baint leis ach ba é an tuairim fhorleathan nach féidir múinteoir maith 'beo' a shárú.
- D'fhéadfaí gur cuid den fhreagra ghearrthéarmach do GS é an TFC .
- Tá an TFC costasach, áfach, is féidir fadhb a bheith i gceist le tacaíocht theicniúil, bíonn méid áirithe eagla ar mhúinteoirí roimhe agus bheadh siad le huasoiliúint.

Chuir na Fócas-Ghrúpaí in iúl don Ghrúpa gur cosúil go bhfuil an líon daltaí ag gabháil don Ghaeilge ag TGMO ag laghdú ach go bhfuil Gaeilge ag Ard-Leibhéal seasmhach go leor. Tuairiscíodh leis an Ghrúpa fosta go bhfuil níos mó mic léinn tríú leibhéal ag gabháil do chéim onóra aonábhair agus go bhfuil gá le níos mó mac léinn ag gabháil do chomhchéimeanna le freastal ar riachtanais reatha agus an ama atá le teacht. Is féidir fadhbanna bheith ag baint le háiseanna do scoileanna, sa mhéid nach mbíonn maoiniú ar fáil in amanna ach le teanga shainiúil amháin a theagasc agus, mar sin de, go dtarlaíonn sé  nach dtig le scoil an Ghaeilge a thairiscint. Tá an Ghaeilge in iomaíocht le teangacha eile, go háirithe i scoileanna neamhroghnacha. Cuireadh ábhair imní in iúl faoi churaclam athbhreithnithe TÉ agus rinneadh an pointe nach bhfóireann an córas céanna do chách. Faoin Chreat Teidlíochta, tá 24 cúrsa ar a laghad le soláthar suas go dtí Eochairchéim 4 agus iar-16 ach roghnaítear iad seo as measc na mílte cúrsa, idir Ghinearálta agus Acadúil.

Cuireadh in iúl gurb ann do chineálacha éagsúla dreasaithe: in PÉ, faigheann daltaí pointí breise sa mhatamaitic san Ardteist má shuíonn siad an scrúdú tríd an Ghaeilge agus gur bónas é seo a chuireann lena ndeiseanna iontrála ag an tríú leibhéal

Ba théama láidir ag na seisiúin Fócas-Ghrúpa an comhoibriú agus an gá atá le comhoibriú comhtháthaithe a chur chun cinn in oideachas múinteoirí idir an tuaisceart agus an deisceart le saineolas a roinnt.

**Ceisteanna Thuaidh/Theas**

Ag éirí as fianaise a thugtar ó bhéal agus i bhfoirm scríofa ó rannpháirtithe Fócas-Ghrúpa agus ó pháirtithe leasmhara eile a raibh cuireadh orthu, cuireadh an Grúpa ar an eolas faoi réimse ceisteanna a bhaineann le GS agus córais tacaíochta dá fheidhmiú, thuaidh agus theas. Áirítear leis na ceisteanna seo, go háirithe, riachtanas:

- *A bhaineann le háiseanna*
    - faoi choinne córais le comhoibriú níos éifeachtaí idir na Ranna agus na soláthraithe, thuaidh agus theas a sholáthar chun go rialófar na háiseanna a tháirgtear don earnáil iar-bhunscolaíochta Gaelscolaíochta;
    - faoi choinne córais le comhoibriú níos éifeachtaí idir soláthraithe leis an phróiseas táirgeachta a luathú, buntáistí 'táirgí' a uasmhéadú agus luach ar airgead a mhéadú;
    - a chinntiú go bhfuil an méid a tháirgtear inrochtana ag scoileanna/foghlaimeoirí GS ar fud an oileáin, lena n-áirítear trí úsáid TFC (Cuireadh ábhar imní in iúl maidir le tuairiscí go raibh téacsleabhair á dtáirgeadh ach nach raibh siad á n-úsáid; agus nach raibh áiseanna ar líne a táirgeadh ar fáil trí C2k);
- *A bhaineann le pleanáil leanúnach do GS, cúrsaí iompair san áireamh*
    - eolas níos cruinne, ar bhonn bliantúil, leis an líon daltaí ón tuaisceart a fhreastalaíonn ar GS sa deisceart (agus vice versa) nó daltaí ar mhian leo a leithéid a dhéanamh;
- *A bhaineann leis an obair agus taighde leanúnach luachmhar atá ar siúl ag an Choiste Sheasta Thuaidh Theas ar an Ghaelscolaíocht*
    - ról méadaithe agus próiseas éifeachtach scaipthe eolais don fhoras, ag aithint go bhfuil laghdú ar líon na bhforas bunmhaoinithe deonach mar gheall ar an tsamhail nua mhaoinithe atá á fheidhmiú ag Foras na Gaeilge, lena n-áirítear iad siúd in earnáil an oideachais. Is é an toradh atá air sin go mb'fhéidir go n-athródh ballraíocht reatha an Choiste Sheasta amach anseo.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar mhórphointí na mbeart bailithe fianaise mar seo a leanas :

- Buntáistí an tumoideachais a aithint.

- Gá práinneach le soláthar iar-bhunscolaíochta trí mheán na Gaeilge a mhéadú le tacaíocht onnghníomhach, chuí RO

Mianta éagsúla ag pobail agus ag tuismitheoirí maidir le roghanna tosaigh samhlacha soláthar IBS.

- Réimse fadhbanna maoiniúcháin, go háirithe do na roghanna siúd atá ag feidhmiú mar aonaid faoi láthair

- Easnamh sainmhúinteoirí leis an churaclam a chur i bhfeidhm i soláthar an tumoideachais.

- An gá atá le comhoibriú níos struchtúrtha agus soiléire faoi gach ról ag gach leibhéal i measc na ngníomhaireachtaí éagsúla tacaíochta do GS, bíodh siad bainteach leis an roinn, reachtúil nó eile.

## (9) An Ghaelscolaíocht i dTuaisceart Éireann – An Bealach chun Cinn agus Moltaí

**Intreoir**

Sa rannán deiridh seo, tá sraith moltaí déanta ag an Ghrúpa i ndiaidh dóibh an t-eolas ar fad a fuarthas tríd an mhodheolaíocht a úsáideadh a ghlacadh ar bord. Den chuid is mó, tá trí chomhpháirt fhoriomlána ann; eilimintí riachtanacha cur chuige straitéiseach i leith pleanáil le haghaidh GS ag na húdaráis; conair forbartha ag leibhéal IBS; sraith moltaí ar cuidiú iad le tosca a chuireann srian ar fhorbairt leanúnach GS ag leibhéal IBS a chealú.

**Pleanáil Straitéiseach**

Is réamhriachtanas cur chuige straitéiseach den phleanáil chun cinn. Is é atá de dhíth san fhadtéarma maidir le soláthar GS *réamhphleanáil agus leanúnachas pleanála*. Aontaíodh go bhfuil leordhóthain bunscoileanna anois ann le bheith ábalta soláthar iar-bhunscolaíochta a phleanáil a bheadh ag cur leis an tsamhail foghlaim cheantair ar rogha leis an Roinn í. Tá gach leibhéal ina dhiaidh sin, áfach, ag brath ar neart an leibhéil roimhe ó thaobh na pleanála de. Aontaíodh gur chóir don Roinn cur chuige *onnghníomhach* straitéiseach a bheith aici lena fháil amach cad é an t-éileamh atá ann agus mar is féidir riar air trí sholáthar. Nuair a chuirtear éileamh in iúl, chaithfí an riachtanas a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh an bhfreastalófaí air agus cén dóigh. Ba chuidiú é an t-eolas staitistiúil a bheadh ar fáil leis an tsamhail ab fhearr a d'fhreastalódh ar an riachtanas a shocrú.


**MOLANN** an Grúpa go gcuireann an Roinn d'iallach ar an údarás pleanála cuí meicníocht a fhorbairt le líon na bpáistí ar mian leo dul go hoideachas GS ag gach leibhéal a shainaithint ionas gur féidir riar ar an éileamh agus go mbeidh an phleanáil ar bhonn fadtéarmach. D'fhéadfaí seo a dhéanamh i gcomhpháirt le CnaG.

Is é dearcadh an Ghrúpa, maidir le comhthéacs *straitéiseach* pleanála, go gcaithfear túsphointe a shocrú. Caithfidh córas atá ag forbairt tosú áit éigin. Bhí díospóireacht thréan ann ar cé acu atá sé sin ag leibhéal íseal iontrála GS ar dtús d'fhonn rochtain agus cuimsiú a chinntiú nó trí modhanna nuálacha le buaicphointe stádais mar scoil neamhspleách a bhaint amach taobh istigh d'amscála réasúnta, nó an go bhfuil an dá chuid amhlaidh.

Chonaic an Grúpa a dtasc mar phróiseas agus dá mbeadh soláthar GS de dhíth ar aon duine i dTuaisceart Éireann, go mbeadh céimeanna nó critéir shoiléire le leanúint agus le chomhlíonadh. D'fhéadfaí an próiseas a fheiceáil mar thuras céimnithe le roinnt leis an phobal agus go gcuirfí cineálacha éagsúla cúnaimh in ionad constaicí ar an turas a thosú nó leanúint de.

Bhreithnigh an Grúpa Comhairleach comhthéacs *pleanáil cheantair* maidir le GS tríd an údarás pleanála cuí. Dúradh leis gurb é atá i gceantar pleanála GS, dála na scoileanna uile, cibé rud is gá le freastal ar riachtanais aos óg an cheantair atá i gceist.

**MOLANN** an Grúpa, mar sin de, go dtreorófar na húdaráis phleanála le aird ar leith a thabhairt ar GS in aon athchumrú pleanáil áitiúil san am i láthair agus san am atá romhainn.


N
E
S
W
1st PP Choice
2nd PP Choice
1
2
3
4
5
6
7
8
Gaelscoil Cois Feabhail
Gaelscoil an Chaistil
Gaelscoil na Daróige
Gaelscoil Léim an Mhadaidh
Gaelscoil Neachtain
Coláiste Ailigh
Owenbeg GAA facility
Gaelscoil Uí Dhochartaigh
Coláiste Phádraig
Gaelscoil an tSeanchaí
36 Magherafelt Road Site
Gaelscoil na Deirge
Gaelscoil Éanna
Gaelscoil Ghleann Darach
Bunscoil Mhic Reachtain
Gaelscoil an Lonnáin
Gaelscoil na bhFál
Gaelscoil Uí Néill
Coláiste Naomh Iosaef
Gaelscoil Aodha Rua
Bunscoil an Traonaigh
Coláiste Oirialla
Scoil Mhuire & Phadraig
Ardscoil Mhaolmhaodhóg
Bunscoil an Iúir
Proposed Narrow Water Bridge
Gaelscoil na mBeann
Gaelscoil Phádraig Naofa
Coláiste Lú

Mar sin féin, ionas gur fearr ar féidir leas a bhaint as gach buntáiste féideartha oideachasúil agus le cur le saineolas GS i gceantair reatha, d'fhéadfaí an saincheantar GS a leabú fosta i gCeantair Pleanála reatha.

I dtéarmaí pleanáil cheantair agus forbairt amach anseo, ba chóir riachtanais cheantair agus éilimh a choinneáil faoi shíor-athbhreithniú agus glacadh leis go mbeadh gá le hanailís riosca a dhéanamh ar aon fhoráil úr agus d'fhéadfadh plean a bheith i gceist le dul ina mhuinín mura mbainfí an cháilíocht chuí amach.

Is bunphrionsabal de chuid na reachtaíochta reatha í forbairt onnghníomhach na hearnála GS. Pléadh go follasach le ceist fhéideartha leithcheala ar bith i mbreithiúnas Treacy (Deireadh Fómhair 2011).

Maidir le comhairle agus treoir a thairiscint ar chur chuige straitéiseach ag RO amach anseo i leith dea-fhorbairt GS ón leibhéal reatha an-tearcfhorbartha IBS, **MOLANN** an Grúpa a leanann:

- Glactar leis roimh ré, maidir le cur chuige straitéiseach, gurb ann do **Léiriú Intinne** (le déanamh ag an Aire);

**Léiriú Intinne RO ar an Ghaelscolaíocht**

De thoradh Thuarascáil an Athbhreithnithe ar an Ghaelscolaíocht 2009, ghlac an Roinn Oideachais le cur chuige i dtaobh na Gaelscolaíochta inar gá go leabófaí an Ghaelscolaíocht i ngach réimse polasaí mar chuid dhílis den phróiseas forbairt polasaí agus forfheidhmiúcháin. Cé gur cuspóir inmholta é seo, is é a tharla dáiríre gur cuireadh polasaí GS na Roinne in iúl go scaipthe agus go neamhleanúnach. Frustrachas croípháirtithe leasmhara arbh éigean dóibh treabhadh tríd an Roinn iomlán lena fháil amach cad é an seasamh atá ann don earnáil GS an toradh a bhí air seo.

Is é dearcadh an Ghrúpa seo gur chóir don Roinn léiriú soiléir intinne a fhoilsiú i leith fhorbairt na Gaelscolaíochta i gcomhthéacs thacar iomlán pholasaithe na Roinne, bhreithiúnas Treacy agus ag cur san áireamh na moltaí atá leagtha amach thíos.

Ba chóir fís na Roinne don earnáil GS a chur in iúl go soiléir sa léiriú intinne chomh maith leis na prionsabail a chomhlíonfaidh sí leis an fhís seo a bhaint amach. Ba chóir go leagfadh sé amach na samhlacha agus na córais tacaíochta a bhunóidh sí le forbairt GS a chur chun cinn agus a éascú ag céimeanna na réamhscolaíochta, na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta. Chuige seo, ba chóir dó róil agus freagrachtaí na gcroípháirtithe leasmhara i bpróisis fhorbairt agus chomhdhlúthú soláthar Gaelscolaíochta a mhionsonrú.

**MOLANN** an Grúpa, d'fhonn an fhorbairt agus an feidhmiú polasaí ar aon dul leis an Léiriú Intinne a mhaoirsiú, gur chóir do RO struchtúir chuí forfheidhmiúcháin a bhunú ag an leibhéal oifigeach (barr anuas) chomh maith leis an leibhéal earnála (bun aníos).
Laistigh de RO d'fheadfaí go gciallódh sé seo coiste trasbhrainse a mbíonn cruinnithe rialta acu ar cheisteanna GS, a mbeadh oifigeach ardghráid ina c(h)athaoirleach air agus a mbeadh sainfhoireann, a d'fhéadfadh bheith mar chomhéadan idir an earnáil agus an coiste ar cheisteanna sainiúla ag freastal air. Laistigh den earnáil, d'fhéadfaí gur tacaíocht níos dírithe do CnaG a bheadh i gceist le cuidiú leo spriocanna straitéiseacha a sheachadadh laistigh de shainphlean foriomlán.

Cé go n-aontaíonn siad go bhfuil luach le polasaí GS a phríomhshruthú i ndiaidh mholtaí Thuarascáil an Athbhreithnithe ar an Ghaelscolaíocht 2009, tá ábhair imní ag an Ghrúpa faoi easpa fócas cuí nó laghdú fócais féideartha laistigh de chur chuige a bhfuil bonn róleathan aige. Le cois an Léirithe Intinne, feiceann an Grúpa an leas atá le baint as:

- promhadh tosaigh teanga ar impleachtaí gach moladh polasaí oideachais; agus
- monatóireacht leanúnach ar thionchar polasaí sainiúil mar a fheidhmítear san earnáil GS lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm; agus le mionathruithe ar bith a éascú.

**MOLANN** an Grúpa bunú comhghuaillíocht dheonach ar leith de sholáthraithe Iar-bhunscolaíocht GS, amhail na pobail foghlama ceantair reatha, le spás a sholáthar ina mbíonn scoileanna agus pearsanra GS ag obair i bpáirt lena chéile ar na dúshláin a thagann le hathruithe curaclaim agus ar na heiliminti sainiúla a thairgtear ag leibhéal IBS GS. Roinnfí an spás seo idir gach scoil GS agus, ag an am céanna, leabófaí é i bpobail reatha foghlama cheantair le teagmháil trasearnála agus comhthacaíocht a chinntiú.

**Moladh Forbartha (MF) agus Prótacail**

Aithníodh an gá le liosta sainiúil eiliminti atá de dhíth in MF a leagan amach maidir le samhlacha ar bith a bheadh an Grúpa a mholadh. Faoi láthair, i dtéarmaí Moladh Forbartha, tá próiseas le leanúint ag iarratasóirí ach níl critéir shainiúla ann ar bun a fhad is go bhfuil an MF ar aon dul le polasaithe rialtais. Phléigh an Grúpa an Moladh Forbartha agus an próiseas Moladh Forbartha agus an cháipéisíocht a ghabhann leis. Tá treoir ar fáil ón Roinn chomh maith le heolas tacaíochta. Nuair a bhíonn an cás ar son an MF á dhéanamh, ba chóir don mholtóir go leor feidhme a bhaint as an Pholasaí Scoileanna Inbhuanaithe (SSP) mar an príomhthiomántóir. Caithfidh fianaise dhaingean ar éileamh a bheith i gceist agus 'rébhealach' soiléir leagtha amach i gcomhair forfheidhmiúcháin a phleanálfar chomh fada chun tosaigh le muinín a thabhairt do thuismitheoirí go mbeidh an scoil ar fáil dáiríre.

**MOLANN** an Grúpa gur chóir do gach cineál soláthar reatha teagmháil a chinntiú le gach scoil áitiúil fhriothálach agus bheith ar a gcumas straitéisí cumarsáide a cheapadh i gcomhpháirt le CnaG le coinneáil mhéadaithe a chinntiú. Is tábhachtach go mbíonn tús áite ag eispéireas oideachais a gcuid páistí agus go gcoinnítear tuismitheoirí ar an eolas ar bhonn leanúnach agus go gcuirtear in iúl dóibh go bhfuil gach rud in ord, maoiniú go háirithe.

Lena chois sin, chonacthas pacáiste 'cothú/síolú' mar ghné ríthábhachtach trína bhféadfaí na hullmhúcháin a dhéanamh lena chinntiú go raibh na socruithe uile faoi choinne oideachas ardchaighdeáin in áit don lá a thiocfadh na chéad daltaí. Bhí cuma indéanta ar mholadh a bhain leis an *phróiseas* MF le tacaíocht, lena n-áireofaí maoiniú, a thairiscint sna céimeanna tosaigh. Glacadh leis go mbíonn a lán brú ar an Phríomhoide ar dtús leis an scoil a chur ar a boinn. Aontaíodh go raibh tacaíocht riachtanach don Ghaelscolaíocht sna céimeanna tosaigh.

Tá méid áirithe cinnteachta de dhíth ar an Roinn go mbeidh múinteoirí ceaptha, go mbeidh an curaclam á sholáthar agus go mbeidh roinnt daltaí ag freastal. Is fearr a léirítear é seo tríd an Mholadh Forbartha, próiseas a bhainfeadh leas fosta as Bainisteoir Tionscadail a bheith aige lena chinntiú go bhfuil an rébhealach i dtreo an fheidhmithe leagtha amach go soiléir agus go héifeachtach agus le leas na chéad daltaí iontrála.

Ghlac an Grúpa leis gur chóir cloí le cur chuige leanúnach, i ngach ceantar, maidir leis na critéir atá le comhlíonadh chun maoiniú scoile nó samhail eile soláthar iar-bhunscolaíochta GS a chosaint.

Go hidéalach, ba chóir ball foirne bheith i bpost ar a laghad bliain roimh oscailt an tsoláthair mholta ionas go mbeidh an struchtúr tacaíochta agus na hacmhainní ar fáil sula dtiocfaidh na daltaí. Ba chás eile é, áfach, samhlacha ar bith don chohórt 16-19.

Is é dearcadh an Ghrúpa gur chóir tréimhse 3 bliana a cheadú ó fhorbairt molta a fhad le feidhmiú agus oscailte an tsoláthair. Ag an chéim forbartha ba chóir tacaíocht a bheith ar fáil ó bhainisteoir tionscadail agus ar fhaomhadh an mholta fhorbartha, ba chóir don phríomhoide tacaíocht a thabhairt le baill foirne a cheapadh agus an scoil a chur ar a boinn. Ba chuidiú é tréimhse den sórt le muinín an phobail a chothú, cumas r-fhoghlama agus cianfhoghlama a fheabhsú agus dea-cháilíocht ceannasaíochta agus bainistíochta a chothú ag leibhéal gobharnóirí agus bainisteoirí sinsearacha araon. Bheadh luach fosta le buntáistí an tsoláthair mholta a léiriú le buanseasmhacht agus inbhuanaitheacht a chinntiú tríd an chineál soláthair mholta a dhreasú, trí shábháilteacht sealbhaíochta do bhaill foirne, trí mhaoiniú imfhálaithe agus soiléire aon chomhaontú leibhéal seirbhíse a cheaptar.

**MOLANN** an Grúpa, d'fhonn rath agus tuilleadh saineolais a chinntiú post príomhoide a mhaoiniú ar feadh bliana roimh oscailt soláthar nua iar-bhunscolaíochta GS ar bith lena chinntiú go bhfuil gach polasaí agus socruithe foirne ann le hoideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil (bunaithe ar an tsamhail a úsáidtear i gcónascthaí scoileanna a mholtar).

Maidir le samhlacha agus an próiseas MF, thug an Grúpa a n-aird ar an ghá atá le soiléiriú téarmaíochta agus ar na himpleachtaí a bhaineann le hathruithe féideartha reachtaíochta. Áiríodh leis seo, soiléire téarmaí ar nós 'GS, sruth, aonad, saorsheasamh agus neamhspleách' chomh maith le himpleachtaí airgeadais dreasachtaí nó tacaíochta agus an tionchar ar threoir Moladh Forbartha maidir leis an fhoclaíocht.

Mar threoir thosaigh fhoriomlán, shocraigh an Grúpa na critéir riachtanacha le haghaidh Moladh Forbartha a leagan amach dóibh féin, mar atá luaite thuas, a d'fhéadfadh scoil idéalach, neamhspleách inmharthana, beoga GS a chinntiú.

Ina dhiaidh sin, bhreathnaigh an Grúpa ar chroí-eilimintí Moladh Forbartha do chineálacha soláthar IBS GS. **MOLANN** siad go gcuimseofar na critéir seo a leanas:

- Éileamh sainaitheanta ón phobal;
- Laistigh de riachtanais pleanáil cheantair (suíomh tíreolaíochta agus i leith cineálacha eile soláthair sa cheantar);
- Iontráil tosaigh 35 do scoil IBS GS i mbliain 8 ag ardú go hiontráil bhliantúil 65/80 faoin chúigiú bliain le hinbhuanaitheacht a chinntiú;
- Fianaise ar iarrachtaí leanúnacha leis an iontráil a mhéadú;
- Struchtúir rialachais agus bainistíochta in áit;
- Foireann teagaisc ar fáil (an príomhoide san áireamh);
- Socruithe in áit maidir le suíomh fisiceach;
- Socruithe iompair in áit;
- Fianaise ar léiriú éitis;
- Tumoideachas (50% +);
- Próiseas monatóireachta aontaithe ag RO;
- I gcás Aonaid, post Comhordaitheora (le hionadaíocht) ar fhochoiste/ FBS;
- Tiomantas do dhul chun cinn ar an chonair; agus
- Ba chóir do RO Prótacail d'aonaid a scrúdú agus glacadh leo.

Beidh gá le hathrú sa reachtaíocht lena chinntiú gur féidir dreasachtaí forbartha a sholáthar ar bhonn reachtúil.

Chomh maith leis na critéir atá le cuimsiú le haghaidh breithniú oifigiúil MF a liostú, d'aontaigh an Grúpa gur chóir na critéir faoi choinne prótacail/comhaontú leibhéal seirbhíse a leagan amach go soiléir agus a aontú roimh ré. Ba chóir go n-áireofaí lena leithéid de chomhaontuithe tagairt d'iontrálacha agus do chúinsí áitiúla agus ba chóir tarraingt as prótacail reatha a aontaíodh idir CnaG agus Iontaobhaithe Caitliceacha cheana.

I gcás na n-aonad, lena chinntiú go bhfuil fáil ag an pháiste ar an réimse iomlán áiseanna, caithfear fadhbanna féideartha ar bith idir an óstscoil agus an t-aonad a leagan amach agus a réiteach tríd an chomhaontú leibhéal seirbhíse nó an prótacal a cuireadh ar bun. Fágann sé sin gur ionstraim shuntasach é an prótacal leis an dea-chaidreamh a chinntiú.

Cuireadh an smaoineamh chun tosaigh gur chóir don roinn na prótacail d'aonaid agus do scoileanna a scrúdú agus a ghlacadh. Bheadh gné riaracháin ag aonad agus breithníodh ar mhaoiniú aonad agus scoileanna.

**MOLANN** an Grúpa go gcumhdóidh an prótacal na míreanna seo a leanas:

- Socruithe rialachais agus maoiniúcháin.
- Leibhéal agus leanúnachas an tumoideachais.

- Ceisteanna dul chun cinn, bíodh siad i dtéarmaí Eochairchéimeanna nó cineál samhla.
- Soiléire ar cheisteanna fhéiniúlacht GS agus imeascadh leis an óstscoil.
- Polasaí iontrála.
- Cúinsí áitiúla

**Treochtaí réamh-mheasta rollúcháin agus ceisteanna inbhuanaitheachta**

Ghlac an Grúpa leis go bhfuil gá le líon níos mó daltaí ag na leibhéil is ísle le go mbeidh inbhuanaitheacht ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta agus, mar sin de, go bhfuil forbairt ag gach leibhéal de dhíth.

Is mó a bhraitheann an soláthar inbhuanaithe ar iontráil bhliantúil daltaí, ar rátaí coinneála ó bhunscoileanna GS ná ar ghné ar bith eile. Braitheann líon iontrála ar réimse de cheisteanna, lena n-áirítear iompar agus dreasú. Bhreithnigh an Grúpa ar ghné na coinneála nó aistrithe i gcomhthéacs gach suímh a aontaíodh agus i dtéarmaí céatadáin fhéideartha de rátaí coinneála (Feic fosta **Aguisín 8**).

Go ginearálta, maidir le túsphointe agus sna céimeanna tosaigh, níor dhócha, de réir na rátaí, go bhféadfaí soláthar neamhspleách a choinneáil, go háirithe ós rud é go bhfuil cuid de na bunscoileanna réasúnta óg agus nach bhfuil Bliain 7 bainte amach acu go fóill. Ag cur san áireamh, áfach, a fheabhas atá ag éirí le cineálacha reatha soláthair agus an fás seasmhach leanúnach atá acu, is féidir bheith beagnach cinnte go méadófar rátaí coinneála i dtreo fianaise inbhuanaitheachta, go háirithe má mhéadaítear eolas tuismitheoirí ar an soláthar agus a muinín as.

Ba é barúil ghinearálta an Ghrúpa go gcaithfear beart a dhéanamh le rátaí aistrithe a fheabhsú. Glacadh leis go bhféadfadh agus gur chóir rátaí aistrithe go IBS bheith ní b'airde i gceantair ina bhfuil líon níos airde bunscoileanna inmharthana.

**Cineálacha comhoibrithe amach anseo le comhghleacaithe Ceilteacha**

Cuireadh ar chumas an Ghrúpa teagmhálacha a bhí an-táirgiúil a dhéanamh agus féidearthachtaí le haghaidh plé eolasach, cuidiúil a fhorbairt ar réimsí comhspéise tumoideachais le comhghleacaithe i ROnna na hAlban, na Breataine Bige agus PÉ. Chuir siad uile in iúl gur mhian leo bheith ag comhoibriú feasta agus cuairteanna cómhalartacha staidéir a dhéanamh. Ar an drochuair, ceal ama, ní raibh an Grúpa in ann glacadh leo.

Ós rud é, áfach, go bhféadfadh a leithéid de chomhoibriú bheith úsáideach amach anseo agus go bhfuil struchtúr ar fáil le smaointe agus dea-chleachtas a roinnt ar a chéile, tá dhá **MHOLADH** ag an Ghrúpa

Go dtionscnóidh RO:

- (1) bunú grúpa neamhfhoirmiúil le comhghleacaithe Ceilteacha a dtiocfadh leis teacht i gceann a chéile dhá uair sa bhliain le tuairimí agus eolas a mhalartú ar ghé ar leith den tumoideachas sna teangacha Ceilteacha uile;
- (2) seimineár a óstáil go foirmiúil faoi choimirce Chomhairle na Breataine agus na hÉireann ar an tumoideachas.

Bunaíodh an Chomhairle faoi Shnáithe a Trí de Chomhaontú Aoine an Chéasta (Béal Feirste) agus tá teangacha dúchais curtha lena réimsí oibre. Áirítear na Luathbhlianta fosta le réimsí oibre na Comhairle, topaic trína soláthraítear deis fhéideartha eile a bhaineann leis an tumoideachas in TÉ.

**Samhlacha agus Tumoideachas**

Faoi láthair tá 3 shampla d'aonaid GS agus áirítear leo óstscoil roghnach /neamhroghnach/ inscne aonair/comhoideachais. Is comhoideachas, uilechumas agus éiteas sainriachtanais a chur chun cinn atá sna trí shampla agus feidhmíonn siad thar scoilcheantar sínte. Tá gach aonad acu ag céimeanna éagsúla forbartha. Níl aon taithí ag IBS GS ar phleanáil straitéiseach oifigiúil (feic Tuarascáil ar Athbhreithniú na Gaelscolaíochta 2009). Is é dearcadh an Ghrúpa gur fhorbair an soláthar reatha ***go horgánach*** i gceantair áirithe agus, mar sin de, go mb'fhéidir go mbeadh cuidiú de dhíth air lena lánacmhainneacht a bhaint amach laistigh de chreat straitéiseach forbartha ba chóir teacht as an Tuarascáil seo. Is é dearcadh an Ghrúpa fosta go mb'fhéidir gur ghá roinnt socruithe eatramhacha lena chur ar chumas roinnt soláthair reatha IBS GS ceanglais an Pholasaí Scoileanna Inbhuanaithe a chomhlíonadh. D'fheadfaí go gciallódh sé seo plean maoinithe 3 bliana inar gá na fachtóirí ábhartha uile a bhreithniú agus a scrúdú.

Trí úsáid sraith léarscáileanna a réitigh Comhairle na Gaelscolaíochta, ar áiríodh orthu féidearthacht soláthar trasteorann, thosaigh an Grúpa a bhreithniú samhlacha trí shraith critéir oibiachtúla a scrúdaigh an soláthar reatha agus cás féideartha straitéiseach sa todhchaí. San áireamh leis na critéir ghinearálta seo bhí: suíomh, inrochtaineacht, treochtaí líon iontrála agus staid ghinearálta airgeadais.

Scrúdaigh an Grúpa samhlacha soláthair agus critéir nach bhfuil chomh hoibiachtúil céanna amhail eispéireas oideachasúil na bpáistí, ceannasaíocht agus bainistíocht scoile – a bhfuil baint acu uile le soláthar curaclaim agus an líon múinteoirí atá ar fáil – le cois láidreacht choibhéiseach na nasc leis an phobal a bhreithniú.

Ar deireadh, bhreathnaigh an Grúpa ar na tosca sin a dtiocfadh leo bac a chur ar fhorbairt straitéiseach m.sh. maoiniú agus soláthar múinteoirí go háirithe.

***Téarmaíocht agus ceisteanna sainmhíniúcháin***

D'fhéadfaí cur síos ar nádúr na hearnála IBS GS mar dhá chineál soláthair: trí aonad agus scoil amháin. Measann an Grúpa fosta gurb é atá san fhorbairt ná spreagadh chun bogadh chun cinn ar chonair ó Aonad Leibhéal 0 eatramhach→Aonad Leibhéal 1→scoil, cé nach bhfuil tosú le soláthar scoile as an áireamh.

Rinneadh díospóireacht ar cé acu ba chóir nó nár chóir 'sruthanna' a bheith ann agus murar chóir cad é atá le déanamh leis na sruthanna reatha. Ba é an dearcadh coiteann gur chóir gach sruth reatha a dhreasú le go ndéanfar 'aonad' díobh.

Is de chroí na ceiste, maidir le samhail mholta ar bith, tacaíocht ó thuismitheoirí/dhaltaí, an líon daltaí ag dul isteach i scoil agus leibhéal muiníne na dtuismitheoirí. Is tábhachtach riachtanais tuismitheoirí agus daltaí a shainaithint. Is den ríthábhacht fosta go gcomhlíontar na riachtanais reachtúla churaclaim.

Is é an aidhm go mbeadh lán-tumoideachas i gceist agus mura féidir de réir na gcritéar riachtanach, is é an dara rogha ar cheart dul ina muinín go mbeadh aonad ar fáil ina mbeadh céatadán ard den churaclam á sheachadadh tríd an Ghaeilge. D'aontaigh an Grúpa go mbeidh an tsamhail ag brath fosta ar an leibhéal tumoideachais atá á thairiscint.

Tá léaráid de **MHOLADH** an Ghrúpa, ag éirí as an mhionphlé, thíos.

AONAD go Scoil

| Leibhéal | Tumoideachas | Eochairchéim | Dreasacht (eilimint AWPU san áireamh agus eilimint riaracháin) |
|---|---|---|---|
| Leibhéal 0 (eatramhach) | 25-50% thar 3 bliana | 3 | √ |
| Leibhéal 1 | >50-70% | 3<br>4* | √ |
| Scoil | 50+% go curaclam iomlán | Iad uile | √ |

*Ag EC 4, ba chóir don óstscoil dóthain ábhar a thairiscint trí mheán na Gaeilge lena chur ar chumas daltaí staidéar a dhéanamh ar 50% dá gcuid ábhar ar a laghad trí mheán na Gaeilge. Cuireann sé seo ar chumas an dalta aonair a rogha féin a dhéanamh agus tig leis an scoil an creat teidlíochta a chomhlíonadh.

Má éiríonn sé ríshoiléir ag druidim le deireadh na timhthriallach 3 bliana nach dtig leis an scoil critéir/coinníollacha an chéad mholta a chomhlíonadh, tiocfaidh deireadh leis an mhaoiniú speisialta

I gcúinsí eisceachtúla, nuair a léirítear go leor dul chun cinn, thiocfadh leis an Roinn maoiniú speisialta a athbhronnadh ar feadh bliain bhreise.

Dearbhaítear na buntáistí/sochair a bhaineann leis an tumoideachas (cuí) sa taighde idirnáisiúnta. Tá torthaí den chineál chéanna i dtaighde a rinneadh ar an Ghaelscolaíocht in TÉ agus ar chórais tumoideachais teangacha Ceilteacha eile. Is é dearcadh an Ghrúpa gurb é an tumoideachas neamhspleách den chineál a bhfuil taithí air (á thairiscint) i ndlínsí eile is mó buntáistí do dhaltaí agus don phobal araon. Nuair nach féidir i dtosach báire an cur chuige seo a sholáthar, ba chóir gurbh é an sprioc fós é ag cibé soláthar atá indéanta de réir thosca na linne, faoi réir mhianta na dtuismitheoirí. Mar sin de, **MOLANN** an Grúpa, maidir le samhlacha go mbreithneofaí ar chontanam/conair i dtreo lán-tumoideachais más é an lán-tumoideachas an aidhm atá á moladh ag an phobal. Tá impleachtaí aige seo don soláthar reatha agus amach anseo, maidir le maoiniú agus reachtaíocht.

**Ceisteanna rialachais agus maoiniúcháin**

Áirítear na hathróga seo a leanas orthu siúd a bhreithnigh an Grúpa i dtaobh na gceisteanna seo.

(i) A rialachas féin a bheith ag scoil neamhspleách agus féinriar curaclaim 100% aici agus í aitheanta ag an Roinn agus maoiniú aici dá réir.

(ii) Tá Aonad Leibhéal 0 eatramhach ag brath go hiomlán ar an scoil atá á mholadh maidir le rialachas, airgeadas agus curaclam ach laistigh de chritéir an Mholta ar ghlac na húdaráis phleanála leo

(iii) Tá Aonad Leibhéal 1 ag brath ar an óstscoil maidir le rialachas, airgeadas agus curaclam ach laistigh de chritéir an MF agus an phrótacail nó comhaontú leibhéal seirbhíse a comhaontaíodh.

(iv) Is féidir aonad a bheith *ceangailte* d'óstscoil Bhéarla nó GS.

(v) Má *scorann* aonad d'óstscoil Bhéarla nó GS is amhlaidh go ndéantar scoil neamhspleách di aon uair amháin a chomhlíonann sí na critéir uile mar atá leagtha síos sna critéir MF liostaithe thuas, leibhéal tumoideachais san áireamh.

(vi) Má tá an t-aonad scortha (ach níl sí neamhspleách fós de réir chritéir MF) ó óstscoil Bhéarla nó GS, ba chóir don aonad a mhaoiniú aonaid féin a fháil.

(vii) Is féidir cur síos ar scoradh i dtéarmaí (a) cóiríocht fhisiceach amháin nó (b) i dtéarmaí an chuid is mó (ach ní iad uile) de na critéir MF do scoil neamhspleách nó (iii) i dtéarmaí (i) agus (ii) araon. Ní leor scoradh fisiceach *as féin* faoi choinne neamhspleáchas rialachais nó maoiniúcháin.

(viii) Feidhmítear an maoiniú sa scéim nua mhaoiniúcháin atá molta thíos d'aonaid agus do scoileanna mar an gcéanna ach ba chóir don aonad maoiniú breise a fháil mar atá mionsonraithe.

(ix) D'fhéadfaí aonad scortha bheith ceangailte d'óstscoil GS nó Bhearla. Más *aontas cónasctha* é, is í an óstscoil, GS nó Bhéarla, a rialódh an t-aonad. Más aonad scortha féinrialaithe é ach nach scoil fós é, bheadh maoiniú aonaid aige agus rialachas dá chuid féin.

Phléigh an Grúpa fosta an fhéidearthacht a bhaineann le fochoiste de Bhord na nGobharnóirí a bheith ag óstscoil Bhéarla a phléifeadh leis an aonad ceangailte GS; comhcheapadh féideartha ionadaí GS ar Bhord Gobharnóirí na hóstscoile; Comhordaitheoir an aonaid bheith ina bhall ainmnithe d'fhoireann Bhainisteoirí Sinsearacha na scoile; tuairisc ar an aonad a bheith mar chuid dhílis de thuarascáil bhliantúil agus eolaire na hóstscoile.

**Conair Soláthar GS: Impleachtaí**

Cheap an Grúpa conair fhéideartha, nó contanam soláthair, ó Aonad Leibhéal 0 eatramhach→Aonad Leibhéal 1→ scoil IBS GS. Bheadh impleachtaí difriúla ag na trí shamhail seo maidir le tumoideachas, rialachas agus maoiniú bainteach. I ngach cás, tá an fhéidearthacht sa MF tosaigh gur féidir bogadh chun cinn trí na roghanna i dtreo na príomhrogha, mar atá, soláthar neamhspleách lán-tumoideachais ionas go samhlaítear dul chun cinn ón tús, más é atá de dhíth ar an phobal nó más mian leis an phobal gach rogha a choinneáil oscailte ón tús.

***Samhlacha: Aonaid de réir Maoiniúcháin/Leibhéil Tumoideachais/Rialachais***

Is léir go gceanglaítear tríd an reachtaíocht an sainmhíniú ar scoil GS nó ar aonad GS Leibhéal 1 de leibhéal sainiúil tumoideachais, 50% + den churaclam (de réir coinníollacha áirithe). Ar an dóigh chéanna, tá leibhéal an aitheantais oifigiúil tríd an mhaoiniú ceangailte den leibhéal tumoideachais sin. Tá difríochtaí ann, áfach, maidir leis an *líon iontrála* atá de dhíth i gceachtar de na cásanna agus leis an ***leibhéal fíor maoiniúcháin.*** Phléigh an Grúpa go mion na himpleachtaí a bhaineann leis an chás seo.

a) Is é an riachtanas reachtúil le haghaidh aitheantas scoile (nó 'cuid de scoil', nó Aonad) 50% nó níos mó den churaclaim GS leis an leibhéal cuí maoiniúcháin a fháil on Roinn. Phléigh an Grúpa cás féideartha leis an 50%+ a ardú go 75/80% de thumoideachas le haghaidh iomlán maoiniúcháin le laghduithe *pro rata* do 50%+ nó níos ísle. Chiallódh sé seo (i) aitheantas féideartha trí mhaoiniú leibhéal tumoideachais níos ísle ná an 50%+ atá de dhíth faoi láthair; (ii) ach d'fhéadfadh cuid den soláthar reatha bheith faoi mhíbhuntáiste. Mar sin de, moladh méaduithe/bearta dreasaithe eile.

b) Caithfidh córas atá ag forbairt tosú áit éigin ina bhfuil níos lú ná 50%+ tumoideachais. B'ábhar imní ag an Ghrúpa é mura nglacfaí le níos lú ná 50%+, go rachfaí i bhfeidhm ar sholáthar reatha in Aonaid. Sa chás sin, tháinig dhá fhéidearthacht chun cinn: glacadh le coincheap an aonaid ag níos lú ná 50%+ tumoideachais chomh maith le dreasachtaí a spreagfadh an soláthar reatha bogadh chuig stádas aonaid *de facto.*

c) Lena chois sin, más GS atá i bhformhór an churaclaim in aonad, más GS atá in 50%+ den fhoghlaim, dhealródh sé gur chóir do ghnéithe den rialachas a bheith faoin chóras GS.

d) Ba é dearcadh an Ghrúpa, ón pheirspictíocht reachtúil, gur chóir don Iar-bhunscolaíocht GS díriú ar aoisghrúpa 11-16. Ba chóir gur 25% tumoideachas ar a laghad é an curaclam ag an aonad Leibhéal 0 eatramhach agus ba chóir maoiniú a mhéadú mar % de mhéaduithe tumoideachais agus ba chóir go léireofaí sna prótacail gurb é an lán-tumoideachas an bhuaicaidhm.

Samhlaíonn an Grúpa, mar sin de, samhail neamhspleách lán-tumoideachais nuair a bhíonn critéir comhlíonta ar dhréimire/conair i dtreo an cháis idéalaigh sin. Chaithfí conairí a athbhreithniú ar bhonn rialta agus bhí critéir shoiléire chun bogadh feadh na conaire/an dréimire de dhíth. Bhí gá le mianta tuismitheoirí, agus na roghanna le hiad a shásamh, a mheas. Ghlac an Grúpa leis fosta go mbíonn am de dhíth ar scoil a thosaíonn ar an phróiseas le bogadh i dtreo lán-tumoideachais le hí féin a chruthú.

***Achoimre***

Ar aon dul leis an reachtaíocht reatha agus mar atá sa léaráid thuas, d'aithin an Grúpa gurb é atá sa soláthar GS ag leibhéal IBS, dar leo, aonad Leibhéal 1 nó scoil a thairgeann breis agus 50% den churaclam trí mheán na Gaeilge; a fhaigheann maoiniú dreasaithe ar leibhéil tumoideachais a mhéadú ach atá fosta faoi réir coinníollacha a bhaineann le EC 4 agus ***achar sainiúil*** ama i dtaca le leanúint dá leithéid de mhaoiniú speisialta de. Uaidh seo amach, beidh moltaí forbartha de le cur isteach agus iad de réir na gcritéar riachtanach atá liostaithe ag an Ghrúpa.

Dearctar ar aonad Leibhéal 0 mar thúsphointe, nó staid eatramhach, ar chonair i dtreo soláthar aitheanta IBS GS faoi na téarmaí reatha reachtaíochta. Leis an dul chun cinn úd a éascú, tairgtear dreasacht leis an leibhéal tumoideachais a mhéadú. Tá laincisí ama, áfach, leis seo. Le go n-áireofar í le haghaidh a leithéid de mhaoiniú dreasachta, tá d'iallach ar an scoil moladh a chur isteach a leagan amach go soiléir a plean forbartha agus mar is rún di é a ghnóthú taobh istigh den amscála sainithe.

I ngach cás, déanfar monatóireacht rialta ar na torthaí atáthar a mholadh.

***Buiséad Aistrithe GS***

*Aistriú*

Tá próiseas agus paca tacaíochta ag an Roinn do scoil dheontaschúnta ar bith ar mian léi a aistriú le bheith ina scoil imeasctha.

Thiocfadh leis an chreat seo bheith ina shamhail úsáideach dá bhforbrófaí próiseas lena chur ar chumas scoil dheontaschúnta cur leis an soláthar GS aici.

Aithníodh go gcaithfeadh scoileanna éiteas/roinn láidir Gaeilge a bheith acu agus ba chóir a aithint go mb'fhéidir nár mhian leis na scoileanna seo an fhorbairt chomh fada le lán-tumoideachas a dhéanamh.

Nuair a bhíonn aonad ag aistriú go soláthar neamhspleách, d'fhéadfaí gur ghá an t-aonad agus an óstscoil a dhreasú. Aontaíodh, áfach, go mbeadh laincisí ama leis an dreasacht agus go n-íocfaí í as buiséad láir. Is é an fasach a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm anseo mar a phléann an Roinn le scoileanna a chónascann.

D'fhéadfaí gur i bhfoirm dreasachta chun tosú nó chun bogadh chun cinn a bheadh an spreagadh. Ina thaobh seo, **MOLANN** an Grúpa

- dreasacht *tosaigh* le tús a chur leis an soláthar atáthar a mholadh – d'fhéadfaí go n-áireofaí leis seo ceapadh Príomhoide/Bainisteoir Tionscadail roimh ré - agus
- dreasacht *aistritheach* le bogadh a chur chun cinn, go háirithe (a) laistigh de scoileanna i dtreo GS a thairiscint ag Aonad Leibheal 0 agus (b) bogadh suas go hAonad Leibhéal 1 go scoradh ón óstscoil i dtreo neamhspleáchais mar scoil
- An tacaíocht a ghabhann don óstscoil le linn agus i ndiaidh an phróisis scoir.

Más é an t-idéal aonad neamhspleách a ghnóthú sa deireadh thiar, is gá machnamh a dhéanamh ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh óstscoil thíos leis má tá siad ag cailleadh daltaí. **MOLANN** an Grúpa leanúint de dhreasacht airgeadais de shórt éigin, ar scála aisitritheach, d'óstscoileanna ar feadh suas le cúig bliana i ndiaidh don Aonad scoradh uaithi le bheith neamhspleách.

***Féidearthachtaí réamh-thumtha le líon iontrála a mhéadú***

Scrúdaigh an Grúpa na Féidearthachtaí a bhain le réamh-thumadh i scoileanna Béarla. Cuireadh an smaoineamh i láthair an Ghrúpa go bhféadfaí samhradh iomlán tumoideachais a thairiscint do dhaltaí ag deireadh Bhliain 6. Tá campaí Cásca agus samhraidh sa Deisceart atá dírithe ar pháistí atá ag tosú ar an Ghaelscolaíocht.

Breithníodh ar dhóigheanna a bhféadfaí tumoideachas den sórt seo a mhaoiniú/dhreasú; aontaíodh, áfach, nach réimse é seo ina mbeadh na torthaí is fearr ar airgead poiblí. Mothaíodh nach raibh gá leis seo faoi láthair nó, ar a laghad, níor sainaithníodh gá leis. Is léir ón taithí gur fearr le Príomhoidí gur thosaigh páistí ar an tumoideachas bliain nó dhá bhliain roimh thosú ar an bhunscoil. Glacadh leis, áfach, nach dtiocfadh leis an Roinn critéar a bheith aici a chuirfeadh stad le páistí áit mhaoinithe ar bhunscoil a rochtain. Bhíothas den tuairim má tá airgead poiblí le caitheamh, gurbh fhearr a chaithfí é ar mhúinteoirí i scoileanna Béarla a bheith ar fáil le seirbhísí a thabhairt do scoileanna GS.

**Ullmhúchán Múinteoirí**

Is fachtóir an-tábhachtach é ullmhúchán múinteoirí don tumoideachas sna teangacha Ceilteacha uile. I gcás na Gaeilge in TÉ, áfach, ba réasúnta an beart breathnú ar na réitigh atá á moladh don Gaeilge ó pheirspictíocht trasteorann. In PÉ, tá cuid mhór tionscnamh curtha ar bun ag an fhoras reachtúil, COGG, le múinteoirí a ullmhú le haghaidh teagasc sa chóras tumoideachais.

Le blianta beaga anuas, ag leibhéal na bunscolaíochta, tá scrúdú á thairiscint in PÉ agus TÉ araon le cáilíochtaí Gaeilge a thabhairt dóibh siúd a oileadh ina múinteoirí taobh amuigh den Phoblacht lena chur ar a gcumas bheith ag teagasc i mbunscoileanna na Poblachta. B'fhéidir gur fasach é an *Scrúdú Cáilíochta Gaeilge* seo d'fhiontair chomhoibrithe oideachas múinteoirí idir-institiúideach ag an leibhéal IBS.

**Samhail Chónasctha**

Bhreithnigh an Grúpa an tsamhail chónasctha agus mheas go cúramach na tráchtanna ar chónascadh a rinneadh san athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht. Go dtí seo, níor baineadh triail as an chónascadh sa GS ag leibhéal na bunscolaíochta ná na hiar-bhunscolaíochta. Is ar an ábhar sin a measadh gur treise na rioscaí, faoi láthair, ná na buntáistí ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta. Measadh gur fearr, san am i láthair obair i gcomhpháirt, comhoibriú nó páirtíocht idir scoileanna, bíodh siad idir cineálacha soláthar GS nó idir cineálacha GS agus Béarla, nuair a bhíonn siad bunaithe ar chomhaontuithe leibhéal seirbhíse a bhíonn mionsonraithe go soiléir. Aontaíodh gurbh fhearr a bhreithneofaí an tsamhail chónasctha nuair a bheas tuilleadh forbartha déanta ag an GS ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta.

**Cineálacha Féideartha eile Soláthair**

***Bogadh ó GS go Soláthar Béarla***

Nótáil an Grúpa go mbogann páistí i mbliain 8, in amanna, ón Ghaelscolaíocht go soláthar Béarla i mbliain 9 ach ní raibh sé soiléir cá háit a dtiocfadh leis an Ghrúpa na staitisticí a fháil nó na fáthanna a dtarlaíonn sé seo le gur féidir an cas a réiteach, rud a bheadh le leas gach duine lena mbaineann. Ar ndóigh, bíonn tionchar ag daoine a imíonn ón soláthar GS ar leanúnachas na coinneála laistigh de sholáthar IBS agus, dá thoradh, ar mhaoiniú agus b'fhéidir dearcadh pobail/ tuismitheoirí.

***Aonad Béarla***

Le tabhairt faoi shaincheisteanna rochtana do dhaltaí i gceantair iargúlta, d'fhiosraigh an Grúpa fosta féidearthacht Aonad Béarla i Scoil GS. Bhí an argóint teanga, áfach, le sonrú air seo. Is é sin go bhfágfadh an rogha seo an t-éiteas tumoideachais agus comhthéacs an scoile GS ní ba laige.

***Soláthar Iargúlta***

Mar réiteach féideartha eile ar bhunscoileanna GS iargúlta nach bhfuil faoi fhad intaistil don IBS GS is cóngaraí, amhail Aontroim Thuaidh, bhreithnigh an Grúpa ar sholáthar in aoisghrúpa 4-14 a shíneadh go dtí go mbeidh IBS níos cóngaraí ar fáil. Dá dtarlódh sé go n-iarrfadh an pobal soláthar den sórt, ba é dearcadh an Ghrúpa go bhféadfaí an tsamhail seo a bhreithniú ach gur chóir a iarraidh ar an phobal é a mheas in éineacht le réimse iomlán de shamhlacha.

***Scoileanna Cónaithe***

D'fhéadfaí scoileanna cónaithe a mheas mar fhéidearthacht ilúsáideach a chuirfeadh ar chumas páistí as ceantair áirithe freastal ar an Ghaelscolaíocht. Ag breathnú ar dhul chun cinn acadúil, b'fhéidir gurbh fhusa GS a rochtain ag iar-16 nó ag Ard-Leibhéal dá mbeadh saoráidí cónaithe ar fáil. Is dóichí an mhais chriticiúil atá de dhíth faoi choinne soláthar A-Leibhéal nó Breisoideachais a bhaint amach más ann do sholáthar láraithe IBS GS.

Luadh an coláiste talmhaíochta i mBaile Aontroma mar eiseamláir do shamhail soláthar cónaitheach IBS GS. Tá scoil chónaithe fosta in Victoria College agus Campbell College. Níl scoileanna cónaithe faoi chothabháil ar bith ann. Lena chois sin, bhreathnaigh an Grúpa ar roghanna féideartha eile lena n-áirítear samhail na gcoláistí samhraidh sa Ghaeltacht agus liúntas cónaitheach a chur ar fáil.

Maidir leis an *suíomh* is fearr, bhreithnigh an Grúpa coincheap na *scoileanna cónaitheacha réigiúnacha*, .i. in Ard Mhacha, Béal Feirste agus Doire. Ach dá mbeadh a leithéid de shamhail indéanta nó inghlactha sa mheán- nó fhadtéarma, shainaithin an Grúpa Béal Feirste mar fhéidearthacht tosaigh, mar atá cúrsaí GS i láthair na huaire.

***Cúrsaí Trasteorann***

Is beag suim a léiríodh sa rogha seo i suirbhé na dtuismitheoirí (**Aguisín 6**). Mar sin féin, chláraigh triúr páistí as TÉ sa chéad bhliain (2013-2014) i gColáiste Lú, an t-aonad GS i nDún Dealgan.

Tá féidearthachtaí do pháistí sa Tuaisceart oideachas IBS GS a rochtain taobh thall den teorainn i mBun Cranncha, Muineachán, Leitir Ceanainn agus i nDún Dealgan (atá níos faide ar shiúl). D'fhéadfadh ceisteanna curaclaim bac a chur air seo san am i láthair. Lena chois sin, tá tiomantas i gceist do thimthriall iomlán an oideachais agus córas eile scrúdúcháin ina bhfuil féidearthachtaí difriúla i leith teastasú i dtreo iontráil breis- nó ardoideachais. Mar sin féin, is é dearcadh an Ghrúpa nár chóir bac a chur ar a leithéid de roghanna GS mar gheall ar cheisteanna iompair.

**MOLADH**: Idir an dá linn, ba chóir go n-amharcfadh RO go práinneach ar an ghá le soláthar trasteorann IBS do pháistí bunscoil GS, go háirithe i gContae Fhear Manach.

**Cúrsaí Iompair**

Phléigh an Grúpa cúrsaí iompair. Is cosúil go mbíonn fáil ag daltaí a chuireann isteach ar áit in aonad nó i scoil IBS GS ar iompar. Síleadh gur chóir go n-aithneofaí go bhféadfaí gur mhian le tuismitheoir soláthar a fháil ina bhfuil leibhéal níos mó tumoideachais agus gur chóir don pholasaí iompair tacú leis an rogha seo. **MOLANN** an Grúpa, mar sin de, gur chóir iompar a chur ar fáil (i) le freagairt do rogha an tuismitheora agus (ii) le taisteal chuig an chineál GS is láidre a éascú.

**Ceantair Shainiúla**

Maidir le ceantair shainiúla, d'amharc an Grúpa go grinn ar Chathair Dhoire agus ar Dhoire Theas agus rinne na pointí/moltaí seo a leanas.

***Cathair Dhoire***

D'aontaigh an ceantar soláthar aonad GS a lorg. Bhíothas ag iarraidh soláthar neamhspleách ach aithnítear anois gur céim i dtreo na sprice sin é an t-aonad. Aithníonn an Grúpa, i ndiaidh éisteacht le páirtithe leasmhara bainteacha san Iar-Thuaisceart agus líonta iontrála i mbunscoileanna friothálacha a scrúdú, an fhéidearthacht shoiléir do sholáthar iar-bhunscolaíochta agus an réamhobair atá déanta ag an phobal áitiúil. Nótáil an Grúpa fosta mianta an phobail ón chruinniú leis na páirtithe leasmhara oideachais.

**MOLANN** an Grúpa, má fhaightear amach nach dtig leis an rogha reatha óstscoile is fearr leis an phobal an fhreagracht a ghlacadh, thathantódh an Grúpa ar an Roinn freagraí a iarraidh ar gach scoil sa scoilcheantar leis an soláthar GS a óstáil lena fháil amach cé chomh fóirsteanach atá an soláthar atá á thairiscint, dar leo, agus mar a fhreastalaíonn sé ar riachtanais na dtuismitheoirí.

Lena chois sin, **MOLANN** an Grúpa, i ndiaidh an fhasaigh seo, i gcás pobal ar mian leo aonad a bhunú in óstscoil, go socróidh an Roinn comhairliúchán le gach iar-bhunscoil sa cheantar lena dtuairimí a lorg ar a thoilteanaí, nó eile, atá siad soláthar GS a óstáil agus le hiarraidh orthu a gcás chuige sin a leagan amach i leith critéir chomhaontaithe.

***Doire Theas***

Scrúdaigh an Grúpa na ceisteanna a bhí ag an Roinn faoin chéad Mholadh Forbartha do Dhoire Theas faoi choinne scoil neamhspleách (an chéad cheann ó CF) i bhfianaise (i) na socruithe nua pleanála in PÉ (Feic **Aguisín 6**) mar a gcuirfidh iontaobhais iarratas chuig an Roinn nuair a chinneann sí go bhfuil scoil nua IBS de dhíth le freastal ar éileamh déimeagrafach in aon cheantar ar leith agus go gcinnfidh an roinn cá háit a mbeidh an t-iontaobhas ar an liosta le haghaidh tógáil chaipitil; (ii) na critéir a liostaigh an Grúpa le haghaidh MF amach anseo; (iii) polasaí iontrála na Roinne.

Scrúdaigh an Grúpa moladh Dhoire Theas i dtéarmaí an pholasaí reatha le haghaidh scoil inbhuanaithe. Is é 50 an iontráil íosta d'iar-bhunscoileanna le cáiliú le haghaidh maoiniú athfhillteach in TÉ. Ach bheifí ag dúil go méadófaí seo go 80 sa dara bliain le maoiniú athfhillteach a choinneáil sa dara bliain agus ansin 100 sa tríú bliain, i ndúil go mbainfí amach líon iontrála íosta 500 do bhlianta 8-12. Insíodh don Ghrúpa in PÉ nach bhfuil aon fhigiúr i gceist d'iontráil Bhliain a hAon ach gur gá líon iontrála 400 laistigh de 5/6 bliana (níos lú ná scoileanna Béarla mar a mbítear ag dréim le 800-1,000). (Feic **Aguisín 8**).

Ag cur san áireamh nádúr tearcfhorbartha sholáthar IBS GS Thuaisceart Éireann agus an gá le cuidiú le hearnáil nuathionscanta freagairt do mhianta pobail ar sholáthar IBS sa tréimhse idirthréimhseach seo:

**MOLANN** an Grúpa go socraíonn RO ráta iontrála níos ísle don chéad bhliain agus do na cúig bliana ina dhiaidh sin ag aon chineál soláthar nua. An iontráil tosaigh do scoil IBS GS a bheith ag 35 i mbliain 8 ag ardú go 65/80 faoin chúigiú bliain le hinbhuanaitheacht a chinntiú. Thiocfadh leis an Aire fachtóirí tuaithe a chur san áireamh.

D'aontaigh an Grúpa gur cosúil, de réir staidéir ar fhigiúirí reatha iontrála, nach dtiocfadh le Doire Theas scoil inbhuanaithe neamhspleách a bheith acu san am i láthair ach, mar gheall ar an leibhéal réamhoibre atá déanta acu, go dtiocfadh leo bheith san áit a bhféadfadh cineál éigin soláthair a bheith acu ina mbeadh méid áirithe neamhspleáchais.

Ina dhiaidh sin, phléigh an Grúpa an chéad chéim eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist mura mbíonn an soláthar incháilithe mar scoil neamhspleách agus socraíodh gur réiteach féideartha é aonad san am i láthair.

Ba chosúil, nach dtiocfadh le Doire Theas scoil inbhuanaithe (.i. 65+ dalta sa bhliain) neamhspleách a bheith acu san am i láthair; de réir na bhfigiúirí atá ar fáil, ní bhainfí inbhuanaitheacht amach le haghaidh scoil IBS GS go dtí ag druidim le 2016/17. Mar sin de, mar gheall ar an mholadh le hiontráil tosaigh 35 i mbliain 8, ag ardú go 65/80 faoin chúigiú bliain a cheadú, le hinbhuanaitheacht a chinntiú, mar a dtiocfadh leis an Aire tosca tuaithe a chur san áireamh, d'fhéadfadh an tAire scoil neamhspleách a bhreithniú faoi 2016/17.

Aithníodh Machaire Rátha mar shuíomh féideartha i moltaí a rinne muintir Dhoire Theas níos luaithe. Maidir le suíomh, bheadh impleachtaí ag Dún Geimhin mar shuíomh féideartha do cheantar Chathair Dhoire, atá gar dó, ar gá iad a fhiosrú. Bheadh impleachtaí ann fosta ó thaobh dul i ngleic le riachtanais Gaelscolaíochta pháistí na Coirre Críochaí.

***Fear Manach***

I gcomhthéacs soláthair do bhunscoileanna GS iargúlta nach bhfuil faoi fhad intaistil don IBS GS is cóngaraí:

**MOLADH**: Go mbreathnóidh RO go práinneach ar an ghá le soláthar IBS trasteorann do pháistí bunscoile GS i gCo. Fhear Manach.

***Tír Eoghain Theas***

Mothaíodh gur chóir soláthar iar-bhunscolaíochta GS ar an Ómaigh a bhreithniú le rochtain ar sholáthar iar-bhunscolaíochta GS a éascú do pháistí ag freastal ar soláthar bhunscolaíochta GS faoi láthair agus san am atá le teacht i dTír Eoghain Theas óir bheadh turas rófhada i gceist go Doire nó chun an Domhnaigh Mhóir.

**MOLADH**: Ba chóir breithniú ar sholáthar iar-bhunscolaíochta GS ar an Ómaigh. Sa chomhthéacs seo, ba chóir breithniú mar is cuí ar champas Lisanelly mar ionad fóirsteanach.

**Tosca a chuireann srian ar fhorbairt**

***Soláthar Múinteoirí***

Braitheann soláthar GS ag na leibhéil IBS agus tríú leibhéal araon sa ghearr-, mheán- agus san fhadtéarma ar chuid mhór croíthosca agus orthu sin tá soláthar múinteoirí/foirne. Is cuid dhílis é soláthar cuí múinteoirí maidir leis an cháilíocht oideachais a thairgtear, seachadadh an churaclaim agus leibhéal an tumoideachais a chuirtear ar fáil.

Bíodh aonad Leibhéal 0, aond Leibheal 1 nó scoil IBS GS á mbunú, is iad an líon daltaí agus soláthar múinteoirí na srianta i ngach cás.

Is ó chohórt Ard-Leibhéil iar-bhunscolaíochta a thagann an soláthar múinteoirí ar dtús. D'ainneoin gur tháinig sciar suntasach daltaí iar-bhunscolaíochta ar ais mar mhúinteoirí go dtí an Ghaelscolaíocht in TÉ, tá an earnáil iar-bhunscolaíochta ró-thearcfhorbartha fós le freastal ar a cuid riachtanas féin uilig. Caithfidh earnáil an Bhéarla bheith mar chuid den réiteach, agus is amhlaidh atá.

***Leibhéal tumoideachais agus soláthar múinteoirí***

Faoi láthair, níl an earnáil GS in TÉ in ann freastal ar a riachtanais féin i gcás múinteoirí. Aithnítear é seo mar fhadhb i suíomhanna eile teangacha Ceilteacha. Is trí earnáil an Bhéarla a thagann líon suntasach múinteoirí.

Aontaíodh go bhfuil soláthar múinteoirí bainteach leis an tsamhail, bíodh aonad nó soláthar neamhspleách i gceist.

- Braitheann an réimse ábhar nó cúrsaí, bíodh siad roghnaithe ag na daltaí nó á dtairiscint ag an scoil, go mór ar *sholáthar múinteoirí*. Is ábhar an-mhór imní in TÉ é soláthar múinteoirí, mar is amhlaidh i ndlínsí eile a thairgeann an tumoideachas trí mheán teangacha Ceilteacha eile. Is mó a bhraitheann roinnt réimsí curaclaim ar theanga ná a chéile. Caithfear liosta de na réimsí curaclaim ar mó a n-úsáid, chomh maith leo sin is inmhianaithe, amhail ábhair STEM, a chur i dtoll a chéile agus cohórt de shainmhúinteoirí, múinteoirí taistil b'fhéidir, a thiomsú. Mura ndéantar é sin, beidh sé doiligh amach anseo soláthar neamhspleách lan-tumoideachais, mar a thairgeann CF faoi láthair, a chur ar fáil nó fiú freastal mar is ceart ar sholáthar reatha agus/nó amach anseo.

- Chomh maith le ceist na réimsí curaclaim a roghnaítear le haghaidh intreoir don tumoideachas, tá impleachtaí d'oideachas múinteoirí ag an *aois* a dtosaíonn daltaí agus ag an *leibhéal* a dtéann siad ar aghaidh chuige.

- Lena chois sin, le hinmharthanacht an tsoláthair a chinntiú, i ndlínsí eile earcaíodh daltaí ó scoileanna Béarla agus ullmhaíodh iad le dul isteach sa tumoideachas go mall. D'fhéadfaí an t-ullmhúchán a dhéanamh i 'scoileanna foraoise' (an Bhreatain Bheag), campaí saoire (PÉ) nó tumoideachas cónaithe bliana (PÉ) i mbliain deiridh na bunscoile nó an chéad bhliain den iar-bhunscolaíocht.

*Maidir leis an ghearrthéarma láithreach*, phléigh an Grúpa an deacracht atá le múinteoirí aonair a shainaithint sa chóras oideachais ina iomláine ar speisialtóirí ábhar iad agus a sáith Gaeilge acu le go dtig leo cúrsaí a theagasc trí mheán an Gaeilge ag an heochairchéimeanna éagsúla agus a bheadh toilteanach *cúrsaí aistrithe/tiontaithe* a dhéanamh.

Tagraíonn an Grúpa don *chlár ionadaithe* a iarrann ar mhúinteoirí an cineál mionsonra seo a chuimsiú. Aithníodh go bhfuil bearna san eolas reatha a gcaithfear tabhairt fúithi.

Mar tháscaire féidearthachtaí **MOLANN** an Grúpa

(1) go mbaileofar eolas ó na *taifid ionadaithe* nuair a bhíonn maíte ag múinteoirí go dteagascann siad Gaeilge – lena fháil amach an dtig leo teagasc a fhad le hArd-Leibhéal agus na hábhair eile a thig leo a theagasc;

(2) gur chóir go mbaileofaí an t-eolas a úsáidtear faoi láthair le hionadaí a chlárú i gcás gach múinteora;

(3) go dtairgfear sparántachtaí, i ndiaidh gairm oscailte ar mhúinteoirí atá ar scor agus eile, dóibh siúd atá sásta cúrsaí *aistrithe/tiontaithe* a dhéanamh le go gcuimseofar iad ar phainéal ionadaíocht phráinneach i scoileanna.

Lena chois sin, **MOLANN** an Grúpa

(4) go ndéanfar poiblíocht faoi sparántachtaí agus iad a sholáthar do mhúinteoirí reatha i ngach cuid den chóras Béarla.

(i) a bhfuil Gaeilge agus STEM mar ábhair acu atá sásta cúrsaí *aistrithe/tiontaithe* a dhéanamh ;

(ii) atá sásta cúrsaí *aistrithe/tiontaithe* a dhéanamh faoi choinne réimsí sainiúla foghlama;

(5) go dtabharfar dreasachtaí do gach scoil le staidéar ar an Ghaeilge ag TGMO agus ag Ard-Leibhéal a chur chun cinn (d'fhéadfadh sé seo teacht i bhfoirm sparántachta don dalta is airde gnóthachtáil nó ciste scoile le caitheamh ar scoláireachtaí Gaeltachta);

(6) Go ndreasófar Coláistí BO le roinnt cúrsaí a thairiscint trí mheán na Gaeilge.

Glacadh leis go mbeadh leisce ar mhúinteoirí bogadh óna bpoist reatha gan bónas íocaíochta de shórt éigin. D'fhéadfaí go mbeadh eagla ar mhúinteoirí fosta dul le réimse nach meastar é a bheith inbhuanaithe.

Sa mheán- agus san fhadtéarma, **MOLANN** an Grúpa dreasú iontrálaithe ar chúrsaí oideachais, daltaí ag gabháil do chúrsaí oideachais agus soláthraithe cúrsaí oideachais trí:

(7) sparántachtaí do mhúinteoirí reatha i IBS GS – dírithe ar réimsí sainiúla foghlama/scileanna oideolaíochta agus le 'iarmhairt chascáideach' mar chuid dhílis díobh (faighteoirí ag roinnt saineolas breise le daoine eile);

(8) institiúidí 3ú leibhéal le haghaidh saintaighde agus soláthar cúrsaí dírithe ar GS i ndiaidh anailís riachtanas; (ní thig le hinstitiúidí den sórt sparántachtaí a thairiscint murab ann d'éileamh de mhéid shuntasach)

(9) sparántachtaí do mhic léinn a bhfuil Gaeilge agus ábhar STEM acu ar iontráil tríú leibhéal/oideachas múinteoirí dóibh le hiad a spreagadh le cúrsa comhonóra a dhéanamh.

Maidir le critéir nuálacha nó iad a shíneadh le fiontair den chineál seo a mhaoiniú, cuireadh in iúl ar chruinnithe Fócas-Ghrúpaí gur chóir feidhm a bhaint as cláir de chuid RO atá ann cheana, m.sh. An Ciste Páirtíocht Scoile idir ollscoileanna agus scoileanna.

(10) Maidir le *Forbairt Gairmiúil Leanúnach* (FGL), **MOLANN** an Grúpa, ar bhonn rialta, ó cheann ceann na scoilbhliana, cúrsaí deireadh seachtaine agus fad seachtaine: de réir an chur chuige atá ar siúl faoi láthair ag COGG in PÉ ina ndírítear ar mhúinteoirí Gaelscolaíochta agus sa chóras Béarla a uasoiliúint, bíodh sé trí oiliúint i dteanga an

tseomra ranga atá de dhíth i réimsí sainiúla den churaclam nó trí chúrsaí aistrithe/ tiontaithe.

**MOLANN** an Grúpa

(11) comhchur chuige idir-rannach, thuaidh agus theas, faoi choinne soláthar agus maoiniú oideachas cuí múinteoirí don GS ag leibhéal IBS; oideachas tosaigh, cúrsaí tiontaithe nó FGL, oiliúint mar mheasúnóirí scrúduithe san áireamh;

(12) bunú foras ionadaíochta laistigh de shé mhí le taighde a dhéanamh faoin chur chuige chostéifeachatch seo agus é a phleanáil agus a fheidhmiú, b'fhéidir trí struchtúr reatha an CATT.

***Cur chun cinn na Gaeilge in earnáil an Bhéarla mar chúnamh do GS***

D'aontaigh an Grúpa gur chóir do RO agus RCEF an Ghaeilge a chur chun cinn trí dhreasacht(aí), go háirithe do (i) TGMO agus Ard-Leibhéal agus (ii) Ard-Leibhéal i gcomhar le riachtanais ábhair thosaíochta do GS le pearsanra teagaisc/riaracháin/bainistíochta a chinntiú don GS .i. teagasc na Gaeilge go dtí an leibhéal is airde agus teagasc aon cheann de na hábhair thosaíochta, go háirithe STEM, trí mheán na Gaeilge, a spreagadh trí dhreasacht(aí).

**Áiseanna**

I ndiaidh soláthar múinteoirí, is iad na hacmhainní is suntasaí atá de dhíth ar an Ghaelscolaíocht áiseanna teagaisc agus foghlama trí mheán na Gaeilge. Chuaigh réimse agus cáilíocht na n-áiseanna atá ar fáil anois tríd an Áisaonad, trí CCEA agus trí chomhoibriú le COGG in PÉ agus leis an Stórlann in Albain go mór i gcion ar an Ghrúpa.

Ba léir don Ghrúpa, áfach, go bhfuil bearta níos oiriúnaí de dhíth ar na cúiseanna seo a leanas:

(i) Tá riachtanais sách sainiúil ag an earnáil GS ina hiomláine ach gur earnáil beag go leor í i dtéarmaí an mhargaidh;

(ii) is comhpháirt bheag í an earnáil IBS den earnáil ina hiomláine;

(iii) Soláthraítear curaclam leathan go leor tríd an Chreat Teidlíochta;

(iv) tá freagairtí bunaithe ar theicneolaíocht don easpa áiseanna á lorg ag scoileanna óir tá siad níos saoire, níos solúbtha, freastalaíonn siad ar an riachtanas reatha agus níos dírithe ar an aos óg;

(v) tá i bhfad níos mó i gceist le háiseanna ná téacsleabhar;

(vi) tá áiseanna i réimsí na litearthachta, na huimhearthachta agus na sainriachtanas de dhíth ar an GS ;

(vii) Tá cur chuige nua de dhíth i réimse iomlán na scrúduithe trí mheán na Gaeilge; is gá, go háirithe, deireadh a chur leis an chleachtas reatha scripteanna daltaí a aistriú ó Ghaeilge go Béarla, le go dtig le marcálaithe, atá ar bheagán Gaeilge, iad a mharcáil i mBéarla.

Ón fhianaise a bhí ar fáil don Ghrúpa, bhí an chuma ar an scéal go bhfuil fócas i bhfad níos straitéisí, níos comhordaithe de dhíth amach anseo le háiseanna a sholáthar don Ghaelscolaíocht:

- go gcuirfear anailís riachtanas agus soláthar áiseanna tiománta ag polasaí in iúl ar dhóigh atá le leas na n-úsáideoirí;

- go ndéanfar deighilt níos soiléire idir soláthar agus soláthraithe maidir le leibhéil laistigh den earnáil GS agus maidir le réimsí agus grúpaí sainiúla laistigh den earnáil, m.sh. litearthacht agus sainriachtanais; daltaí GS i meánscoileanna Béarla atá ag gabháil do scrúdú 'Irish' nó 'Gaeilge';

- go dtiocfar i dtír níos straitéisí ar na dúshláin agus féidearthachtaí a bhaineann leis an teicneolaíocht i dtreo seachadadh áiseanna le bonn agus taca a chur faoin Chreat Teidlíochta;

- gur mó an bhéim, maidir le maoiniú a leithdháileadh, ar an phleanáil fhadtéarmach straitéiseach ná ar thionscadail shainiúla; agus

- go bhfiosrófar modhanna soláthair cost-éifeachtúla. Éilítear leis an chineál seo cur chuige:

- comhphleanáil de shórt éigin idir maoinitheoirí reatha soláthair, RO agus Foras na Gaeilge, lena chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais agus nach gcaillfear an saineolas atá bailithe le blianta anuas; agus

- cineálacha comhoibrithe níos sainmhínithe idir soláthraithe reatha in TÉ, idir soláthraithe in TÉ agus PÉ agus idir soláthraithe in TÉ agus teangacha Ceilteacha eile, Albain go háirithe; idir soláthraithe in TÉ agus foinsí féideartha eile ábhair in TÉ m.sh. teilifís agus raidió; C2k.

Pointe eile a rinneadh sna Fócas-Ghrúpaí gur shonraigh go leor meithleacha éagsúla an gá atá le taighde ach *nach bhfuil ach fíorbheagán ardán ar fáil don taighde a chraobhscaoileadh i ndiaidh a dhéanta.* Dá mbeadh spás sainiúil ar líne ar fáil chuige seo, thiocfadh leis feidhmiú fosta chun scoileanna agus daltaí a chur ar an eolas faoi fhéidearthachtaí fostaíochta. D'fhéadfaí ionad barr feabhais féin a dhéanamh de ar shainriachtanais oideachais, dála shamhail sheirbhís Harberton, le freastal ar an earnáil GS. Thiocfadh leis fosta bheith ina ionad ullmhúchán agus dáileadh áiseanna arna n-ullmhú le cuidiú shaineolaithe na ngníomhaireachtaí bainteacha chomh maith leis an oiliúint faoina n-úsáid a ghabhfadh leo.

Bunaithe ar an fhianaise ar fad atá ar fáil, **MOLANN** an Grúpa:

(1) Buiséad réadúil do scoileanna agus aonaid GS, bunaithe ar phlean soiléir scoile.

(2) Píosa oibre le coimisiúnú ag RO le cur chuige straitéiseach i leith soláthar áiseanna don earnáil GS i gcomhthéacs leathan comhoibrithe a leagan amach.

**MOLANN** an Grúpa:

- comhchur chuige idir-rannach, thuaidh agus theas, trí bhunú foras ionadaíochta taobh istigh de shé mhí le taighde a dhéanamh faoin chur chuige níos cost-éifeachtúla seo ar réimsí comhoibre nó comhriachtanais agus é a phleanáil agus a fheidhmiú, trí struchtúr reatha an CATT, b'fhéidir.

Bheadh sé seo ag teacht le foráil trasteorann Chairt Chomhairle na hEorpa chomh maith leis an ráiteas i rannán Comhthéacs na Straitéise a mhol RCEF i mí Iúil 2012:

Cuid 2: COMHTHÉACS

2.12 Trína aithint go bhfuil naisc teaghlaigh, shóisialta, acmhainní agus eacnamaíochta idir Gaeilgeoirí ar fud oileán na hÉireann, tá an Straitéis seo ag teacht leis an chur chuige a shamhlaítear i Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 de chuid Rialtas na hÉireann.

***TFC***

D'aithin an Grúpa go mbeidh croíról ag TFC, gan amhras, i bhforbairt *soláthar curaclam GS amach anseo*, go háirithe ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta. Aontaíodh gur chóir é seo a fhorbairt i dtimpeallacht sheasmhach soláthar reatha GS agus tríd an saineolas agus úsáid TFC atá ann cheana, le fáil amach faoi na buntáistí agus na rioscaí. D'fhéadfaí gur mholadh ardriosca é féachaint le TFC a fhorbairt i scoil/samhail nua. D'fhéadfaí gur chur chuige feidhmiúil cost-éifeachtúil triail tosaigh i gcomhar le soláthraithe reatha.

Nuair a scrúdaíodh na féidearthachtaí atá le cuid de na buntáistí follasacha a bhaineann le TFC a úsáid le tabhairt faoi chuid de na bearnaí atá sa soláthar sainmhúinteoirí atá ag cur bac ar fhorbairt GS ag an dara leibhéal, ní bhfuair an Grúpa a sáith fianaise agus gan ach sampla amháin dá úsáid ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta GS in TÉ (ullmhúchán áis teagaisc; modúl eolaíochta á fhorbairt idir Coláiste Feirste agus ceann de na haonaid). I ndlínsí eile, ní raibh an cás mórán eile chun tosaigh cé go bhfuil pleananna á ndéanamh in Albain agus tá úsáid TFC sa Bhreatain Bheag ag dul chun cinn. In PÉ, úsáideadh ar tír mór é le ranganna a theagasc do scoileanna ar na hoileáin le go méadófaí an líon réimsí curaclaim atá ar fáil do dhaltaí.

D'aithin an Grúpa an gá le moladh ar TFC a chuimsiú ina dTuarascáil. Mar atá cúrsaí *faoi láthair*, áfach, agus an earnáil IBS GS le cois úsáid TFC i suíomhanna oideachais tearcfhorbartha, is i dtéarmaí ginearálta amháin is féidir seo a dhéanamh.

D'aontaigh an Grúpa go bhfuil **fóram sonrach do chleachtóirí GS** de dhíth agus go bhféadfaí **seomra comhrá** nó fóram **ar líne** a bhreithniú agus é á óstáil agus á mhodhnú, b'fhéidir, ag Comhairle na Gaelscolaíochta nó ag foras atá ag riar(adh) cheana féin ar an earnáil GS, bíodh sé trí áiseanna nó trí ullmhúchán múinteoirí. D'fhéadfaí gur mheicníocht réasúnta saor í seo ina bhféadfaí an spás sainiúil a chur ar fáil lena chur ar chumas scoileanna, cleachtóirí, pobal scoile GS agus soláthraithe áiseanna bheith ag obair i gcomhpháirt ar na dúshláin a thagann le hathrú curaclaim agus leis na sainghnéithe sin atá á dtairiscint ag an leibhéal IBS GS. Dhéanfadh gach scoil GS an spás seo a roinnt agus, san am céanna, neadófaí é sna pobail áitiúla foghlama atá ann cheana le teagmháil tras-earnála agus comhthacaíocht a chinntiú.

Agus na tosca seo uile á meas, mar atá cúrsaí faoi láthair **MOLANN** an Grúpa:

(1) Sa ghearrthéarma, pleanáil i dtreo soláthar spás sainiúil ar líne don phobal GS faoi cheann sé mhí trí C2k agus Comhairle na Gaelscolaíochta, modhnóirí ar múinteoirí iad á n-oiliúint ag C2k.

(2) Sa mheán- go fadtéarma, cláir phíolótacha a chur sa siúl ar sheachadadh curaclaim sna réimsí tosaíochta trí chomhghrúpa pleanála ina bhfuil na forais bhainteacha tríú leibhéal agus forais eile. Bheadh taighde ar anailís riachtanas de dhíth chuige seo agus ar infreastruchtúr teicniúil na scoileanna. Seans maith go dtarraingeodh comhfhiontar le PÉ agus i gceantair teangacha Ceilteacha eile maoiniú ón AE nó ó fhoinsí eile. Is den ríthábhacht cláir phíolótacha den sórt seo maidir le pleanáil don todhchaí. Gan nithe den chineál seo a thriail, fanfaidh réimse an TFC san iar-bhunscolaíocht GS mar atá, neamhthrialta agus, mar sin de, breathnófar air mar rud dothrialta.

**Comhthéacs Maoiniúcháin do GS feasta**

Tá cur síos thuas ar mhaoiniúchán reatha na hearnála GS. Cuirtear síos ar roghanna féideartha don am atá le teacht sa rannán seo.

***Impleachtaí Thuarascáil Salisbury***

Pointí intreorach

Phléigh an Grúpa moltaí Thuarascáil Salisbury maidir le GS agus rinne iad a thomhas i leith riachtanais na hearnála IBS, go háirithe i bhfianaise na forbartha straitéisí inmhianaithe ó bhonn an-íseal, fianaise a chuir páirtithe leasmhara i láthair agus Salisbury a aithint gur tearcmhaoiníodh an earnáil IBS. Ina dhiaidh sin, scrúdaíodh a lán roghanna éagsúla ar chur chuige féideartha nua.

Moladh in Salisbury samhail maoiniú scoile a bhfuil baint dhíreach aige le líon na ndaltaí agus bhain amach cuid mhór gnéithe eile a bhí ann cheana agus a bhain le scoileanna. Aithníodh go mbeadh tionchar diúltach aige seo ar mhaoiniú Gaelscolaíochta.

Aithnítear agus tugtar aird go ginearálta ar thearcmhaoiniú na hearnála IBS GS i dTuarascáil Salisbury. Scrúdaigh an Grúpa dhá chur chuige i dtreo an cheist seo a réiteach a bheadh le leas eispéireas oideachais na ndaltaí agus fhorbairt na hearnála: (i) bearta dreasachta dírithe ar riachtanais agus grúpaí sainiúla; (ii) samhail nua mhaoinithe le tacú le soláthar IBS GS. Is é an aidhm fhoriomlán atá le moltaí a chur chun tosaigh earnáil ardchaighdeáin, ardfheidhmíochta a chinntiú.

D'aontaigh an Grúpa nach mbainfeadh an maoiniú ach leis na scoileanna sin atá faofa ag an Roinn laistigh de phlean ceantair fhaofa.

Cuireadh an tuairim in iúl gur chóir go mbeadh cinneadh de chuid RO de dhíth sular féidir aon soláthar 'foirmiúil' a bhunú.

Ba chóir cineál ar bith soláthar GS atá le maoiniú a fháil bheith faoi réir Moladh ionas go dtig leis an Roinn bheith cinnte go mbeidh córais ann lena chinntiú go bhforbróidh sé feadh an chontanaim agus go neadófaí é mar chuid thábhachtach den scoil, rud a chinnteoidh ardcháilíocht agus a thabharfaidh muinín.

D’aontaigh an Grúpa:

- cur chuige nua foirmleach;
- An gá atá le forbairt GS a chur chun cinn ar dhóigh onnghníomhach, ag éirí as Breithiúnas Treacy.

Bhreithnigh an Grúpa ceithre shamhail fhéideartha mhaoinithe le cur faoi bhráid an Aire; dá thoradh sin, aontaíodh ar na heilimintí seo a leanas:

- Ardú AWPU;
- Toisc an tumoideachais;
- Ba chóir go mbainfeadh maoiniú riaracháin go cothrom le haonaid agus le soláthar scoil IBS GS; agus
- Impleachtaí ionaid fhéideartha eile GS.

<u>Réasúnaíocht</u>

Mar atá cúrsaí faoi láthair, aithníonn an Roinn dhá shamhail soláthar Gaelscolaíochta a cháilíonn le haghaidh maoiniúcháin: scoileanna neamhspleácha agus aonaid atá ceangailte de scoileanna Béarla. Caithfidh aonaid agus scoileanna tairseach 50%+ den churaclam a theagasc trí mheán na Gaeilge a shárú le haghaidh aitheantais.

Samhlaíonn an Grúpa forbairt na Gaelscolaíochta mar thuras i dtreo na féidearthachta go mbeidh eispéireas lán-tumoideachais 11-18 go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Mar sin de, is tábhachtach scoileanna a dhreasú agus bacainní a bhaint anuas. Ba chóir go n-aithneofaí, mar sin de, le foirmle nua ar bith, dul chun cinn sna samhlacha seo le líon na ndaoine óga atá ag staidéar trí mheán na Gaeilge a mhéadú chomh maith leis an am a chaitear ag úsáid na tumtheanga. Mothaíodh, mar sin de, go raibh gá leis an eilimint tacaíocht churaclaim a mhéadú agus a nascadh leis an chéatadán d’am a chaitear tumtha sa Ghaeilge. Lena chois sin, ba chóir go leanfaí d’eilimint riaracháin a chuimsiú le haghaidh costais dhosheachanta institiúideacha chun tacú le soláthar Gaeilge.

Ba chóir an tairseach maoiniú soláthar a choigeartú ar aon dul leis an réimse samhlacha a moladh. Mar sin de, le tacú le soláthar nuair a d’fhéadfaí gur dheacair, de réir éileamh tosaigh nó soláthar múinteoirí, soláthar 50%+ a chosaint, moladh fosta go mb’fhéidir go mbreithneodh scoileanna ar sholáthar 25%+ ar a laghad, le roinnt tacaíocht mhaoiniúcháin a fháil.

Go hachomair, is é an réasúnaíocht leis na figiúirí a thugtar sa mholadh a roghnaíodh thíos:

- tá an earnáil tearcfhorbartha agus tearcmhaoinithe;
- is gá don earnáil fás agus, mar sin de, tá dreasú de dhíth uirthi;
- Is ó iniúchadh Salisbury a d’eascair an cineál dreasaithe atá an Grúpa a mholadh;
- tá sé bunaithe go príomha ar an líon daltaí agus ábhar ag gach eochairchéim agus gá le breisíocht; agus

- is mó an dua a bhaineann le teagasc ag leibhéal níos airde; (cé nach léirítear é seo sa chás roghnaithe mar atá i gcás 1, ba é dearcadh an Ghrúpa gur toisc í atá le tabhairt san áireamh).

Ba í an cheist a breithníodh mar chuid den fhoirmle:

- méadú i dtéarmaí an AWPU óir mothaíodh nach raibh £28 iomchuí agus go rabhthas ar aon intinn gur chóir an leibhéal tumoideachais a léiriú, trí ábhar nó am teagmháil ranga a thomhas, mar chéatadán.
- Is mian leis an Ghrúpa a oiread feabhsúcháin agus is féidir a fheiceáil san earnáil agus sa líon ábhar atá á dteagasc trí mheán na Gaeilge go dtí go mbainfear amach aidhm an lán-tumoideachais
- D'aithin an Grúpa gur gá tabhairt faoi na réimsí curaclaim agus an Creat Teidlíochta a sheachadadh sa GS. D'fhéadfaí tomhas tumoideachais amháin a cheapadh sa chóras faisnéise bainistíocht scoile a chuireann C2k ar fáil. Léireodh sé seo *an t-am teagmhála* i nGaeilge agus ríomhfaí an céatadán do gach grúpa/dalta. Tógadh an cheist an mbeadh sé ní b'fhusa, ó pheirspictíocht cuntasachta, amharc ar an líon ábhar versus % an am teagmhála ranga. Tá a mbuntáistí féin ag an dá rogha.

<u>Roghanna</u>

Rogha amháin gan a dhath a dhéanamh. Táthar míshásta, áfach, le maoiniú reatha scoileanna agus aithnítear nach leor an maoiniú do scoileanna atá ag glacadh le haonad nó ag bainistiú scoile. Bíonn maoiniú de dhíth le haghaidh aonad agus bhí plé ar cé acu ba chóir nó nár chóir do scoileanna rogha Salisbury a bheith acu. Glacann an Grúpa leis go bhfuil maoiniú tosaigh, maoiniú aistrithe liúntais bhreise riaracháin de dhíth ar aonad nua agus go mbíonn maoiniú de dhíth má tá sé ag dul bealach an neamhspleáchais. Mar sin de, diúltaíodh don rogha gan a dhath a dhéanamh.

Mar sin de, scrúdaigh an Grúpa an staid reatha, bhreathnaigh ar na figiúirí agus ansin d'iarr ar bheirt de chuid an Ghrúpa dhá chás fhéideartha a chur ina láthair. Ag éirí as an phlé ar na moltaí iomlán difriúla seo, tá an Grúpa ag cur an tríú cás i láthair le go measfaidh an Roinn é (ar chúiseanna léiriúcháin, tá sé seo bunaithe ar thumoideachas 100% ag EC 3, 4 agus 5).

Na trí rogha a bhreithnigh an Grúpa

**Cás 1**

| Dalta | Maoiniú in aghaidh an dalta | Maoiniú in aghaidh ábhair trí Ghaeilge | Eochairchéim | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| 300 | £202.51<br>(0.1 AWPU) | 13 | 3 | £789,789.00 |
| 200 | £303.75<br>(0.15 AWPU) | 9 | 4 | £546,750.00 |
| 100 | £405.02<br>(0.2 AWPU) | 3 | 5 | £121,506.00 |

**Cás 2**

| Dalta | Maoiniú in aghaidh an dalta AWPU 0.1 breise | Maoiniú trí Ghaeilge, céatadán d'am teagmhála | Eochairchéim | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| 300 | £202.51 | 100% | 3 | £60,553.00 |
| 200 | £202.51 | 100% | 4 | £40,502.00 |
| 100 | £202.51 | 100% | 5 | £20,251.00 |
| Total | | | | £121,506.00 |

**Cás 3**

| Dalta | Maoiniú Salisbury per dalta AWPU breise 0.155 | Maoiniú trí Ghaeilge, céatadán tumoideachais | Eochairchéim | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| 300 | £299.00 | 100% | 3 | £89,700.00 |
| 200 | £299.00 | 100% | 4 | £59,800.00 |
| 100 | £299.00 | 100% | 5 | £29,900.00 |
| Total | | | | £179,400.00 |

Cuireadh an smaoineamh chun tosaigh gur chóir na roghanna a thriail san earnáil agus go bhfiafrófaí de pháirtithe leasmhara cé acu samhail is fearr a oibríonn dóibh. Pléadh an bhandáil fosta ach diúltaíodh dó as siocair gur doiligh a cur i bhfeidhm. Aithnítear, aon uair amháin a ghnóthaítear an fás atá inmhianaithe, go mbeidh tuilleadh maoiniúcháin de dhíth ar an Roinn leis an fhás sin a choinneáil.

**Comhthéacs Maoiniúcháin don Ghaelscolaíocht**

Mar chuid den chomhthéacs fhoriomlán maoiniúcháin, scrúdaigh an Grúpa fosta an Breithmheas Eacnamaíochta a bhfuil aon soláthar nua faoina réir. I dtaca le GS de, d'fhéadfadh réimse féideartha teannais a bheith i gceist leis an phróiseas seo lena n-áirítear mianta an phobail, trédhearcacht agus an eilimint teanga. Má ghlactar leis na pointí faoi (i) comhthéacs dlí; (ii) an Ghaeilge mar theanga mhionlaigh; (iii) mian tuismitheoirí agus an phobail; (iv) inmhianaitheacht lán-tumoideachais i scoil atá neamhspleách aisti féin, bhí an chuma ar an scéal go gcaithfí ceist an Bhreithmheasa Eacnamaíochta a bhreathnú athuair.

Má bhíonn tús áite ag an argóint eacnamaíochta seachas an argóint teanga/chultúrtha nó dlí, is beag seans go mbeidh samhail ar bith ach amháin an t-aonad ceangailte inghlactha sa mheán- go fadtéarma. Is léir gur saoire aonaid cheangailte a chur chun cinn seachas scoileanna neamhspleácha, go háirithe i dtéarmaí cóiríocht fhisiceach agus maoiniú caipitil. Mura mbíonn cur chuige pragmatach, forchéimnitheach ann, chomh maith le critéir trína gcinntítear an t-oideachas is fearr do dhaltaí GS, ní thiocfaidh macasamhail Choláiste Feirste ar an fhód sna blianta beaga atá romhainn.

Is i dtéarmaí airgeadais amháin a thomhaistear cur chuige costais. Ní gá go meastar le cur chuige costas-buntáiste na buntáistí dobhraite nó is deacra a thomhas. I straitéis solúbtha don GS ag leibhéal IBS, d'fhéadfadh na buntáistí seo a bheith san áireamh:

- Maidir leis an oideachas, cloí leis an reachtaíocht reatha ar fad agus le gnéithe de chuid Straitéis Ghaeilge RCEF.
- Bacainní ar dhul chun cinn a chealú.
- Neamart a tharla roimhe agus staid reatha tearcfhorbartha na hearnála IBS GS a aithint.
- Normalú GS ag leibhéal IBS trí infheictheacht bhreise agus níos mó muiníne ag tuismitheoirí dá réir.
- Mianta tuismitheoirí agus an phobail a aithint.
- Tábhacht na Gaelscolaíochta do phobal na Gaelscolaíochta, don oideachas in TÉ agus don tumoideachas i gcomhthéacs idirnáisiúnta a aithint.

## (10) Fís don Ghaelscolaíocht sna Blianta atá Romhainn

Is é an fhís atá ag an Ghrúpa Chomhairleach don Ghaelscolaíocht:

> *Córas lán-tumoideachais agus tumoiliúna a bheith againn amach anseo, faoi threoir straitéiseach, a spreagann agus a éascaíonn go honnghníomhach, ar dhóigh phleanáilte agus i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara bainteacha, an t-éileamh forásach ar an Ghaelscolaíocht ag gach leibhéal agus ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta go háirithe.*
>
> *An córas seo bheith solúbtha, inbhuanaithe, d'ardchaighdeán, ag freastal ar an uile chumas agus ar bhonn comhoideachais, mar chuid dhílis den oideachas i dTuaisceart Éireann.*

Aontaíonn an Grúpa Comhairleach fosta leis an ráiteas seo a leanas:

> *A chinntiú go mbaineann gach foghlaimeoir amach a lánacmhainneacht ag gach céim forbartha.* (**Polasaí Scoileanna Inbhuanaithe**: Fís don Oideachas)

Lena chois sin, chonacthas don Ghrúpa go raibh na ráitis seo ábhartha maidir le cás na Gaeilge in TÉ.

(1) Fís **Bord na Gàidhlig** do Ghaeilge na hAlban:
*Teanga fholláin, bheoga á húsáid níos mó agus luach agus meas uirthi in Albain nua-aoiseach, ilchultúrtha, ilteangach.*

(2) Agus ráiteas **LTS** (Learning & Teaching Scotland) ina *Plan for Gaelic* (2009-2012):

**Réamhrá**: *Aithnímid ionchur uathúil, riachtanach na Gàidhlig i saol saibhir, ilghnéitheach cultúrtha na hAlban agus le tacaíocht ó Rialtas na hAlban agus ónár gcomhpháirtithe náisiúnta* [áirítear leo sin HM Inspectorate of Education and the Scottish Qualifications Authority] *déanfaimid iarracht ról ceannasaíochta a ghlacadh le todhchaí na Gàidhlig a dhaingniú.*

**Achoimre Fheidhmeach:** Aidhm - *ionad na Gàidhlig a normalú i gcomhthéacs oibríocht LTS.*

## (11) Liosta Giorrúchán

| | |
|---|---|
| AWPU | Aonad Dalta Ualaithe de réir Aoise/Age Weighted Pupil Unit |
| BOLanna | Boird Oideachais agus Leabharlann |
| CCEA | Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnachta/Council for the Curriculum, Examinations & Assessment |
| CF | Coláiste Feirste |
| CFF | Foirmle Chomónta Maoiniúcháin/Common Funding Formula |
| CnaG | Comhairle na Gaelscolaíochta |
| Ech | Eochairchéim |
| GM | Trí mheán na Gàidhlig /Gaelic-medium |
| GS | Gaelscolaíocht/Oideachas trí mheán na Gaeilge |
| IBS | Iar-bhunscolaíocht |
| ITT | Oideachas Tosaigh Múinteoirí/Initial Teacher Training |
| TÉ | Tuaisceart Éireann |
| MF | Moladh Forbartha |
| NISRA | Gníomhaireacht Staitisticí agus Taighde Thuaisceart Éireann/ Northern Ireland Statistics & Research Agency |
| PÉ | Poblacht na hÉireann |
| RCEF | An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta |
| RO | An Roinn Oideachais |
| TFC | Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide |
| TSN | *Targeting Social Need* |
| ÚOS | Údarás Oideachais agus Scileanna |
| WM | Trí mheán na Breatnaise/Welsh-medium |

# AGUISÍNÍ 1-8

## AGUISÍN 1

## Croí-Pháirtithe Leasmhara

**Príomhoidí bunscoileanna**

- Mary Nic Ailín, Gaelscoil Éadain Mhóir
- Seán Mac Cionnaith, Bunscoil Cholmcille
- Máirín Uí Cheallaigh, Gaelscoil Neachtain
- Séana Uí Cheallaigh, Gaelscoil na Speiríní
- Míceala Ní Chonluain, (i láthair thar ceann an phríomhoide), Gaelscoil Uí Dhochartaigh
- Catherine Uí Dhoibhlin, Gaelscoil Eoghain
- Charmaine Uí Dhaighre, Gaelscoil Léim an Mhadaidh
- Patricia McMaster, Bunscoil Naomh Bríd
- Orlaith Nic Fhirléinn, Gaelscoil an tSeanchaí,
- Níor fhreastail aon duine as Gaelscoil na Daróige

**Cathaoirligh bunscoileanna**

- Seán Mac Cionnaith, Bunscoil Cholmcille (príomhoide i láthair thar ceann an Chathaoirligh)
- Colmán Mac an Chrosáin, Gaelscoil Uí Dhochartaigh (Cathaoirleach)
- Déaglán Ó Mócháin, Gaelscoil Éadaín Mhóir (Leas-Chathaoirleach)
- Níor fhreastail aon duine as Gaelscoil na Daróige ná as Gaelscoil Léim an Mhadaidh

**Toscaireacht Dhoire Theas**

- Pádraig Ó Mianáin, (faoi dhó)
- Siún Uí Mhianáin,
- Niall Ó Cathain, (faoi dhó)
- Emma Mhic Bhloscaidh,
- Nóra Murray Williams,
- Catherine Blaney, Ceann Aonad na Gaeilge i gColáiste Chaitríona, Ard Mhacha
- Enda Cullen, St Joseph's Grammar School Scoil Ghramadaí Naomh Iósaef, An Domhnach Mór
- Ciara Pickering, Ceann na Gaelscolaíochta in Ard-Scoil Naomh Maolmhaodhóg, Caisleán Uidhlín
- Liam Ó Cuinneagáin, Ard-Scoil Bhríde, Doire
- Seán Fearon, Cigireacht Oideachais agus Oiliúna

**Albain**

- Màiri MacMillan, Ceann Oideachais agus Foghlama (Albain)
- Jim Whannel, Oifigeach Feabhsúchán Cáilíochta (Albain)
- Joan C Esson HMI Alba

**An Bhreatain Bheag**

- Caroline Turner, Leas-Stiúrthóir Rannóg na Breatnaise
- Awne Penri, Ceann Polasaí Breatnaise san Oideachas
- Nerys Howells, Bainisteoir Forbartha Sinsearach-Breatnais san Oideachas

**PÉ**

- Gavan O'Leary, Príomh-Oifigeach i Lár-Aonad Polasaí na Roinne (PE)
- Breda Naughton, Príomh-Oifigeach in Aonad Cáilíochtaí, Curaclaim agus Measúnachta na Roinne (PÉ)
- Pádraig Mac Fhlannchadha, Leas-Phríomhchigire ar a bhfuil freagracht as comhairle polasaí Gaeilge (PÉ)

**Fócas-Ghrúpaí agus Cruinnithe le Daoine Aonair**

- Fionntán de Brún, Ollscoil Uladh
- Eugene McKendry, Ollscoil na Banríona
- Jacaí de Brún, Coláiste Ollscoile Naomh Muire
- Muireann Ní Mhóráin, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
- Séan Mac Nia, CCEA
- Malachy Ó Néill, Ollscoil Uladh
- Deirdre Uí Liatháin, Coláiste Lú
- Gabrielle Nig Uidhir, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste
- Gavin Boyd, ÚOS
- Bláthnaid Ní Ghréacháin, Gaelscoileanna

**Trasphobail**

- Linda Ervine, Misean Bhéal Feirste Thoir
- Maighréad Ní Bhuadáin, Comhairle na Gaelscolaíochta

## AGUISÍN 2

**Ceistneoir Tuismitheoirí (Bunscoileanna) – Anailís**

Ar 4 Samhain 2013, iarradh ar Phríomhoidí Bunscoileanna Gaeilge ceistneoir a eisiúint do thuismitheoirí a gcuid daltaí go bhfaighfear amach na tuairimí atá acu ar an oideachas iar-bhunscolaíochta (amharc Aguisín M2).

Tá 36 Bunscoil Ghaeilge ann. Fuarthas freagraí ó 23 bunscoil .i. ráta freagartha 64% (feic Aguisín 2) figiúr is ionann agus 575 ceistneoir comhlánaithe.

**<u>Samhail</u>**

Mhaígh 75% de na freagróirí gur Gaelscoil neamhspleách ab fhearr leo; mhaígh 61%, áfach, go mbeadh siad sásta a bpáiste a chur chuig Gaelscoil a mbeadh naisc fhoirmiúla aici le scoil eile agus dúirt 60% go mbeadh siad sásta a bpáiste a chur chuig aonad/sruth ceangailte de scoil Bhéarla.

**<u>Fad taistil</u>**

Mhaígh tromlach na bhfreagróirí (58%) go mbeadh siad sásta dá mbeadh a bpáiste ag taisteal suas le 10 míle.

**<u>% cúrsaí ar fáil i nGaeilge</u>**

Bheadh 50% de na cúrsaí a bheith ar fáil i nGaeilge de dhíth ar thromlach na bhfreagróirí do leibhéil 11-14, 14-16 agus 16-18. Is beag (17%) freagróir a d'éileodh 100% de na cúrsaí a bheith ar fáil i nGaeilge.

**<u>Cúrsaí ar fáil i nGaeilge</u>**

Mhaígh 60% ar a laghad de na freagróirí go gcaithfeadh na hábhair seo a leanas bheith ar fáil i nGaeilge:

- Mata;
- Stair;
- Tíreolaíocht;
- Foghlaim don Saol agus don Obair; agus
- Oideachas Reiligiúnach.

**<u>Tráchtannna</u>**

Rinneadh cuid mhór tráchtanna (feic Aguisín 6.3), go háirithe faoi cheantar an tuismitheora féin. San iomlán bheadh tuismitheoirí sásta a bpáiste a chur chuig iar-bhunscoileanna Gaeilge faoi fhad réasúnta taistil ach ní ar mhaithe le tumoideachas 100% trí mheán na Gaeilge a bheith acu. Bheadh siad ag dréim fosta gur cainteoirí Gaeilge ardchaighdeáin iad na múinteoirí.

**Aguisín 2.1**

Ceistneoir Tuismitheoirí (Bunscoileanna)
**LÍON IOMLÁN FREAGRAÍ Ó BHUNSCOILEANNA = 575**

1. An gcuirfeá do pháiste chuig Iarbhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge mar chuid de:
   a. Gaelscoil neamhspleách – **431 (75% d'iomlán na bhfreagraí)**
   b. Gaelscoil a bhfuil naisc fhoirmiúla aici le Gaelscoil eile – **348 (61% d'iomlán na bhfreagraí)**
   c. Aonad/sruth ceangailte de scoil Bhéarla– **343 (60% d'iomlán na bhfreagraí)**
   d. Gaelscoil taobh thall den teorainn – **51 (9% d'iomlán na bhfreagraí)**
   e. Gaelscoil chónaithe – **8 (1% d'iomlán na bhfreagraí)**
   f. n/bh nó gan aon fhreagra – **4 (1%d'iomlán na bhfreagraí)**

2. Le hiar-bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge a fháil, an mbeifeá sásta go mbeadh do pháiste ag taisteal :
   a. 5 mhíle – **175 (30% d'iomlán na bhfreagraí)**
   b. 10 míle – **249 (43% d'iomlán na bhfreagraí)**
   c. 20 míle – **113 (20% d'iomlán na bhfreagraí)**
   d. Níos mó ná 20 míle – **30 (5% d'iomlán na bhfreagraí)**
   e. n/bh nó gan aon fhreagra – **8 (1% d'iomlán na bhfreagraí)**

3. Léirigh an céatadán íosta d'ábhair ag an dara leibhéal a chaithfeadh bheith ar fáil i nGaeilge ó 11-14:
   a. 25% - **106 (18% d'iomlán na bhfreagraí)**
   b. 50% - **249 (43% d'iomlán na bhfreagraí**
   c. 75% - **136 (24% d'iomlán na bhfreagraí)**
   d. 100% - **76 (13% d'iomlán na bhfreagraí)**
   e. n/bh nó gan aon fhreagra - **8 (1% d'iomlán na bhfreagraí)**

4. Léirigh an céatadán íosta d'ábhair ag an dara leibhéal a chaithfeadh bheith ar fáil i nGaeilge ó 14-16 (TGMO):
   a. 25% - **116 (20% d'iomlán na bhfreagraí)**
   b. 50% - **236 (41% d'iomlán na bhfreagraí)**
   c. 75% - **142 (25% d'iomlán na bhfreagraí)**
   d. 100% - **73 (13% d'iomlán na bhfreagraí)**
   e. n/bh nó gan aon fhreagra - **8 (1% d'iomlán na bhfreagraí)**

5. Léirigh an céatadán íosta d'ábhair ag an dara leibhéal a chaithfeadh bheith ar fáil i nGaeilge ó 16-18 (Ard-Leibhéal):
   a. 25% - **143 (25% d'iomlán na bhfreagraí)**
   b. 50% - **232 (40% d'iomlán na bhfreagraí)**
   c. 75% - **115 (20% d'iomlán na bhfreagraí)**
   d. 100% - **74 (13% d'iomlán na bhfreagraí)**
   e. n/bh nó gan aon fhreagra - **11 (2% d'iomlán na bhfreagraí)**

6. Léirigh cé acu cúrsaí ag an dara leibhéal a chaithfeadh bheith ar fáil i nGaeilge:
   a. Matamaitic – **373 (65% d'iomlán na bhfreagraí)**
   b. Eolaíocht – **306 (53% d'iomlán na bhfreagraí)**
   c. Teicneolaíocht – **210 (37% d'iomlán na bhfreagraí)**
   d. TE – **258 (45% d'iomlán na bhfreagraí)**

e. Stair – **431 (75% d'iomlán na bhfreagraí)**
f. Tíreolaíocht – **376 (65% d'iomlán na bhfreagraí)**
g. Eacnamaíocht Bhaile – **260 (45% d'iomlán na bhfreagraí)**
h. Foghlaim don Saol agus don Obair – **355 (62% d'iomlán na bhfreagraí)**
i. Oideachas Reiligiúnach – **375 (65% d'iomlán na bhfreagraí)**
j. Corpoideachas – **259 (45% d'iomlán na bhfreagraí)**
k. Eile – **87 (15% d'iomlán na bhfreagraí)**
l. n/bh nó gan aon fhreagra – **35 (6% d'iomlán na bhfreagraí)**

Sonraigh:

- Gaeilge
- Drámaíocht
- Ealaín
- Bitheolaíocht
- Cuntasaíocht
- Ceol
- Mata (ag an tús - bliain 8-10)
- Litríocht na Gaeilge
- Litríocht an Bhéarla
- Teangacha
- Spáinnis
- Fraincis
- Staidéar Gnó
- Amhránaíocht
- Damhsa
- Polaitíocht
- Staidéar na Meán
- Innealtóireacht
- Eacnamaíocht
- Béarla Praiticiúil
- A oiread agus is féidir
- Ní sainiúil (ar a laghad 25% i nGaeilge)
- 100% (gach ábhar)
- Teaglaim ábhar ar bith
- Ginearálta faoi réir an chomhthéacs ina iomláine

7. Tráchtanna ar bith eile: (feic liosta na dtráchtanna)

**Aguisín 2.2**

**% de bhunscoileanna a thug freagra i ngach Ceantar Pleanála GS**

| Ceantar Pleanála | Líon iomlán scoileanna sa Cheantar Pleanála | Líon scoileanna sa Cheantar Pleanála a thug freagra | % scoileanna sa Cheantar Pleanála a thug freagra |
|---|---|---|---|
| An Dún Thoir | 3 | 3 | 100% |
| Aontroim Thuaidh | 1 | 0 | 0% |
| Béal Feirste/Aontroim Theas | 11 | 4 | 36% |
| Tír Eoghain Thoir | 4 | 2 | 50% |
| Ard Mhacha/An Dún Theas | 5 | 4 | 80% |
| Doire Thiar Thuaidh/Tír Eoghain Thiar | 5 | 5 | 100% |
| Doire Theas/Lár Uladh | 4 | 2 | 50% |
| FearManach/ Tír Eoghain Theas | 3* | 3 | 100% |
| **Iomlán** | **36** | **23** | **64%** |

* Gaelscoil Neamhspleách amháin san áireamh – níl sí maoinithe ag RO.

**Aguisín 2.3**

## ACHOIMRE AR THRÁCHTANNA

### RÉIMSÍ SAINIÚLA

- An Ómaigh - Soláthar GS de dhíth;
- Ard Mhacha - Díomá le soláthar reatha.  Bheadh sé tábhachtach GS a bheith ceangailte de Scoil Ghramadaí na mBuachaillí;
- An tIúr - Soláthar GS de dhíth;
- Doire - Is eol go maith na ceisteanna a bhaineann le GS – ag iarraidh ar an Roinn dul ar aghaidh le sruth taobh istigh de Chnoc na nDealg;
- An Lorgain – athstruchtúrú soláthar Iar-Bhunscolaíochta faoi láthair – ba thráthúil soláthar GS a thabhairt isteach;
- Contae Fhear Manach – ba bhreá meánscoileanna i gContae Fhear Manach le freastal níos fearr a dhéanamh ar pháistí ag teacht amach as an Bhunscoil áitiúil.

### ÁBHAIR

- Gach ábhar de dhíth trí GS;
- Imníoch faoi cé acu a theagasctar nó nach dteagasctar gach téarma in m.sh. eolaíocht i nGaeilge agus más amhlaidh an mbeadh míbhuntáiste i gceist do pháistí ag dul chun na hollscoile/ na hoibre;
- Imníoch má theagasctar gach rud trí Ghaeilge go mbeadh na páistí ag streachailt leis an téarmaíocht a úsáidtear sa tionsclaíocht i ndiaidh scoile;
- Bíonn stair agus tíreolaíocht an-deacair óir tá na haistriúcháin fada agus dodhéanta ag cuid de na páistí, rud a fhágann TGMO doghnóthaithe;
- Mata, eolaíocht, tíreolaíocht agus Béarla le teagasc trí Bhéarla
- Imní faoi pháiste ag titim ar gcúl le léamh/scríobh i mBéarla, agus ba chóir 50/50 bheith i gceist;
- Ba chóir GS a thabhairt isteach de réir a chéile agus an páiste ag dul chun cinn ó 11-14, 14-16, 16-18;
- In áit 100% Béarla nó Gaeilge, is fearr 'comhréiteach' .i. 50/50.

### TAISTEAL

- Chuirfí an páiste ann dá mbeadh a leithéid sa cheantar nó faoi fhad réasúnta taistil;
- Ba chóir costais taistil a chumhdach.

### TEAGASC

- Múinteoirí ar cainteoirí Gaeilge den chaighdeán is airde iad de dhíth;
- Cúntóirí ranga de dhíth do pháistí a bhfuil sainriachtanais acu;
- Cuidiú breise do pháistí ag gabháil do thrialacha aistrithe.

### ROGHA

- An páiste féin a roghnóidh cé acu a roghnóidh nó nach roghnóidh sé/sí dul ar GS;
- Ní chuirfear an páiste ar GS;
- Eagla tuismitheoirí a mhaolú faoi chuidiú le páiste obair bhaile a dhéanamh mura labhraítear Gaeilge sa bhaile;
- Gá le buntáistí an Ghaeilge a bheith ag duine mar an 2ú teanga a chur in iúl do dhaoine;

- Dá mhéad ábhar atá ar fáil trí mheán na Gaeilge, is amhlaidh is tarraingtí an GS ag tuismitheoirí/daltaí;
- Le leas an pháiste a leibhéal reatha GS a choinneáil;
- Deacrachtaí ag daltaí GS i scoileanna Béarla óir ní fhreastalaíonn siad ar a riachtanais.

**CINEÁL SCOILE**

- Chaithfeadh scoil chomhoideachais a bheith i gceist;
- Is fearr Aonad Gaeilge;
- I gcomhar le scoil Bhéarla fhadbhunaithe an dóigh is inmharthana/inbhuanaithe le soláthar iar- bhunscolaíochta GS a eagrú;
- Ní oibríonn sruthanna agus infheistíocht cheart inár gcuid páistí atá de dhíth sa tumoideachas.

**ILCHINEÁLACH**

- Deacracht leis an cheistneoir a thuiscint; Ba chóir an ceistneoir bheith níos simplí;
- Buíochas curtha in iúl as an tsaincheist seo a bhreathnú ;
- Dóchas go ndéanfar beart i ndiaidh an chomhairliúcháin seo;
- Toilteanach cuidiú ar dhóigh ar bith le hiar-bhunscolaíocht GS inbhuanaithe a bhaint amach.

**Aguisín 2.4**

## Ceistneoir Tuismitheoirí (Naíscoileanna) – Anailís

Ar an 2013, 4 Samhain iarradh ar phríomhoidí naíscoileanna Gaeilge ceistneoir a eisiúint chuig tuismitheoirí a gcuid daltaí lena dtuairimí a fháil ar an iar-bhunscolaíocht (feic Aguisín 1).

Fuarthas freagraí ó 7 naíscoil, rud is ionann agus 48 ceistneoir comhlánaithe.

### Samhail

Mhaígh 88% d'iomlán na bhfreagróirí gurbh fhearr leo Gaelscoil neamhspleách; mhaígh 52%, áfach, go mbeadh siad sásta a bpáiste a chur chuig Gaelscoil a mbeadh naisc fhoirmiúla aici le scoil Bhéarla agus 48% a bheadh sásta a bpáiste a chur chuig aonad/sruth ceangailte do scoil Bhéarla.

### Fad taistil

Mhaígh formhór na bhfreagróirí (58%) go mbeadh siad sásta dá mbeadh a bpáiste ag taisteal suas go dtí 10 míle.

### % cúrsaí ar fáil i nGaeilge

Bheadh an t-íosmhéid 25% de chúrsaí a bheith ar fáil i nGaeilge do leibhéil 11-14, 14-16 agus 16-18 de dhíth ar 30% de fhreagróirí agus mhaígh 30% eile gur 50% de chúrsaí a bheith ar fáil i nGaeilge a bheadh de dhíth orthu. Is beag (17%) freagróir a mbeadh 100% de chúrsaí a bheith ar fáil i nGaeilge de dhíth orthu.

### Cúrsaí ar fáil i nGaeilge

Mhaígh ar a laghad 60% de na freagróirí go gcaithfeadh na hábhair seo a leanas a bheith ar fáil i nGaeilge:

- Mata;
- Eolaíocht;
- Stair
- Tíreolaíocht;
- Foghlaim don Saol agus don Obair; agus
- Oideachas Reiligiúnach.

### Tráchtanna

Ní bhfuarthas ach beagán tráchtanna (Aguisín 6.2.2) inar léiríodh go mbeadh buntáistí le haon ábhar a bheith á theagasc i nGaeilge ach gur chóir na croí-ábhair a theagasc i nGaeilge.

**Aguisín 2.5**

**Ceistneoir Tuismitheoirí (Naíscoileanna)**

1. An gcuirfeá do pháiste chuig Iarbhunscolaíocht trí mheán na Gaelge mar chuid de:
    a. Gaelscoil ina saorsheasamh – **42 (88% d'iomlán na bhfreagraí)**
    b. Gaelscoil a bhfuil naisc fhoirmiúla aici le Gaelscoil eile – **25 (52% d'iomlán na bhfreagraí)**
    c. Aonad/sruth ceangailte de scoil Bhéarla– **23 (48% d'iomlán na bhfreagraí)**
    d. Gaelscoil taobh thall den teorainn – **1 (2% d'iomlán na bhfreagraí)**
    e. Gaelscoil chónaithe – **0 (0% d'iomlán na bhfreagraí)**
    f. n/bh nó gan aon fhreagra – **0 (0%d'iomlán na bhfreagraí)**

2. Le hiar-bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge a fháil, an mbeifeá sásta go mbeadh do pháiste ag taisteal :
    a. 5 mhíle – **7 (15% d'iomlán na bhfreagraí)**
    b. 10 míle – **28 (58% d'iomlán na bhfreagraí)**
    c. 20 míle – **11 (23% d'iomlán na bhfreagraí)**
    d. Níos mó ná 20 míle – **2 (4% d'iomlán na bhfreagraí)**
    e. n/bh nó gan aon fhreagra – **0 (o% d'iomlán na bhfreagraí)**

3. Léirigh an céatadán íosta d'ábhair ag an dara leibhéal a chaithfeadh bheith ar fáil i nGaeilge ó 11-14:
    a. 25% - **13 (27% d'iomlán na bhfreagraí)**
    b. 50% - **15 (31% d'iomlán na bhfreagraí**
    c. 75% - **12 (25% d'iomlán na bhfreagraí)**
    d. 100% - **8 (17% d'iomlán na bhfreagraí)**
    e. n/bh nó gan aon fhreagra - **0 (0% d'iomlán na bhfreagraí)**

4. Léirigh an céatadán íosta d'ábhair ag an dara leibhéal a chaithfeadh bheith ar fáil i nGaeilge ó 14-16 (TGMO):
    a. 25% - **14 (29% d'iomlán na bhfreagraí)**
    b. 50% - **14 (29% d'iomlán na bhfreagraí)**
    c. 75% - **12 (25% d'iomlán na bhfreagraí)**
    d. 100% - **8 (17% d'iomlán na bhfreagraí)**
    e. n/bh nó gan aon fhreagra - **0 (0% d'iomlán na bhfreagraí)**

5. Léirigh an céatadán íosta d'ábhair ag an dara leibhéal a chaithfeadh bheith ar fáil i nGaeilge ó 16-18 (Ard-Leibhéal):
    a. 25% - **16 (3% d'iomlán na bhfreagraí)**
    b. 50% - **15 (31% d'iomlán na bhfreagraí)**
    c. 75% - **8 (17% d'iomlán na bhfreagraí)**
    d. 100% - **9 (19% d'iomlán na bhfreagraí)**
    e. n/bh nó gan aon fhreagra - **0 (0% d'iomlán na bhfreagraí)**

6. Léirigh cé acu cúrsaí ag an dara leibhéal a chaithfeadh bheith ar fáil i nGaeilge:
    a. Mathamaitic–**29 (60% d'iomlán na bhfreagraí)**
    b. Eolaíocht –**29 (60% d'iomlán na bhfreagraí)**
    c. Teicneolaíocht – **19 (40% d'iomlán na bhfreagraí)**
    d. TE – **21 (44% d'iomlán na bhfreagraí)**
    e. Stair – **36 (75% d'iomlán na bhfreagraí)**
    f. Tíreolaíocht – **30 (63% d'iomlán na bhfreagraí)**
    g. Eacnamaíocht Bhaile – **21 (44% d'iomlán na bhfreagraí)**
    h. Foghlaim don Saol agus don Obair – **29 (60% d'iomlán na bhfreagraí)**
    i. Oideachas Reiligiúnach – **35 (73% d'iomlán na bhfreagraí)**
    j. Corpoideachas – **24 (50% d'iomlán na bhfreagraí)**
    k. Eile – **6 (13% d'iomlán na bhfreagraí)**
    l. n/bh nó gan aon fhreagra – **3 (6% d'iomlán na bhfreagraí)**

    Sonraigh:
    - Gaeilge
    - Gach ábhar
    - Ceol
    - Ealaín
    - Teangacha
    - Ceol
    - Gramadach na Gaeilge

7. Trácht ar bith eile: (feic liosta tráchtanna)

**Aguisín 2.6**

<u>Tráchtanna a Fuarthas:</u>

- Bheadh ábhar ar bith go hiontach ach bheadh na croí-ábhair riachtanach;
- Ba chóir croí-ábhair a theagasc trí Ghaeilge;
- D'fhéadfadh sé go roghnódh páiste gan ábhar ar bith a dhéanamh trí Ghaeilge agus, mar sin de, ba thábhachtach go mbeadh comhrá/comharthaíocht sa scoil i nGaeilge sa dóigh gur cuid de ghnáthimeachtaí an lae í;
- Imní curtha in iúl faoi fhocail/ábhair san iar-bhunscolaíocht. Is féidir an chuid is mó den ábhar a theagasctar ar an bhunscoil a aistriú/thuiscint sa bhaile ach ní chomh furasta céanna san iar- bhunscolaíocht; agus ábhar imní nach n-aithneodh cuid de na daltaí focail Bhéarla
- B'fhearr le freagróir amháin scoil neamhreiligiúnach.

# AGUISÍN 3

**Teangacha Ceilteacha**

**Gaeilge na hAlban (Gàidhlig)**

**Reachtaíocht**

**Tuairisc Chigireachta, Meitheamh 2011:** ***Gaelic Education – Building On The Successes, Addressing The Barriers***

**5.1.1** Tá reachtaíocht agus bearta curtha in áit ag Rialtas na hAlban a shín agus a neartaigh forbairt an oideachais Ghàidhlig le fiche bliain anuas. Áirítear leo *seo The Education (Scotland) Act 1980, Specific Grants Regulations, The Standards in Scotland's Schools Act 2000*. Tá an Ghàidhlig liostaithe fosta mar thosaíocht náisiúnta sa *Education (National Priorities)(Scotland) Order 2000.* Faoin *Gaelic Language (Scotland) Act 2005*, tá feidhm reachtúil ag Bòrd na Gàidhlig comhairle a thairiscint agus treoir a eisiúint faoi Oideachas Gàidhlig. Tá Straitéis Náisiúnta Oideachas Gàidhlig leagtha amach ag Bòrd na Gàidhlig mar chuid dá Plean Náisiúnta don Ghàidhlig.

**5.1.2** Tá de fhreagracht ar údaráis oideachais soláthar Gàidhlig a chur ar bun. Tacaítear leo é seo a dhéanamh trí mhaoiniú ó Rialtas na hAlban. Leithdháileann Airí an maoiniú seo, ar a dtugtar Deontas Sonrach don Oideachas Gàidhlig, ar bhonn tairiscintí a fhaigheann údaráis le cuidiú a thabhairt maidir le costais bhreise Oideachas Gàidhlig. Tairgeann 21 údarás oideachais Oideachas Gàidhlig agus is é an *Management Review Group (MRG)* a dhéanann ionadaíocht ar a son. Feidhmíonn an MRG mar fhóram plé faoi shaincheisteanna maoiniúcháin. Tá ról ar leith acu, mar shampla, i bhfaomhadh chlár soláthar áiseanna Stòrlann.

**Staitisticí**

***Learning & Teaching Scotland (LTS)*** **– Plean don Gh**àidh**lig 2009-2012 (sleachta)**

Is i bhfoirm Oideachas trí mheán na Gàidhlig (GME) agus Oideachas Foghlaimeoirí Gàidhlig atá an Ghàidhlig i gcuraclam scoileanna na hAlban, idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna.
In 2008-09, de réir figiúirí a chuir Ollscoil Shrath Chluaidh ar fáil:

- sholáthair 58 ionad réamhscolaíochta GME do 864 páiste
- sholáthair 60 bunscoil GME do 2,206 páiste
- sholáthair 39 meánscoil ranganna Gàidhlig do 981 dalta
- sholáthair 19 meánscoil teagasc ábhar trí mheán na Gàidhlig do 397 dalta.

Tá trí bhunscoil Ghàidhlig ann - Sgoil Ghàidhlig Ghlaschú (a bhfuil roinn mheánscolaíochta aici fosta), Bun-sgoil Ghàidhlig Inbhir Nis agus Bun-sgoil Staoinebrig i gComhairle nan Eilean Siar. Taobh amuigh de sin, cuirtear GME bunscolaíochta ar fáil i bhfoirm ranganna, 'ranna' nó 'sruthanna' laistigh de scoileanna. (Tá LTS i bhfách leis an téarma 'Gaelic Unit' a fhágáil i leataobh agus dul le téarma níos uileghabhálaí).

Is ó theaghlaigh nach labhraíonn Gàidhlig sa bhaile a thagann formhór dhaltaí GME agus foghlaimíonn siad Gàidhlig ar scoil tríd an tumoideachas – í a úsáid i ngach gné den fhoghlaim agus teagasc. Cruthaíonn an cur chuige iomlán Gàidhlig spreagadh tréan leis an Ghàidhlig a fhoghlaim agus is croíthoisc í seo i rath GME.

Beidh an réimse céanna áiseanna de dhíth ar an oideachas Ghàidhlig, mar chuid de *Curriculum for Excellence*, agus tá sé cumhdaithe ag an chomhairle agus na tionscnaimh chéanna churaclaim agus atá an t-oideachas Béarla.

Tá difríochtaí béime, uainithe agus uaireanta oideolaíocha, áfach, idir an bheirt agus d'fhéadfaí go gcaithfí forbairtí curaclaim a choigeartú lena n-úsáid in GME, go háirithe ag na céimeanna 'Luath agus Tosaigh'. Cuireann comhairle atá á forbairt le tacú le *Curriculum for Excellence* na difríochtaí seo san áireamh.

Sa chlár *Gaelic for Learners in the Primary School (GLPS)*, is iondúil go gcuirtear an Ghàidhlig i láthair na ndaltaí den chéad uair sna ranganna uachtair. Tá thart faoi 100 scoil páirteach sa chlár seo. Tá pleananna ag an leibhéal náisiúnta le *GLPS* a mhéadú, idir inneachar agus líon na scoileanna agus údarás oideachais atá páirteach.

San am i láthair (2007-08) tá 2,813 dalta ag gabháil don Ghàidhlig mar an dara teanga i 39 meánscoil scaipthe ar fud na hAlban ach a mbunús sa Ghàidhealtachd agus Na h-Eileanan Siar. Is sruth ar leith iad na ranganna dara teanga seo, seachas na ranganna Gàidhlig do chainteoirí líofa, agus bíonn a sraith féin scrúduithe 'Foghlaimeoir Gàidhlig' i gceist.

**Tuairisc Chigireachta, Meitheamh 2011: *Gaelic Education – Building On The Successes, Addressing The Barriers***

**3.1.1** Is ag céim an-luath forbartha atá Oideachas trí mheán na Gàidhlig i meánscoileanna. As measc na 46 scoil atá ag tairiscint Gàidhlig ar dhóigh éigin,níl ach 14 ag soláthar ábhar, seachas Gàidhlig, trí mheán na Gàidhlig. Tá na hábhair seo ar fáil in S1 agus S2 ach ní thugann ach beagán scoileanna leanúnachas a fhad le S4. Áirítear leis na hábhair atá ar fáil in S1 agus S2 tíreolaíocht, eacnamaíocht bhaile, stair, matamaitic, léann na linne, oideachas pearsanta sóisialta, oideachas reiligiúin agus moráltachta agus eolaíocht. In 2010-11, shuigh 84 duine óg scrúduithe Grád Caighdeánach i dtrí ábhar trí mheán na Gàidhlig. Bhí an líon seo ní b'airde ná an bhliain roimhe (62). Is iad tíreolaíocht, stair, matamaitic, léann na linne na hábhair atá ar fáil ag S4. Bhí Ard-Mhatamaitic ar fáil den chéad uair i sraith scrúduithe *Scottish Qualifications Authority (SQA)* in 2011. Cuireann na 46 scoil uile, beagnach, cúrsaí Gàidhlig ar fáil le scileanna teanga na ndaoine óga a fhorbairt. Tá na cúrsaí seo ar fáil a fhad le Leibhéal *Sàr Àrd*. In 2010-11, shuigh 302 duine óg *National Qualifications for Gàidhlig. (Tuairisc Chigireachta, 2011).*

**Teachtaireacht ó Joan C. Essen HMI ALBA**

Tugann beagnach gach meánscoil leanúnachas i bhforbairt scileanna, eolais agus thuiscint na Gàidhlig mar theanga. Ní sholáthraíonn ach beagán foghlaim trí Ghàidhlig i réimsí ábhair. Áirítear le hábhair atá ar fáil a fhad le cáilíochtaí Stair, Tíreolaíocht, Léann na Linne agus Mata. Sna blianta luatha meánscolaíochta, tá roinnt foghlama ar siúl in Oideachas Reiligiúnach Moráltachta, Oideachas Pearsanta agus Sóisialta agus san Eolaíocht.

Tá na Cigirí ag spreagadh scoileanna chun *Curriculum for Excellence* a úsáid mar dheis le bheith cruthaitheach le deiseanna a cheapadh do daoine óga Gàidhlig a chluinstin agus a úsáid. Trí chigireacht agus trí ghníomhaíochtaí eile, táimid ag ardú ionchais gur chóir go mbeadh d'aidhm ag gach meánscoil sciar dá gcuraclam a bheith trí mheán na Gàidhlig. Má tá múinteoirí ag scoileanna a bhfuil Gàidhlig líofa acu, táimid ag tathant orthu a gcuid ábhar a theagasc trí mheán na Gàidhlig. Táimid ag spreagadh scoileanna fosta nasc a chothú le comhpháirtithe, coláistí, grúpaí Gàidhlig agus le Foghlaim agus Forbairt Pobail le tacú le soláthar Oideachas Gàidhlig, fiú ar bhonn páirtaimseartha, le dul i bhfeidhm ar fhoghlaim agus gnóthachtáil daoine óga. In Albain, is eol dúinn chomh maith gur mithid iarracht eile a dhéanamh foghlaim a sholáthar trí TFC. Is plean don todhchaí é seo a mbeinn breá sásta sibh a choinneáil ar an eolas faoi de réir mar a thugtar chun cinn é.

Faoi láthair, tá mé ar tí tabhairt faoi scríobh *National Advice on Gaelic Education* i gcomhar le Rialtas na hAlban. Beidh moltaí sa Chomhairle Náisiúnta seo ar an Oideachas Gàidhlig in Albain a fheabhsú.

**Breatnais**

**<u>Reachtaíocht</u>**

**Straitéis an Oideachais trí mheán na Breatnaise 2009**

Ba é an *1944 Education Act* a thug an ceart do dhaltaí den chéad uair oideachas a fháil de réir mhianta a dtuismitheoirí. Chuir sé seo ar chumas údaráis áitiúla breithniú ar scoileanna Breatnaise a bhunú. Is *Section 9 of the 1996 Education Act* atá i gceist anois.

Faoin *1996 Education Act*, tá dualgas reachtúil ar údaráis áitiúla soláthar go leor áiteanna scoile a chur ar fáil agus tríd seo, an aird chuí a thabhairt ar an phrionsabal ghinearálta gur chóir do dhaltaí oideachas a fháil de réir mhianta a dtuismitheoirí, sa mhéid go bhfuil sé sin ag teacht le soláthar teagasc éifeachtach agus le seachaint caiteachas poiblí míréasúnta.

Cuimsíodh an Bhreatnais sa Churaclam Náisiúnta i ndiaidh an *Education Reform Act 1988* agus rinneadh ábhar éigeantach di ag gach dalta sa Bhreatain Bheag in Eochairchéim 1, 2, agus 3 in 1990. Faoi Rialúcháin Oideachais a eisíodh in 1994, foráladh nár bhain an Curaclam Náisiúnta maidir leis an Bhreatnais (agus Breatnais mar an dara teanga) le daltaí in Eochairchéim 4 ag freastal ar scoil nach scoil Bhreatnaise í go dtí Lúnasa 1999. Ó Mheán Fómhair 1999, rinneadh ábhar éigeantach den Bhreatnais ag Eochairchéim 4 fosta. Mar is amhlaidh le gach ábhar eile sa Churaclam Náisiúnta, is féidir an Bhreatnais a dhífheidhmiú do dhalta faoi mhíreanna 364-367 den *1996 Education Act.*

**An Ghaeilge in PÉ**

**<u>Reachtaíocht</u>**

**Acht Oideachais 1998 – Sleachta**

Múineadh trí Ghaeilge.

**31.** —(1)Bunóidh an tAire comhlacht daoine—

(*a*) (i) chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú,

(ii) chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta,

(iii) chun seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge, agus

(iv) chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann an mhír seo, agus

(*b*) chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordú arna dhéanamh le toiliú an Aire Airgeadais, aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna i leith na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a tharmligean chuig an gcomhlacht a bhunófar de réir an fho-ailt sin agus déanfaidh an comhlacht sin na feidhmeanna sin a chomhall faoi stiúradh agus faoi rialú an Aire.

(3) Maidir leis an gcomhlacht a bhunófar de réir *fho-alt (1)*—

(*a*) déanfaidh sé, le toiliú an Aire, coiste a bhunú chun cabhrú leis na feidhmeanna a thugtar dó faoi *fho-alt (1)(b)* a chomhlíonadh, agus

(*b*) féadfaidh sé tráth ar bith, le toiliú an Aire, coiste a cheapfar faoin bhfo-alt seo a dhíscaoileadh nó comhaltas den sórt sin a bhaint de chomhalta coiste.

(4) Déanfaidh an comhlacht a bhunófar de réir *fho-alt (1)*, ó am go ham, de réir mar is cuí leis, comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann—

(*a*) le múineadh na Gaeilge,

(*b*) le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin, agus

(*c*) le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta,

agus beidh aird ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar aon chomhairle den sórt sin le linn di a feidhmeanna a fheidhmiú.

(5) Féadfaidh an tAire, le hordú, aon ordú arna dhéanamh faoin alt seo, lena n-áirítear ordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo, a leasú nó a chúlghairm.

(6) I ngach bliain airgeadais, féadfaidh an tAire le comhthoiliú an Aire Airgeadais deontas nó deontais a thabhairt, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, don chomhlacht a cheapfar de réir *fho-alt (1)* chun críocha caiteachais ag an gcomhlacht sin i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(7) Féadfaidh an tAire cibé tacaíocht rúnaíochta agus riaracháin a mheasfaidh an tAire is gá a chur ar fáil do chomhlacht a bhunófar faoin alt seo.

6 Cuspóirí an Achta

Gach duine a mbeidh baint aige nó aici leis an Acht seo a chur i ngníomh, beidh aird aige nó aici ar na cuspóirí seo a leanas ar dá mbun a d'achtaigh an tOireachtas an tAcht seo:

(*e*) an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí a chur chun cinn, ag féachaint do chearta pátrún agus d'úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní;

(*h*) cuidiú le réadú beartas agus cuspóirí náisiúnta oideachais;

(*i*) cuidiú le réadú beartas agus cuspóirí náisiúnta i ndáil le leathadh an dátheangachais i sochaí na hÉireann agus go háirithe go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal;

(*j*) cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta;

(*k*) riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí;

Feidhmeanna an Aire.

**7**. —(1) Is feidhm de chuid an Aire faoin Acht seo gach ceann de na nithe seo a leanas:

(*d*) seirbhísí taca trí Ghaeilge a sholáthar do scoileanna aitheanta a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil agus d'aon scoil aitheanta eile a iarrann soláthar den sórt sin;

Feidhmeanna scoile.

**9.** —Cuirfidh scoil aitheanta oideachas ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, úsáidfidh sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di—

(*f*) chun forbairt na Gaeilge agus thraidisiúin na hÉireann, litríocht na hÉireann, na healaíona agus nithe cultúrtha eile, a chur chun cinn

(*h*) i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail,

**13** (I measc) feidhmeanna Cigire, beidh (*f*) meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht mhúineadh, fhorbairt, chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge i scoileanna agus i lárionaid oideachais agus tuarascáil a thabhairt don Aire maidir leis na nithe sin;

**30.**

(*d*) cinnteoidh an tAire, maidir leis an méid ama teagaisc a thabharfar d'ábhair ar an gcuraclam de réir mar a chinnfidh an tAire i ngach lá scoile, gur méid é a fhágfaidh gur féidir cibé am réasúnach teagaisc a chinnfidh an bord le toiliú an phátrúin a thabhairt d'ábhair a bhaineann le spiorad sainiúil na scoile nó a éiríonn as an spiorad sin, agus

(*e*) ní cheanglóidh an tAire ar aon mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do choinsias thuismitheoir an mhic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, do choinsias an mhic léinn.

*[Cé go dtagraíonn sé seo go príomha do theagasc reiligiúin/creidimh, baineadh úsáid as freisin maidir leis an teagasc trí mheán na Gaeilge]*

## AGUISÍN 4

LGDanna

<u>Eolas ar an Ghaeilge: KS209NI (ceantair thíreolaíochta)</u>

| LGD | Eolas ar an Ghaeilge: Í a thuiscint ach ní féidir Gaeilge a léamh, a scríobh ná a labhairt: Aois 3+ bliana (%) | Eolas ar an Ghaeilge: Í a labhairt ach ní féidir Gaeilge a a léamh, ná a scríobh: Aois 3+ bliana (%) | Eolas ar an Ghaeilge: Í a labhairt agus a léamh ach ní féidir Gaeilge a a scríobh: Aois 3+ bliana (%) | **Eolas ar an Ghaeilge: Í a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint Aois 3+ bliana (%)** | Eolas ar an Ghaeilge: Meascán eile de scileanna Aois 3+ bliana (%) | **Eolas éigin ar an Ghaeilge: Aois 3+ bliana (%)** | Gan aon Eolas ar an Ghaeilge: Aois 3+ bliana (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tIúr agus Múrn | 7.47 | 2.53 | 0.86 | **7.06** | 1.92 | **19.84** | 80.16 |
| Dún Geanainn | 6.59 | 2.41 | 0.86 | **6 71** | 1.68 | **18.25** | 81.75 |
| Machaire Fíolta | 7.20 | 2.63 | 0.72 | **6. 39** | 1.55 | **18.48** | 81.52 |
| Maoil | 6.17 | 2.27 | 0.51 | **5.83** | 1.49 | **16.28** | 83.72 |
| Doire | 4.99 | 1.85 | 0.56 | **5.37** | 1.37 | **14.13** | 85.87 |
| Béal Feirste | 4.74 | 1.93 | 0.50 | **5.24** | 1.25 | **13.65** | 86.35 |
| An Ómaigh | 6.81 | 2.14 | 0.59 | **5.19** | 1.54 | **16.27** | 83.73 |
| Ard Mhacha | 5.23 | 1.61 | 0.56 | **4.82** | 1.37 | **13.59** | 8641 |
| An Chorr Chríochach | 5.76 | 2.17 | 0.55 | **4.75** | 1.30 | **14.53** | 85.47 |
| An Srath Bán | 5.08 | 1.76 | 0.49 | **4.65** | 1. 36 | **13.35** | 86.65 |
| Fear Manach | 5.14 | 1.71 | 0.54 | **4.21** | 1.49 | **13.10** | 86.90 |
| Craigavon | 3.81 | 1.31 | 0.46 | **3.69** | 0. 91 | **10.18** | 89.82 |
| An Dún | 4.37 | 1.47 | 0.48 | **3.45** | 1.01 | **10.78** | 89.22 |
| Léim an Mhadaidh | 4.21 | 1.37 | 0.47 | **3.10** | 1.03 | **10.17** | 89.83 |
| Lios na gCearrbhach | 3 08 | 1.21 | 0.27 | **2.94** | 0.69 | **8.20** | 91.80 |
| Aontroim | 3.40 | 1.17 | 0.35 | **2.75** | 0.71 | **8.39** | 91.61 |
| Baile Monaidh | 3.18 | 1.17 | 0.29 | **2.37** | 0.76 | **7.77** | 92.23 |
| Droichead na Banna | 2 69 | 0.75 | 0.31 | **2.18** | 0.64 | **6.56** | 93.44 |
| Cúil Raithin | 2.54 | 0.88 | 0.27 | **2.10** | 0.62 | **6.42** | 93.58 |
| Baile Nua na Mainistreach | 2.06 | 0.69 | 0.25 | **1.84** | 0.50 | **5.35** | 94.65 |
| An Caisleán Riabhach | 2.13 | 0.63 | 0 20 | **1.83** | 0.60 | **5.39** | 94.61 |
| An Baile Meánach | 2.44 | 0.70 | 0.23 | **1.46** | 0.46 | **5.29** | 94.71 |
| Latharna | 2.10 | 0.54 | 0.14 | **1.20** | 0.42 | **4.39** | 95.61 |
| An Aird | 1.46 | 0. 32 | 0.12 | **0.90** | 0.30 | **3.09** | 96. 91 |
| An Dún | 1.52 | 0.33 | 0.14 | **0.88** | 0.35 | **3.21** | 96.79 |
| Carraig Fhearghais | 1.00 | 0.25 | 0.08 | **0.67** | 0.22 | **2.23** | 97.77 |
| | | | | | | | |
| Iomlán Thuaisceart Éireann | 4.06 | 1.42 | 0.43 | **3. 74** | 1.01 | **10.65** | 89.35 |

# AGUISÍN 5

**Comhthéacs Dlí don Ghaeilge in TÉ**

**Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1999**

**CEARTA, COSAINTÍ AGUS COMHIONANNAS DEISEANNA – SAINCHEISTEANNA EACNAMAÍOCHTA, SÓISIALTA AGUS CULTÚRTHA**

3. Aithníonn gach rannpháirtí an tábhacht atá le meas, tuiscint agus caoinfhulaingt maidir le héagsúlacht teanga, lena n-áirítear i dTuaisceart Éireann, an Ghaeilge, an Ultais agus teangacha na bpobal eitneach éagsúil, ar codanna iad uile de shaibhreas cultúrtha oileán na hÉireann.

4. Sa chomhthéacs go bhfuil RA ag breithniú go gníomhach ar an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a shíniú, is é a dhéanfaidh Rialtas na Breataine maidir leis an Ghaeilge, áit ar cuí agus ar mhian le daoine a leithéid:

- beart cinnte a dhéanamh leis an teanga a chur chun cinn;
- úsáid na teanga a éascú agus a spreagadh i bhfoirm labhartha agus scríofa sa saol poiblí agus príobháideach araon, áit a bhfuil an t-éileamh cuí;
- féachaint, nuair is féidir, le constaicí a rachadh in éadan cothú agus forbairt na teanga a shárú;
- riar ar idirchaidreamh a dhéanamh le pobal na Gaeilge, a dtuairimí a chur in iúl d'údaráis phoiblí agus gearáin a fhiosrú;
- ceanglas reachtúil a chur ar an Roinn Oideachais an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn agus a éascú ar aon dul leis an soláthar reatha ar an oideachas imeasctha;
- i gcomhar leis na húdaráis bhainteacha Briotanacha agus i gcomhpháirt le húdaráis chraoltóireachta na hÉireann, an scóip a bhaineann le Teilifís na Gaeilge a bheith ar fáil níos forleithne i dTuaisceart Éireann a fhiosrú;
- dóigheanna níos éifeachtaí a lorg le tacaíocht airgeadais do léiriúchán scannán agus teilifíse Gaeilge a thabhairt chun cinn agus a sholáthar; agus
- na páirtithe a spreagadh le teacht ar chomhaontú go ndaingneoidh Tionól nua an tiomantas seo ar dhóigh a chuireann san áireamh mianta agus íogaireachtaí an phobail.

**IARSCRÍBHINN (Snáithe a Dó – Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT)**

D'fhéadfaí go n-áireofaí le réimsí comhoibrithe agus forfheidhmiúcháin Thuaidh-Theas:

1. Talmhaíocht - Sláinte ainmhithe agus plandaí.
2. **Oideachas - cáilíochtaí agus malairtí múinteoirí.**
3. Iompar - pleanáil straitéiseach iompair.
4. Comhshaol - cosaint an chomhshaoil. Truailliú, cáilíocht an uisce agus bainistíocht dramhaíola
5. Uiscebhealaí - uiscebhealaí intíre.

6. Slándáil Shóisialach/Leas Sóisialach - teidlíochtaí oibrithe trasteorann agus rialú calaoise.
7. Turasóireacht - cur chun cinn, margaíocht, taighde agus forbairt táirgí.
8. Cláir ábhartha AE ar nós SPPR, INTERREG, Leader II agus a gcomharbaí.
9. Iascaigh Intíre.
10. Dobharshaothrú agus cúrsaí mara
11. Sláinte: seirbhísí timpistí agus éigeandála agus ceisteanna trasteorann eile.
12. Forbairt Uirbeach agus Tuaithe.

**Réimsí eile le breithniú ag an Scáth-Chomhairle Thuaidh/Theas**

---

**An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh (an Chairt)**

**TREOIR ón Ghrúpa Idir-Rannach Forfheidhmiú na Cairte (IGIC) AR CHOMHLÍONADH GHEALLTANAIS RIALTAS RA MAIDIR LEIS AN GHAEILGE agus leis an Ultais** (Lúnasa 2005) **- Sleachta**

2. Is coinbhinsiún idirnáisiúnta í an Chairt a ceapadh le teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn. Ní dhearbhaíonn an Chairt aon chearta aonair nó comhchoiteanna do chainteoirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh. Feidhm fhoriomlán chultúrtha atá ag an Chairt. Tá sí ceaptha le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn mar ghné d'oidhreacht na hEorpa atá faoi bhagairt.

   - Shínigh Rialtas RA an Chairt ar an 2 Márta 2000 agus dhaingnigh í ar an 27 Márta 2001. Tháinig an Chairt i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2001.

   - Tá sí ina ceangal ar gach stát a dhaingníonn í. Mar sin de, tá impleachtaí ag baint léi do gach roinn agus a bhforais ghaolmhara i dTuaisceart Éireann (feic paragraf 36 i gcomhair sainmhíniú ar 'foras gaolmhar'), do ranna Whitehall ag feidhmiú i dTuaisceart Éireann agus do chomhairlí ceantair.

   - I dTuaisceart Éireann, is iad an Ghaeilge agus an Ultais atá i gceist.

   - Ní chumhdaítear léi teangacha comharthaíochta ná teangacha na mionlach eitneach.

   - Tá d'iallach ar Rialtas RA tuairiscí tréimhseacha a sholáthar do Choiste Saineolaithe Chomhairle na Eorpa, a thuairiscíonn ar chomhlíonadh oibleagáidí na Cairte ag gach stát.

3. Baineann an Treoir le gach Roinn de chuid Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus a bhforais ghaolmhara. Baineann sí fosta le Forais Forfheidhmiúcháin Thuaidh/Theas (lena n-áirítear *Tourism Ireland* Teo) sa mhéid a tharlaíonn dá gcuid gníomhaíochtaí i dTuaisceart Éireann. Is 'doiciméad beo' í an Treoir a athbhreithneofar de réir mar is cuí.

   **Baineann Cuid II den Chairt, *Cuspóirí agus Prionsabail* don Ghaeilge agus don Ultais.**

   Aibhsítear i gCuid II den Chairt an gá atá le polasaithe, reachtaíocht agus cleachtas a bhunú ar phrionsabail trína n-aithnítear, a spreagtar agus a gcuirtear chun cinn úsáid na Gaeilge agus na hUltaise ionas go gcaomhnaítear agus go gcosnaítear iad beirt. Ba chóir do Ranna

agus a bhforais ghaolmhara mianta chainteoirí na dteangacha a chur san áireamh agus iad ag pleanáil a ngníomhaíochtaí. Cuireann Cuid II den Chairt an t-ualach ar ranna agus a bhforais ghaolmhara an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn go honnghníomhach.

11. Mar shampla, i gCuid II den Chairt aontaítear:

- Deireadh a chur le bacainní ar úsáid na dteangacha,
- A chinntiú nach n-eisítear ón tsochaí úsáideoirí teangacha mionlaigh
- Úsáideoirí teangacha a chuimsiú sna próisis chinnteoireachta a théann i bhfeidhm ar a dteangacha
- 'Beart diongbháilte' a dhéanamh le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a chur chun cinn
- A chinntiú go bpléitear le teangacha mar is cuí sa chóras oideachais.

12. Baineann Cuid II le polasaithe, reachtaíocht agus cleachtais uile rialtais, ní go díreach leo siúd a thagraíonn go sainiúil don Ghaeilge nó don Ultais.

I gCuid III den Chairt, tá liosta de bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú le teanga. Nuair a bhíonn líon agus réimse áirithe díobh seo á gcomhlíonadh, deirtear go bhfuil 'stádas Chuid III bainte amach' ag an teanga sin. Léiríonn an stádas seo forbairt teanga, ní a fiúntas. Tríd an 'bheart diongbháilte' a rinneadh faoi Chuid II, is iondúil go bhforbraítear teangacha go dtí go mbaineann siad stádas Chuid III amach. Ní stadann forbairt teanga ar bhaint amach Chuid III agus d'fhéadfaí oibleagáidí breise de chuid na Cairte a ghlacadh nuair a bheidh gníomhaíocht bhreise ar siúl.

Faoi láthair, baineann Cuid III leis an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus tá impleachtaí ag gabháil leis do gach roinn i dTuaisceart Éireann agus dá bhforais ghaolmhara, do ranna de chuid Whitehall atá ag feidhmiú go háitiúil agus do chomhairlí ceantair. Baineann tríocha foráil, ina gcumhdaítear sé Airteagal maidir le riarachán Thuaisceart Éireann, leis an Ghaeilge. Baineann sé cinn eile le cúrsaí forchoimeádta.

15. Is mar seo a leanas atá an fhreagracht as Cuid III (Airteagail 8-14) a fheidhmiú i dTuaisceart Éireann:

| **FORÁIL** | **ÁBHAR** | **FREAGRACHT** |
|---|---|---|
| CUID III<br><br>Airteagal 8 | Oideachas | RO RFF |
| Airteagal 14 | Malairtí Trasteorann | OTÉ |

Faoi choinne tuilleadh eolais ar réimsí ar leith de Chuid III a fheidhmiú, déantar teagmháil le d'ionadaí rannach ICIG.

**CUID III DEN CHAIRT EORPACH DO THEANGACHA RÉIGIÚNACHA NÓ MIONLAIGH - 36 FORÁIL A D'FHEIDHMIGH RIALTAS RA DON GHAEILGE AMHÁIN I dTUAISCEART ÉIREANN.**

**As measc na 36 paragraf atá liostaithe, baineann 30 paragraf le cúrsaí ar de fhreagracht riarachán Thuaisceart Éireann iad. Baineann na 6 pharagraf eile le cúrsaí forchoimeádta agus eiscthe.**

**<u>Airteagal 8: Oideachas</u>**

Paragraif:

1a Maidir leis an oideachas, toilíonn na Páirtithe, laistigh de na críocha ina n-úsáidtear teangacha den sórt, de réir staid gach teanga díobh, agus gan dochar do theagasc theanga oifigiúil/theangacha oifigiúla an Stáit:

(iii) beart de na bearta a bhforáiltear ina leith faoi i agus ii thuas le [.i. *réamhscolaíocht* nó sciar shuntasach de réamhscolaíocht a chur ar fáil sna teangacha bainteacha réigiúnacha nó mionlaigh] ar a laghad do na daltaí sin a n-iarrann a dteaghlaigh í agus a meastar leordhóthain díobh a bheith ann; nó

1b (iv) beart de na bearta a chuirtear ar fáil faoi i go ii thuas le [*bunscolaíocht* nó sciar shuntasach de bhunscolaíocht a chur ar fáil *sna* teangacha bainteacha réigiúnacha nó mionlaigh nó, laistigh den bhunscolaíocht, *ar mhaithe le* teagasc na dteangacha bainteacha réigiúnacha nó mionlaigh mar chuid dhílis den churaclam] ar a laghad do na daltaí sin a n-iarrann a dteaghlaigh í agus a meastar leordhóthain díobh a bheith ann;

1c (iv) beart de na bearta a chuirtear ar fáil faoi i go iii thuas le [*meánscolaíocht* nó sciar shuntasach de mheánscolaíocht a chur ar fáil *sna* teangacha bainteacha réigiúnacha nó mionlaigh nó, laistigh den mheánscolaíocht, *ar mhaithe le* teagasc na dteangacha bainteacha réigiúnacha nó mionlaigh mar chuid dhílis den churaclam] ar a laghad do na daltaí sin a n-iarrann a dteaghlaigh í agus a meastar leordhóthain díobh a bheith ann;

1d (iv) beart de na bearta a chuirtear ar fáil faoi i go iii thuas le [*hoideachas teicniúil agus gairmoideachas* nó sciar shuntasach d'oideachas teicniúil agus gairmoideachas a chur ar fáil *sna* teangacha bainteacha réigiúnacha nó mionlaigh nó, laistigh den *oid*eachas teicniúil agus gairmoideachas, *ar mhaithe le* teagasc na dteangacha bainteacha réigiúnacha nó mionlaigh mar chuid dhílis den churaclam] ar a laghad do na daltaí sin a n-iarrann a dteaghlaigh í agus a meastar leordhóthain díobh a bheith ann;

1 e (iii) Más amhlaidh, ar chúiseanna ról an Stáit maidir le hinstitiúidí ardoideachais, ní féidir fo-pharagraif i agus ii [áiteanna *ollscoile agus ardoideachais eile* a chur ar fáil *i* dteangacha réigiúnacha agus mionlaigh; nó áiseanna a chur ar fáil *le haghaidh* staidéar na dteanagcha seo mar ábhair ollscoile agus ardoideachais] a fheidhmiú, le soláthar ollscolaíochta nó cineálacha eile ardoideachais i dteangacha réigiúnacha agus mionlaigh a chur chun agus/nó a cheadú le haghaidh staidéar na dteangacha seo mar ábhair ollscoile agus ardoideachais nó áiseanna a chur ar fáil *le haghaidh* staidéar na dteangacha seo mar ábhair ollscoile agus ardoideachais

1f (ii) teangacha den sórt a thairiscint mar ábhair san oideachas aosach agus san oideachas leantach;

1g socruithe a dhéanamh le teagasc na staire agus an chultúir a chinntiú faoi mar a léiríonn an teanga réigiúnach nó mionlaigh iad;

1h an bhun- agus an bhreisoiliúint a sholáthar atá de dhíth ar na múinteoirí le paragraif a go g faoi mar a ghlac an Páirtí leo a fheidhmiú;

2 Maidir le hoideachas agus i dtaca le críocha seachas leo siúd ina mbíonn teangacha réigiúnacha nó mionlaigh á labhairt ar bhonn traidisiúnta, toilíonn na Páirtithe, más inchosanta de réir líon úsáideoirí teanga réigiúnach nó mionlaigh, teagasc teangacha réigiúnacha nó mionlaigh nó teagasc sna teangacha sin a cheadú, a spreagadh nó a sholáthar ag gach céim chuí den oideachas.

**Iomlán: 9**

**Airteagal 14: Malairtí trasteorann**

Paragraif:

a	comhaontuithe reatha déthaobhacha nó iltaobhacha a fheidhmiú a cheanglaíonn iad de na Stáit ina n-úsáidtear an teanga chéanna san fhoirm chéanna nó i bhfoirm chosúil, nó más gá, féachaint le comhaontuithe den sórt a thabhairt chun críche, ar dhóigh a chothóidh teagmháil idir úsáideoirí na teanga céanna sna Stáit bhainteacha i réimsí an chultúir, an oideachais, an eolais, na gairmoiliúna agus an oideachais bhuain;

b	Le leas teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, le comhoibriú trasteorann a éascú agus/nó a chur chun cinn, go háirithe idir údaráis réigiúnacha nó áitiúla a n-úsáidtear an teanga chéanna nó i bhfoirm chosúil ina gcríocha.

**Iomlán: 2**

Chomh maith leis na sleachta seo as an treoir oifigiúil, tá cur síos thíos ar an mhodh monatóireachta atá in úsáid ag Comhairle na hEorpa:
Is é córas tuairisciú Stáit an t-aon mheicníocht forfheidhmiúcháin faoin Chairt. Faoi Airteagal 15, paragraf 1, ní mór do gach Stát a bhfuil an Chairt daingnithe acu tuairisc thosaigh a dhéanamh laistigh de bhliain i ndiaidh fhorfheidhmiú na Cairte agus tuairiscí eile gach trí bliana ina dhiaidh sin. Cuirtear na tuairiscí i láthair Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa agus scrúdaíonn Coiste Saineolaithe iad. Ansin, réitíonn Coiste Saineolaithe tuairisc do Choiste Airí Chomhairle na hEorpa ina gcuimsítear tograí do mholtaí don Stát:

---

**BREITHIÚNAS TREACY - ORDAÍONN CÚIRT DON ROINN OIDEACHAIS ATHMHACHNAMH A DHÉANAMH AR A POLASAÍ IOMPAIR MEÁNSCOILEANNA GAELSCOLAÍOCHTA (25 Deireadh Fómhair 2013)**

Achoimre ar an Bhreithiúnas

D’ordaigh an Breitheamh Treacy san Ard-Chúirt inniu, don Roinn Oideachais a polasaí iompair do dhaltaí atá ag freastal ar Choláiste Feirste, an t-aon mheánscoil i dTuaisceart Éireann a thugann oideachas trí mheán na Gaeilge, a athbhreithniú. Ba í Colma McKee, Leas-Chathaoirleach Bhord na nGobharnóirí, a thionscain an t-athbhreithniú breithiúnach ar dhiúltú na Roinne iompar nó cúnamh iompair a thabhairt do dhaltaí Choláiste Feirste. Mhaígh Colma McKee gurb é a rinne an Roinn:

- Gan ualú agus breithniú cuí a thabhairt dá hoibleagáid faoi Airteagal 89 den Ordú Oideachais (TÉ) 1998 forbairt na Gaelscolaíochta a chur chun cinn agus a éascú;
- a hoibleagáidí a bhriseadh gan idirdhealú a dhéanamh idir scoileanna éagsúla agus catagóirí éagsúla daltaí agus nár chaith sí go cothrom agus go comhionann le gach scoil;
- Nár chomhlíon sí a hoibleagáidí faoi Airteagal 52 den Ordú Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986 chun cúnamh iompair a thabhairt do dhaltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna deontaschúnta;
- Bac a chur ar an cheart ar oideachas a fháil i do theanga féin faoin Choinbhinsiún Eorpach ar Chearta an Duine;
- Leithcheal a dhéanamh orthu siúd arb í an Ghaeilge an teanga dhúchais acu seachas iad siúd nach í.

Nótáil an Breitheamh Treacy go raibh ceist an iompair in earnáil na Gaelscolaíochta á plé ar bhonn leanúnach ó bhí 2003 ann. Luaigh sé go bhfuil na bunscoileanna arb iad an scoilcheantar iad ag Coláiste Feirste, ní hionann agus meánscoileanna eile, scaipthe go forleitheadach. Tá impleachtaí follasacha aige seo do sholáthar gléas iompair dóibh sin ar mian leo freastal ar an

scoil. Nótáil an Breitheamh, ar seisean, "Ar an drochuair, d'ainneoin tréaniarrachtaí, is cosúil, ag gach páirtí lena mbaineann, níor thángthas ar réiteach." Scríobh an Roinn chuig páirtithe leasmhara éagsúla i Meán Fómhair 2010, á rá go ndearna an tAire iarracht teacht ar réiteach a shásódh mianta na dtuismitheoirí, ach gur chinn sí nach bhféadfaí an cás a réiteach gan caiteachas poiblí neamhréasúnach.

Tháinig an Breitheamh ar a chinneadh bunaithe ar chéad aighneacht Cholma McKee nár thug an Roinn ualú agus breithniú cuí dá hoibleagáid forbairt na Gaelscolaíochta a chur chun cinn agus a éascú.

Dúirt an Breitheamh Treacy gurb é Airteagal 89 den Ordú Oideachais (TÉ) 1998 an tsamhail reachtúil den tiomantas soiléir i gComhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta ceanglas reachtúil a chur ar an Roinn forbairt na Gaelscolaíochta a chur chun cinn agus a éascú ar aon dul leis an soláthar reatha oideachas imeasctha. Dúirt sé nár ghlac sé le háitiú na Roinne nach bhfuil sa cheanglas seo ach mianaidhm agus dúirt fosta go bhfuil d'aidhm ag forchur an dualgais reachtúil agus gurb amhlaidh go bhfuil iarmhairtí praiticiúla agus suntas reachtúil ag baint leis.

Nótáil an breitheamh gur príomhthoisc de chuid chinneadh na Roinne gan iompar a chur ar fáil go gcruthódh sé fasach. Dúirt sé, áfach, nach bhfuil dualgas den chineál chéanna ag an Roinn maidir leis an earnáil thraidisiúnta fhadbhunaithe:

"Dá réir sin, féadann [an Roinn] an earnáil Gaelscolaíochta Iar-bhunscolaíochta a éascú agus a chur chun cinn ar dhóigheanna nach gá di a dhéanamh d'earnálacha eile trí bhearta dearfacha a dhéanamh nó constaicí a chuireann bac ar an chuspóir reachtúil a bhain. Is cosúil nár thuig [an Roinn] é seo ina iomláine. "

Mhaígh an Breitheamh Treacy fosta, gur dóigh leis gur den ríthábhacht áiseanna iompair a sholáthar do scoileanna maidir le forbairt na hearnála sin agus chun rogha a thabhairt do thuismitheoirí. Dúirt sé go raibh cead ag an Roinn, mar sin de, a polasaí iompair a leasú agus í ag comhlíonadh a dualgais faoi Ordú 1998. Ghéill an Breitheamh don iarratas agus d'ordaigh don Roinn an cheist a athmheas.

---

**STRAITÉIS LE FORBAIRT NA GAEILGE A CHOSAINT AGUS A FHEABHSÚ – COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ (D/CAL IÚIL 2012): RÉIMSÍ GNÍMH-OIDEACHAS**

**An Ghaelscolaíocht (GS)**

4.4.1 Tá an earnáil GS ag fás go seasmhach le blianta beaga anuas agus is cosúil go leanfar den fhás sin. Ba chóir freastal ar an éileamh méadaithe. In 2011/12 bhí 70 scoil/aonad ag soláthar GS do bhreis agus 4,000 páiste ag leibhéal réamhscolaíochta, bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta.

**Réamhscolaíocht GS**

4.4.2 Ba chóir don Roinn Oideachais leanúint de thacú le forbairt GS ag leibhéal na reámhscolaíochta trí sholáthar PEAGS.

4.4.3 Ba chóir critéir rollúcháin do réamhscoileanna dátheangacha/Gaeilge a athbhreithniú.

4.4.4Níor chóir go gcuirfeadh acmhainní réamhscolaíochta Béarla bac ar oscailt/forbairt/cistiú réamhscoileanna GS.

**Bunscoileanna GS**

4.4.5 Ba chóir don Roinn Oideachais leanúint de thacú le forbairt bunscoileanna GS.
4.4.6 Ba chóir tairseacha teidlíochta do mhaoiniú caipitil a athbhreithniú.
4.4.7 Ba chóir tabhairt faoin easnamh múinteoirí cáilithe do roinnt ábhar le cois oiriúnacht ábhair teagaisc.

**An Córas Iar-Bhunscolaíocht GS**

4.4.8 Ba chóir bearta a dhéanamh le tabhairt faoin chastacht a bhaineann le Meánscoileanna nua GS a bhunú.
4.4.9 Ba chóir áiteanna breise oiliúna d'ábhair oidí GS a chur ar fáil.
4.4.10 Ba chóir na critéir incháilitheachta do bhunú iar-bhunscoileanna GS a athbhreithniú.

## AGUISÍN 6

**PÉ – Socruithe nua pátrúnachta d'iar-bhunscoileanna nua**

***Tuairisc do Ghrúpa***
***Bunaithe Scoileanna Nua***

***Cinneadh Pátrúnachta***
***d'iar-bhunscoileanna nua***
***le hoscailt in 2015 agus 2016***

Bainfidh na croí-eilimintí seo a leanas le bunú scoil nua dara leibhéal:

- Níor mhór go dtacódh déimeagrafaíocht an cheantair leis an ghá le scoil nua a bhunú – ní bheadh tionchar diúltach ag scoil nua ar líon rolla scoileanna eile sa scoilcheantar, seachas b'fhéidir, bunú scoil lán-Ghaeilge agus an tionchar a bheadh aige seo ar Aonad reatha.
- Más gá, mar gheall ar an déimeagrafaíocht, bunú scoil nua, ba chóir go gceadódh an próiseas leis an chineál scoile a roghnú, go mbreithneofaí pátrúin/forais éagsúla mar phátrún scoil nua.

Ní mór d'fhormhór na scoileanna nua an acmhainn a bheith acu scoileanna faoin mhéid 800 go 1,000 dalta a fheidhmiú. **Bheadh tairseach ní b'ísle dar méid 400 i gceist i gcás Gaelcholáistí ach dearcadh ar an rogha chun Aonad a bhunú laistigh de scoil.**

Ní mór do phátrúin scoile ionchais na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh :

- Dearbhú go bhfuil an pátrún ionchais sásta glacadh le háiseanna oideachas speisialta agus iad a oscailt
- Dearbhú go bhfuil an pátrún ionchais sásta an comhaontú caighdeánach léasa a shocrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna nó go soláthróidh an pátrún ionchais a suíomh scoile féin.
- Dearbhú go bhfuiltear sásta feidhmiú de réir rialacha agus rialúchán atá leagtha amach i gciorcláin agus i ngnásanna éagsúla de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Dearbhú go bhfuiltear sásta an scoil a fheidhmiú laistigh de pharaiméadair acmhainní agus polasaithe atá socraithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna
- Dearbhú go bhfuiltear sásta foirgnimh scoile a roinnt le scoileanna eile, de réir mar a shocródh an Roinn, mura bhfuil úsáid iomlán á baint as an scoil
- Dearbhú go bhfuiltear sásta bheith mar chuid d'fhorbairt campais le bunscoileanna nó meánscoileanna eile, faoi mar a shainaithníonn an Roinn
- Dearbhú go bhfuiltear sásta páistí as an cheantar atá sainaitheanta ag an Roinn mar cheantar a dteastaíonn scoil ann a chur ar an rolla
- Dearbhú go bhfuiltear sásta an curaclam forordaithe a mhúineadh
- Dearbhú go bhfuil an pátrún ionchais sásta síneadh/feidhmiú sa réimse méide 800 go 1,000 dalta
- **Dearbh**ú go bhfuiltear sásta **Aonad a bhunú mar a mbíonn éileamh air (i gcás scoile arb é an Béarla an príomh-mheán teagaisc inti)**

**Déanfaidh an Roinn cinneadh tosaigh roimh iarratais a lorg ar cé acu trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla a fheidhmeoidh an scoil agus go lorgfar iarratais ó phátrúin nuair a dhéanfar an cinneadh.**

Is ar bhonn comhoideachais a bheas an chuid is mó de sholáthar nua scolaíochta agus is ar an bhonn sin a dhéanfar cinntí pátrúnachta. B'fhéidir go mbeadh roinnt bheag cásanna ann nuair a bheas gá le soláthar aoninscne dá mbeadh éagothroime shainaitheanta ann idir acmhainní scoileanna aoninscne. Is roimh iarratais a lorg ó phátrúin a shainaithneofaí a leithéid.

**Is é seo a leanas an príomhchritéar don chinneadh ar phátrúnacht i gceantar ina bhfuil ar a laghad scoil dara leibhéal amháin cheana féin:**

- **An é an toradh a bheadh ar bhunú na samhla molta scoile gur mó an ilchineálacht agus iolrachas pátrúnachta dara leibhéal sa cheantar (agus aird tugtha ar cheantair máguaird) mar a bhfuil éileamh ar a leithéid d'ilchineálacht agus iolrachas? Sa chomhthéacs seo, maidir le hiolrachas a mheas, dearcfar ar fhorais phátrúnachta ar de ghrúpa creidimh amháin iad ionann is go bhfuil siad ionadaíoch ar an chineál chéanna pátrúnacht scoile.**

Mar chuid d'iniúchadh an chritéir seo, tabharfar an aird chuí ar:

- cé acu atá nó nach bhfuil scoil den phátrúnacht chéanna nó chosúil sa scoilcheantar céanna (agus aird tugtha ar cheantair máguaird) agus cé acu atá nó nach bhfuil éileamh breise ar a leithéid de phátrúnacht
- an méid breise ilchineálachta agus iolrachas **pátrúnachta a thiocfadh de thoradh bhunú na scoile sa cheantar** (agus aird tugtha ar cheantair máguaird) mar a mbíonn éileamh ar a leithéid d'ilchineálacht agus iolrachas
- Éifeachtacht na gcóras atá beartaithe lena chinntiú go méadóidh an scoil atáthar a mholadh go dtí réimse méide 800 go 1,000 dalta, lena n-áirítear:

- Bearta féideartha pleanáilte mura bhfuil an méadú ag tarlú chomh gasta agus a rabhthas ag súil leis
- Comhoibriú pleanáilte le scoileanna dara leibhéal atá sa scoilcheantar cheana féin.

Sa chás gur scoil aonair úr a bheas ag freastal ar cheantar, is é seo a leanas na croíchritéir:

- Cé acu a thig nó nach dtig leis an scoil freastal ar riachtanais na ndaltaí uile sa cheantar.

- An é an toradh a bheadh ar bhunú na samhla molta scoile gur mó an ilchineálacht agus iolrachas **pátrúnachta dara leibhéal sa cheantar**, agus aird tugtha ar cheantair máguaird, mar a bhfuil éileamh ar a leithéid d'ilchineálacht agus iolrachas? Sa chomhthéacs seo, maidir le hiolrachas a mheas, dearcfar ar fhorais phátrúnachta ar de ghrúpa creidimh amháin iad ionann is go bhfuil siad ionadaíoch ar an chineál chéanna pátrúnacht scoile.

Mar chuid d'iniúchadh na gcritéar seo, thabharfaí aird ar na nithe seo a leanas :

- An éifeachtacht atá leis an dóigh atá molta ag an phátrún le riachtanais na ndaltaí uile/ grúpaí daltaí de chreideamh ar leith; gan aon chreideamh; a shocrú
- Oiread agus a chomhlíonfar na riachtanais seo
- An éifeachtacht atá leis an dóigh a moltar go dtairgfear curaclam cuimsitheach, leathan le linn na tréimhse tionscnaimh
- An éifeachtacht atá leis an dóigh a moltar go dtairgfear curaclam cuimsitheach, leathan agus an tréimhse tionscnaimh curtha di ag an scoil
- An éifeachtacht atá leis an dóigh a moltar go dtairgfear curaclam cuimsitheach, leathan do gach dalta m.sh. tacú le himeascadh inscne i ngach ábhar
- An méid éilimh sa cheantar ar phátrúin a dhéanfaidh iarratais
- Ach aird a bheith tugtha ar cheantair máguaird, an é an toradh a bheadh ar bhunú na samhla molta scoile gur mó an ilchineálacht agus iolrachas pátrúnachta dara leibhéal sa cheantar, mar a bhfuil éileamh ar a leithéid d'ilchineálacht agus iolrachas?

Ag an dara leibhéal, beidh an céimeanna seo a leanas i gceist:

- An Roinn suíomhanna agus méideanna scoileanna nua a shainaithint
- **Cinneadh ag an Roinn cé acu trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla a fheidhmeoidh an scoil**
- Iarratais scríofa ó phátrúin ionchais ina dtabharfar faoi na critéir uile
- Oifigigh na Roinne na hiarratais a bhreithniú agus tuairisc a dhréachtú le go mbreithneoidh an Grúpa Bunaithe Scoileanna Nua í.

- An Grúpa an tuairisc a bhreithniú agus an Grúpa í a fhaomhadh nó an Roinn gá le tuilleadh anailíse a shainaithint agus breithniú an Ghrúpa ina dhiaidh sin
- Tuairisc an Ghrúpa curtha faoi bhráid an Aire le go mbreithneofar í
- Cinneadh an Aire

**Rogha Tuismitheoirí**

**Iarrfar ar fhorais phátrúnachta a chuireann moltaí i gcomhair scoileanna chun tosaigh fianaise ar éileamh tuismitheoirí a thabhairt. Iarrfar ar Phátrúin liosta de thuismitheoirí a chlárú a léiríonn gur suim leo go dtabharfar oideachas dá bpáistí sa scoil nua. Tá na liostaí seo le briseadh anuas de réir aois na bpáistí, lena n-áirítear bliain mholta iontrála, agus áit chónaithe ach an aird chuí a bheith tugtha ar an cheantar ar a mbeidh an scoil ag freastal. Cuirfear ar fáil teimpléad le haghaidh éileamh tuismitheoirí a chur faoi bhráid na Roinne agus is san fhormáid seo amháin a chaithfear an fhaisnéis ar fad a chur i láthair.**

## AGUISÍN 7

**Ceisteanna ag éirí as idirghníomhú Fócas-Ghrúpaí agus as aighneachtaí scríofa**

***Comhoibriú***

- Is gá don chomhoibriú feidhmiú níos fearr agus struchtúr a chur ar bun.
- Tá an chuma ar an scéal gur mó buntáistí a bhaineann le bheith ag obair ar bhonn uile-Éireann.
- Níl córais chuí in áit agus is iondúil gur de thoradh na dea-thola amháin a tharlaíonn comhoibriú.
- B'úsáideach do sholáthraithe bheith ag comhoibriú leis an dúbailt oibre a sheachaint.
- Aithnítear fosta go bhfuil an dea-thoil pholaitiúil riachtanach.
- Is gá breathnú ar infheistíocht vs Luach ar Airgead vs Comhoibriú
- Bheadh costas aonaid ar théacsleabhar ní b'ísle in PÉ óir b'airde an t-éileamh – tá sábháiltí le gnóthú thuaidh agus theas.
- Aithníodh gur mó an comhoibriú ná mar ba ghnách atá idir thuaidh agus theas.
- Níor thángthas i dtír ar an chomhoibriú idir Éirinn agus Albain óir níl aon chóras foirmiúil in áit.
- Gá le breathnú ar an churaclam sa Tuaisceart agus in PÉ go bhfeicfear cad é atá i gcoiteann eatarthu agus breathnú ar dhóigheanna a bhféadfaí é a sholáthar i gcomhpháirt.
- Ba mholadh é duine éigin breathnú ar an mhéid atá i gcoiteann idir thuaidh agus theas agus a aontú ar iad a sholáthar i gcomhpháirt.
- B'úsáideach treoirlínte a bheith ann le comhairle a thabhairt ar an bhealach is fearr chun tosaigh.

***Maoiniú***

- Tá maoiniú de dhíth le haghaidh acmhainní, idir dhaonna agus eile. Tá comhoibriú níos éifeachtaí de dhíth, go háirithe maidir leis an dá réimse seo, idir thuaidh agus theas.
- Tá gá leis an phróiseas a shimpliú.
- Is doiligh le forais phoiblí áiseanna a tháirgeadh mar gheall ar rialacha soláthair. Caithfidh siad cloí leis an iomad rialúchán, rud a ghlacann cuid mhór ama agus atá casta. D'fhéadfadh foras thuaidh/theas an scéal a fheabhsú agus a éascú.
- Ba chóir margaíocht, costas a ghearradh agus úsáid áiseanna a bheith mar chuid dhílis den soláthar.
- Aithníodh gur fachtóir í an oiliúint fosta. Mura dtugtar oiliúint do mhúinteoirí/scoileanna leis na háiseanna a úsáid, níl aon fheidhm leo.
- Iarratas féideartha ar leithdháileadh maoiniú Síochána; agus maoiniú Eorpach eile.

***TFC***

- Ba chóir tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar áiseanna ar líne
- Is furasta, trí TFC, téacsleabhair agus treoracha múinteoirí a nuashonrú.
- Aithníodh go bhfuil infheistíocht tosaigh níos mó de dhíth sa TFC.
- Is cosúil nach bhfuil rud ar bith ar fáil ar C2k don Ghaelscolaíocht. Tá gá le comhéadan ar C2k don GS agus le hoibriú amach cé na córais atá de dhíth chun é seo a ghnóthú.
- Is féidir áiseanna ar líne a úsáid ar bhonn domhanda.
- Aithnítear gur casta an scéal san iar-bhunscolaíocht óir athraíonn na hábhair

***Scrúduithe agus scrúdaitheoirí (TÉ)***

- Tá deacrachtaí ag baint le scrúdaitheoirí a aimsiú le Scrúduithe a suíodh trí mheán na Gaeilge a mharcáil.
- D'fhéadfadh ábhair chomhtháirgthe teacht de bharr cáilíochtaí i réimsí áirithe ó thuaidh is ó dheas.
- Aontaíodh gur chóir scrúduithe a mharcáil sa teanga inar suíodh an scrúdú. Glacadh leis go mbeadh maoiniú de dhíth.

***Taighde agus áiseanna***

- Tá claonadh ag taighde bheith bainteach le hanailís riachtanas ach ba chóir baint a bheith aige le polasaí .i. litearthacht.
- Tá ionad foghlaim éifeachtach de dhíth. Tá sé seo eagraithe cheana féin sa Deisceart agus b'fhéidir gurbh úsáideach é a phlé leis na 3 institiúid.

***Cúrsaí Irish/Gaeilge i scoileanna Béarla in TÉ***

- Rinneadh neamart maidir le háiseanna de sa réimse seo a dhéanann bunús gach dalta GS nach bhfuil fáil acu ar sholáthar IBS GS.

**AGUISÍN 8**

## Rátaí féideartha aistrithe bunaithe ar líon ar rolla

| PRIMARY SCHOOL | 2014 /15 | 2015 /16 | 2016 /17 | 2017 /18 | 2018 /19 | 2019 /20 | 2020 /21 | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bunscoil Bheanna Boirche | 7 | 11 | 9 | 12 | 19 | 16 | | 74 |
| Bunscoil an Iúir | 10 | 15 | 13 | 9 | 12 | 13 | | 72 |
| Gaelscoil na mBeann | 0 | 0 | 0 | 4 | 4 | 12 | | 20 |
| Our Lady and St Patrick Primary School | 11 | 7 | 13 | 13 | 13 | 15 | | 72 |
| 100% | 28 | 33 | 35 | 38 | 48 | 56 | | 238 |
| 95% | 27 | 31 | 33 | 36 | 46 | 53 | | 226 |
| 80% | 22 | 26 | 28 | 30 | 38 | 45 | | 190 |
| 68% | 19 | 22 | 24 | 26 | 33 | 38 | | 162 |

| PRIMARY SCHOOL | 2014 /15 | 2015 /16 | 2016 /17 | 2017 /18 | 2018 /19 | 2019 /20 | 2020 /21 | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaelscoil Ghleann Darach | 10 | 11 | 13 | 10 | 13 | 15 | | 72 |
| Gaelscoil an Chaistil | 13 | 10 | 12 | 6 | 9 | 13 | | 63 |
| 100% | 13 | 10 | 12 | 6 | 9 | 13 | | 63 |
| 95% | 12 | 10 | 11 | 6 | 9 | 12 | | 60 |
| 80% | 10 | 8 | 10 | 5 | 7 | 10 | | 50 |
| 68% | 9 | 7 | 8 | 4 | 6 | 9 | | 43 |

| PRIMARY SCHOOL | 2014/15 | 2015/16 | 2016/17 | 2017/18 | 2018/19 | 2019/20 | 2020/21 | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bunscoil Cholmcille | 12 | 16 | 9 | 20 | 12 | 12 | | 81 |
| Gaelscoil Uí Dhochartaigh | 24 | 20 | 13 | 18 | 23 | 20 | | 118 |
| Gaelscoil Éadain Mhóir | 20 | 19 | 15 | 17 | 16 | 14 | | 101 |
| Gaelscoil na Daróige | 4 | 4 | 12 | 10 | 10 | 11 | | 51 |
| Gaelscoil Léim an Mhadaidh | 0 | 0 | 0 | 6 | 11 | 13 | | 30 |
| 100% | 60 | 59 | 49 | 71 | 72 | 70 | | 381 |
| 95% | 57 | 56 | 47 | 67 | 68 | 67 | | 362 |
| 80% | 48 | 47 | 39 | 57 | 58 | 56 | | 305 |
| 68% | 41 | 40 | 33 | 48 | 49 | 48 | | 259 |

| PRIMARY SCHOOL | 2014/15 | 2015/16 | 2016/17 | 2017/18 | 2018/19 | 2019/20 | 2020/21 | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaelscoil Neachtain | 5 | 8 | 6 | 8 | 6 | 14 | | 47 |
| Gaelscoil na Spéiríní | 3 | 2 | 11 | 3 | 5 | 8 | | 32 |
| Gaelscoil an tSeanchaí | 0 | 0 | 8 | 9 | 12 | 18 | | 47 |
| St Brigid's Primary School Tirkane | 15 | 16 | 15 | 13 | 14 | 14 | | 87 |
| Gaelscoil Eoghain | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 13 | | 13 |
| 100% | 23 | 26 | 40 | 33 | 37 | 67 | | 226 |
| 95% | 22 | 25 | 38 | 31 | 35 | 64 | | 215 |
| 80% | 18 | 21 | 32 | 26 | 30 | 54 | | 181 |
| 68% | 16 | 18 | 27 | 22 | 25 | 46 | | 154 |

| PRIMARY SCHOOL | 2014/15 | 2015/16 | 2016/17 | 2017/18 | 2018/19 | 2019/20 | 2020/21 | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bunscoil an Iúir | 10 | 15 | 13 | 9 | 12 | 13 | | 72 |
| Christian Brothers' Primary School | 15 | 15 | 12 | 25 | 19 | 22 | | 108 |
| St Patrick's Primary School | 18 | 10 | 18 | 16 | 13 | 13 | | 88 |
| St John the Baptist Primary School | 7 | 3 | 5 | 8 | 6 | 9 | | 38 |
| St Francis Primary School | 18 | 12 | 20 | 25 | 25 | 23 | | 123 |
| 100% | 68 | 55 | 68 | 83 | 75 | 80 | | 429 |
| 95% | 65 | 52 | 65 | 79 | 71 | 76 | | 408 |
| 80% | 54 | 44 | 54 | 66 | 60 | 64 | | 343 |
| 68% | 46 | 37 | 46 | 56 | 51 | 54 | | 292 |

| PRIMARY SCHOOL | 2014 /15 | 2015 /16 | 2016 /17 | 2017/ 18 | 2018 /19 | 2019 /20 | 2020 /21 | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaelscoil na gCrann | 8 | 12 | 14 | 13 | 16 | 16 | | 79 |
| Gaelscoil Uí Néill | 20 | 25 | 26 | 23 | 20 | 24 | | 138 |
| Gaelscoil Aodha Rua | 0 | 0 | 0 | 0 | 11 | 20 | | 31 |
| St Columbkille's Primary School | 8 | 12 | 6 | 6 | 8 | 5 | | 45 |
| 100% | 36 | 49 | 46 | 42 | 55 | 65 | | 293 |
| 95% | 34 | 47 | 44 | 40 | 52 | 62 | | 278 |
| 80% | 29 | 39 | 37 | 34 | 44 | 52 | | 234 |
| 68% | 24 | 33 | 31 | 29 | 37 | 44 | | 199 |

| PRIMARY SCHOOL | 2014 /15 | 201 5/16 | 2016 /17 | 2017 /18 | 201 8/19 | 2019 /20 | 202 0/21 | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaelscoil na gCrann | 8 | 12 | 14 | 13 | 16 | 16 | | 79 |
| Bunscoil an Traonaigh | 5 | 3 | 4 | 6 | 4 | 10 | | 32 |
| 100% | 5 | 3 | 4 | 6 | 4 | 10 | | 32 |
| 95% | 5 | 3 | 4 | 6 | 4 | 10 | | 30 |
| 80% | 4 | 2 | 3 | 5 | 3 | 8 | | 26 |
| 68% | 3 | 2 | 3 | 4 | 3 | 7 | | 22 |

| PRIMARY SCHOOL | 2014/ 15 | 2015/ 16 | 2016/ 17 | 2017/ 18 | 2018/ 19 | 2019/ 20 | 2020/ 21 | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bunscoil Mhic Reachtain | 3 | 10 | 8 | 10 | 9 | 10 | | 50 |
| Bunscoil Phobal Feirste | 31 | 37 | 22 | 33 | 35 | 39 | | 197 |
| Gaelscoil na BhFál | 26 | 19 | 25 | 20 | 22 | 27 | | 139 |
| Bunscoil An tSleibhe Dhuibh | 24 | 18 | 28 | 16 | 14 | 21 | | 121 |
| Bunscoil Bheann Mhadagáin | 12 | 6 | 20 | 19 | 18 | 12 | | 87 |
| Scoil An Droichid | 21 | 14 | 16 | 18 | 19 | 22 | | 110 |
| Gaelscoil na Móna | 14 | 10 | 18 | 9 | 13 | 15 | | 79 |
| Gaelscoil an Lonnáin | 9 | 8 | 5 | 3 | 5 | 9 | | 39 |
| Gaelscoil Ghleann Darach | 10 | 11 | 13 | 10 | 13 | 15 | | 72 |
| Gaelscoil Éanna | 10 | 16 | 6 | 17 | 21 | 34 | | 104 |
| Scoil na Fuiseoige | 9 | 14 | 17 | 16 | 18 | 22 | | 96 |
| 100% | 169 | 163 | 178 | 171 | 187 | 226 | | 1094 |
| 95% | 161 | 155 | 169 | 162 | 178 | 215 | | 1039 |
| 80% | 135 | 130 | 142 | 137 | 150 | 181 | | 875 |
| 68% | 115 | 111 | 121 | 116 | 127 | 154 | | 744 |

***NB** - Tá na scoileanna a bhfuil fearann dearg acu suite ar theorainneacha dhá cheantar iar-bhunscolaíochta GS nó níos mó mar atá mionsonraithe sa Tuairisc seo. Group.*



Grúpa Comhairleach ar
Fhorbairt Straitéiseach

An Iar-Bhunscolaíocht trí Mheán na Gaeilge